

Foráis sa Bhunscolaíocht: Comhairliúchán ar Struchtúr an Churaclaim agus ar Am

Tuarascáil deiridh

Clár an Ábhair

Réamhrá	7
Réasúnaíocht maidir le hathbhreithniú ar an gcuraclam agus comhairliúchán ina leith	9
Moltaí an chomhairliúcháin	13
Formáidí comhairliúcháin	14
Torthaí an chomhairliúcháin	19
Cruinnithe déthaobhacha	20
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	20
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	24
Tuairimí agus barúlacha eile	27
Comhdháil Chomhairliúcháin	29
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	29
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	32
Cruinnithe comhairliúcháin le páistí	36
Ceistneoirí ar líne	38
Próifíl na bhfreagróirí	38
Struchtúr Churaclam na Bunscoile 1999	42
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	43
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	53
Grúpaí fócais do mhúinteoirí	59
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	59
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	60
Tuairimí agus barúlacha eile	61
Aighneachtaí i scríbhinn	63
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	63
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	71
Pointí eile ó na haighneachtaí i scríbhinn	76

Achoimre ar na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán	78
An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile	78
Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile	79
Smaointe eile ón gcomhairliúchán	80
An chéad chéim eile den obair	83
Forléargas ar churaclam athfhorbartha	83
An próiseas i dtreo forléargas ar churaclam athfhorbartha	86
Taighde	87
Obair le scoileanna agus le timpeallachtaí luath-óige	87
Comhairliúchán	87
Plé le comhpháirtithe oideachais	88
Tagairtí	89
Aguisín 1: Múnlaí incriminteacha atá molta do churaclam nua bunscoile	90
Aguisín 2: Lon machnaimh i gcomhair múnla curaclaim nua	91
Aguisín 3: Múnla molta um leithdháileadh ama i mbunscoileanna	92
Aguisín 4: Lon machnaimh i gcomhair múnla nua um leithdháileadh ama i mbunscoileanna	93
Aguisín 5: Tacaíocht don rannpháirtíocht sa chomhairliúchán	94
Aguisín 6: Ceistneoir ar líne	97
Aguisín 7: Aighneachtaí i scríbhinn lena bhfoilsíú	107

Táblaí

Tábla 1. Treoirlínte a foilsíodh ó 1999	10
Tábla 2. Na heagraíochtaí a ghlac páirt sna cruinnithe déthaobhacha	15
Tábla 3. Modh tiomsaithe sonraí, taifeadadh sonraí, agus líon na rannpháirtithe	19
Tábla 4. Ráitis faoi churaclam na bunscoile	42
Tábla 5. Sástacht leis an gcuraclam bunscoile atá bunaithe ar ábhair	43
Tábla 6. Leibhéal an chomhaontaithe faoin múnla trí chéim atá molta	44
Tábla 7. Leibhéal an chomhaontaithe maidir leis an gcuraclam a athstruchtúró ar bhonn an mhúnla trí chéim	45
Tábla 8. Leibhéal an chomhaontaithe faoin múnla dhá chéim atá molta	49
Tábla 9. Leibhéal an chomhaontaithe maidir leis an gcuraclam a athstruchtúró ar bhonn an mhúnla dhá chéim	50
Tábla 10. Leibhéal sástachta leis an gcreat ama seachtainiúil atá molta faoi láthair sa churaclam bunscoile	53
Tábla 11. Leibhéal an chomhaontaithe le moltaí maidir leis an múnla nua um leithdháileadh ama	54
Tábla 12. Bealaí éagsúla ar a n-úsáidtear am solúbtha sa scoil	55

Fíoracha

Fíor 1. Múnlaí malartacha atá molta i gcomhair curaclam nua bunscoile	30
Fíor 2. Próifíl na bhfreagróirí	38
Fíor 3. Próifíl na pátrúnachta scoile	39
Fíor 4. Próifíl na gcineálacha scoile	40
Fíor 5. Próifíl na bhfreagróirí ar an gceistneoir ar líne	41
Fíor 6. Taithí mhúinteoireachta na bhfreagróirí	41
Fíor 7. An uair a thabharfar na hábhair isteach sa churaclam	53
Fíor 8. Éileamh ar threoir nó ar thacaíocht maidir le conas is fearr am solúbtha a úsáid	56

Réamhrá

Tá athruithe suntasacha tagtha ar shochaí, geilleagar agus córas oideachais na hÉireann le roinnt blianta anuas. Bhí agus beidh 'athrú' le feiceáil sa saol i gcónaí, saol ár bpáistí san áireamh, sa scoil agus lasmuigh den scoil. Ag féachaint dúinn ar an oideachas luath-óige agus ar an mbunoideachas, ní beag é luas ná raon feidhme an athraithe sin. Cuid den chúis leis sin is ea an méadú ar éilimh agus ionchais na dtuismitheoirí, na sochaí trí chéile agus an lucht déanta beartas faoin méid is féidir leis an oideachas a dhéanamh, agus is ceart dó a dhéanamh, i dtaobh tacú leis an bhfoghlaím agus leis an bhforbairt a dhéanann páistí agus daoine óga san 21ú haois.

Ar leibhéal an churaclaim, áirítear leis an éileamh sin glaonna ar am breise a leithdháileadh do réimsí curaclaim bunscoile atá ann cheana féin agus iarratais ar réimsí nua a chur leis an gcuraclam. I ndeireadh na bliana 2009, foilsíodh *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* agus ó 2014 tugadh isteach de réir a chéile eispéireas nua sraithe sóisearaí san iar-bhunoideachas sóisearach. Léirítear leis an dá fhorbairt curaclaim sin athruithe lárnacha ar an mbeartas oideachais agus, ar deireadh thiar, eispéiris nua do pháistí óga agus do scoláirí, a fhágfaidh go mbeidh gá le hailíniú curaclaim agus leanúnachas níos fearr ar fud na gcéimeanna uile i gcóras oideachais na hÉireann ó bhlianta na luath-óige go dtí an tsraith shinsearach. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) cuireadh oscailte in 2011 do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí leasmhara a dtuairimí a thabhairt ar thosaíochtaí do churaclam bunscoile. Fuarthas 960 freagra ar fad thar thréimhse 12 mhí. San anailís ar na freagraí, leagadh béim ar shé phríomhthosaíocht a bhí ag teacht, i gcoitinne, leis na tosaíochtaí atá luaite in *Aistear* agus i gCreachuraclam na Sraithe Sóisearaí (a bhí ina dhréacht an tráth sin), agus díriodh aird ar bhealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcuraclam atá ann faoi láthair.

Dá bharr sin, agus ar chúiseanna eile a bhfuil cur síos iomlán orthu sa chéad chuid den tuarascáil seo, d'fhoilsigh CNCM moltaí a bhaineann le 'struchtúr' agus 'leithdháileadh ama' sa churaclam bunscoile i mí na Nollag 2016 agus bhain sé leas astu mar bhunús le haghaidh comhairliúchán fairsing ó Eanáir go Meitheamh 2017. Deis bhunaidh thábhachtach a bhí sa chomhairliúchán sin, an chéad deis le beagnach fiche bliain anuas chun aghaidh a thabhairt ar an gcuraclam bunscoile atá ann faoi láthair agus ceisteanna a chur, agus plé agus machnamh a dhéanamh, faoina mhéid atá sé fós 'oiriúnach dá fheidhm' agus muid ag teannadh le fichidí an 21ú haois. Bhí dhá shraith moltaí lenar cuireadh bonn eolais faoin bplé maidir le— (1) cén 'struchtúr' ba cheart a chur ar churaclam na bunscoile agus (2) conas a d'fhéadfaí 'am' a úsáid ar fud an churaclaim sna blianta romhainn. Chomh maith leis sin, thug an comhairliúchán an deis iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe níos leithne den churaclam—an próiseas

maidir lena chur i ngníomh, ról an chórais maidir le cuidiú leis an athrú sa teagasc agus san fhoghlaim agus tacú leis, ról na scoile maidir le cuidiú leis an athrú agus tacú leis, agus an ról lárnach atá ag forbairt ghairmiúil leanúnach atá ar ardchaighdeán. Baineadh leas as réimse formáidí comhairliúcháin, mór-chomhdháil chomhairliúcháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath san áireamh. Cuirfidh torthaí an chomhairliúcháin sin bonn eolais faoin gcéad chéim eile den obair chun curaclam bunscoile na hÉireann a athfhorbairt, agus tacóidh siad leis an obair sin.

Tá an tuarascáil ar an gcomhairliúchán leagtha amach ina codanna mar seo a leanas:

- Réasúnaíocht maidir le hathbhreithniú ar an gcuraclam agus comhairliúchán ina leith
- Moltaí an chomhairliúcháin
- Formáidí comhairliúcháin
- Achoimre ar na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán
- Na chéad chéimeanna eile.

Ullmhófar achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil agus foilseofar ar líne í in éineacht leis an bpríomhthuarascáil.

Réasúnaíocht maidir le hathbhreithniú ar an gcuraclam agus comhairliúchán ina leith

Foilsíodh Curaclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta) in 1999 tar éis próiseas comhairliúcháin agus plé a mhair deich mbliana, agus tá taighde, athbhreithniú agus meastóireacht curaclaim á ndéanamh air ó shin i leith. Thug an ghníomhaíocht taighde sin léargas ar bhuanna agus ar dhúshlán an churaclaim agus san am céanna díriodh aird ar an athrú atá tagtha ar an seomra ranga i rith na mblianta sin. Tá an seomra ranga i bhfad níos dinimiciúla agus níos gnóthaí anois agus bíonn múinteoirí ag freagairt d'éagsúlacht i bhfad níos mó agus iad ag cuidiú le foghlaimeoirí fás agus forbairt a dhéanamh. Le breis is deich mbliana anuas tá dul chun cinn ollmhór déanta ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a athraíonn an tslí a ndéanaimid cumarsáid lena chéile, an teacht atá againn ar eolas, an tslí a bpróiseálaimid agus a mbainistimid eolas agus an tslí a smaoinimid agus a bhféachaimid ar an saol mórthimpeall orainn. Sa tréimhse sin freisin tháinig athrú mór ar fhorais agus ar struchtúir shóisialta agus bhí borradh geilleagair ann mar aon le cúlú geilleagair ina dhiaidh agus ansin tús le borradh eile. Téann na cúinsí athraitheacha agus athraithe sin i bhfeidhm go dearfach agus go diúltach araon ar eispéiris óige na bpáistí agus ar eispéiris saoil a dteaghlach. Le scór bliain anuas tháinig athrú nach mbeag ar *ghné na ndaoine* den seomra ranga mar aon le *cinéálacha* na n-eispéireas a thugann na daoine sin leo; le linn na tréimhse sin freisin is mó agus is mó d'éilimh a rinneadh ar an gcuraclam de bharr athruithe sa tsochaí agus a mbíonn an tsochaí ag súil leis ón gcóras oideachais.

An taighde ba bhunús leis an gcuraclam in 1999, bhain sé le ré eile. Chuir sé bonn maith faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim sna bunscoileanna. In ainneoin théagar an churaclaim—dhá leabhar in aghaidh an ábhair mar aon le leabhrán eolais— measadh go raibh sé easnamhach (Sugrue, 2004). Anuas air sin, in ainneoin go raibh cur chuige a bhí dírithe ar na páistí i gcroílár fhís an churaclaim, luaigh múinteoirí *an bhéim a leagtar ar an gcreat teoiriciúil seachas ar an gcreat praiticiúil*, agus an gá a bhíonn ann le tacaíocht bhreise phraiticiúil agus úsáid á baint as acmhainní teagaisc, timpeallachtaí eagraíochtúla, straitéisí difreála, agus bealaí chun scileanna smaointeoireachta ardoird a chothú (CNCM, 2008a, lch 198). Léiríonn cuid de na riachtanais sin an chastacht atá ag teacht ar obair na múinteoirí agus iad ag tacú le gach páiste chun na foghlama agus na forbartha i seomraí ranga ina bhfuil éagsúlacht níos mó foghlaimeoirí. Mar fhreagra air sin, d'fhoilsigh CNCM treoirínte chun tuilleadh tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna i dtaca le gnéithe sonracha an churaclaim agus na measúnachta. Tugtar léargas ginearálta i dTábla 1 ar na treoirínte a foilsíodh ó 1999 i leith.

Tábla 1: Treoirínte a foilsíodh ó 1999

Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (stádas treoirínte do bhunscoileanna)	2009
Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirínte do Scoileanna	2007
Exceptionally Able Students: Draft Guidelines for Teachers	2007
Treoirínte do mhúinteoirí daltaí faoi mhíchumais ghinearálta foghlama (leabhrán foramhairc amháin ar fáil i nGaeilge)	2007
Intercultural Education in the Primary School: Treoirínte do Scoileanna	2005
English Curriculum: Additional Support Material	2005
English as an Additional Language: Guidelines for Teachers	2005
ICT in the Primary School Curriculum: Guidelines for Teachers	2004
Nuatheangacha i mBunscoileanna: Treoirínte do Mhúinteoirí	2001
Tionscadal Píolótach ar Nuatheangacha sa Bhunscoil: Treoirínte don dréachtchuraclam	1999

I rith na tréimhse sin, chuir an Chomhairle uirlisí nua ar líne le chéile freisin, ina measc an Uirlis Pleanála Curaclaim (www.nccaplanning.ie), an Gineadóir Cátaí Tuairisce (www.reportcard.ncca.ie), Uirlisí Aistear (www.ncca.ie/aistear toolkit) mar aon le hacmhainní do thuismitheoirí i dtaca le raon topaicí, lena n-áirítear *Early Literacy*, *Early Numeracy*, *Standardised Tests* agus *School Reports* (www.ncca.ie/parents). Trí leas a bhaint as fiseáin, podchraoltaí agus láithreoirí ar líne sna hábhair sin bhíodas in ann cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ar fud an churaclaim ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh nuair a bhí an curaclam á chur le chéile agus á thabhairt isteach. Cé gur iarr múinteoirí go leor de na tacaí sin chun cuidiú leo an curaclam a léirmhíniú agus a chur i ngníomh, chuir líon agus raon na gcáipéisí treorach le téagar cháipéisíocht an churaclaim lena mbíonn múinteoirí ag plé, ar dhíol imní é sin i measc múinteoirí i dtaca le dul i ngleic le gach rud mar a léiríodh sa phlécháipéis i gcomhair Chomhdháil Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann 2015: *materials continued to be prepared by the Department of Education and by the NCCA to support schools to meet their changing needs, and while useful, contributed to a sense of overload among teachers* (lch 7). Léiríonn líon na dtreoirínte a cuireadh le chéile chun cuidiú le múinteoirí agus iad ag plé le curaclam na bunscoile a chasta agus a ilghnéithí atá curaclam 1999 ó thaobh an teagaisc agus na foghlama i seomraí ranga an lae inniu, a bhfuil athrú suntasach tagtha orthu sna seacht mbliana déag atá caite ó foilsíodh an curaclam. Dúradh faoin gcuraclam: *it is a bit idealistic. It wants to fit every aspect of every subject for every student and that's just not possible* (Cumann Múinteoirí Éireann, 2015, lch 20).

Thuairiscigh múinteoirí in dhá athbhreithniú gurbh é an ró-ualach curaclaim—an iomarca le déanamh agus gan dóthain ama chuige—an chonstaic ba mhó a bhí le hábhair an churaclaim a chur i ngníomh nó le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí uile na n-ábhar (NCCA 2005; 2008a). Ina theannta sin, thuairiscigh múinteoirí nach raibh a ndóthain ama acu chun freastal ar raon riachtanas na bpáistí, go háirithe i ranganna móra, agus na riachtanais sin ag méadú de shíor. Ba in Imlitir 0056/2011 a leagadh amach na chéad chéimeanna i gcur i ngníomh na Straitéise Uimhearthachta agus Litearthachta (2011),

ina measc am breise a thabhairt don uimhearthacht agus don litearthacht, agus seans gur chuir sí leis an dúshlán a bhaineann le curaclam na bunscoile a chur i ngníomh ar an mbealach a samhlaíodh nuair a ceapadh é um 20 bliain ó shin.

Le scór bliain anuas tháinig méadú freisin ar líon an taighde a rinneadh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí i mblianta na luath-óige agus na bunscolaíochta. Tugann cuid mhaith den taighde sin léargas úr *ar an gcaoi* a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí i dtréimhse sin na hóige. In *Growing Up in Ireland*, an chéad staidéar fadama ar pháistí in Éirinn (www.growingup.ie), ina ndearnadh staidéar ar 18,000 páiste, tugtar léargas ar an bhforbairt atá páistí a dhéanamh i gcúinsí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúir agus ar an gcaoi a ndeachaigh na cúinsí sin a raibh athrú tapa ag teacht orthu, go háirithe le blianta beaga anuas, i bhfeidhm ar shaol na bpáistí. I dteannta le taighde eile, cuireann an staidéar sin ar ár gcumas dúinn eispéiris oideachais na bpáistí in Éirinn an lae inniu a fheiceáil agus a thuiscint níos fearr. Ar fud an taighde, ba ghné shuntasach amháin a bhí ann i gcónaí an caidreamh idir páistí agus a gcuid múinteoirí agus an tábhacht a bhaineann le 'caighdeán' an chaidrimh sin don teagasc agus don fhoghlaim. Tá an caidreamh sin i gcóilár an teagaisc ardchaighdeáin i mblianta na bunscolaíochta, agus tá sé sin ríthábhachtach don rath a bhíonn ar pháistí, mar a léiríonn Bryk agus Schneider (2002) agus Hattie (2012).

Mar aon le taighde nua ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus léargais nua ar eispéiris páistí i rith bhlianta na bunscolaíochta, iarradh ar CNCM a thuilleadh agus a thuilleadh 'inneachair' nua a chur le curaclam na bunscoile. Meastar go minic gur gnéithe ríthábhachtacha iad scoileanna agus an curaclam, le chéile, chun freagairt do thosaíochtaí nó do riachtanais náisiúnta agus chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na sochaí. Is léir an méid sin leis an éileamh a rinneadh ar am breise a thabhairt do réimsí atá sa churaclam cheana, amhail an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus an Corpoideachas, agus leis an éileamh a rinneadh ar réimsí nua curaclaim, amhail Códú, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic, Nuatheangacha agus Folláine. Is minic gurb é an toradh a bhíonn ar éileamh ar fhócas níos mó ar ghné faoi leith den churaclam ná tionscnaimh i réimsí ar nós na sláinte agus an chomhshaoil, ar féidir iad a leagan anuas ar an gcuraclam ina sraitheanna, rud a chuireann arís eile le braistint an ró-ualaigh curaclaim. Léiríonn na héilimh dhifriúla sin ar inneachar breise an brú a bhíonn ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus iad ag iarraidh an curaclam scríofa a chur i ngníomh do gach páiste. Fágann na héilimh sin freisin gur deacra agus gur casta a bhíonn obair CNCM i dtaca le curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt.

Le foilsiú *Litearthacht agus Uimhearthacht don Foghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (An

Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011), rinneadh tosaíochtaí an oideachais a choigeartú trí am breise a thabhairt do theagasc teangacha agus na matamaitice. Rinneadh an t-athrú sin gan an leithdháileadh ama ar fud an churaclaim a leasú. Tá an cúram ar CNCM anois comhairle a chur ar fáil i dtaca le leithdháileadh ama ar fud an churaclaim. Ar a chéad fhéachaint, ba chosúil gur tasc teicniúil é comhairle a chur ar fáil i dtaca le leithdháileadh ama agus gur furasta é a chur i gcrích. Ach an amhlaidh atá? Ar leibhéal amháin, seans nach mbeadh ann ach athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháiltí ama faoi láthair agus iad a choigeartú chun forbairtí ó 1999 i leith a chur san áireamh. I ndáiríre, ní burlaí néata nóiméad nach bhféadfaí locht a fháil orthu iad na tréimhsí ama a leithdháiltear do réimsí nó ábhair áirithe an churaclaim. Léirítear leo luachanna agus tosaíochtaí sa bhunoideachas—an méid is tábhachtach linn dár saoránaigh óga i mblianta múnlaiteacha a n-eispéireas oideachais agus an méid is mór againn féin i dtaca le forbairt agus foghlaim na bpáistí. Téann na tosaíochtaí sin i bhfeidhm, as a aithle sin, ar an gcaoi a leagtar amach an curaclam, ar an gcaoi a leithdháiltear am don teagasc agus don fhoghlaim ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim, agus ar an gcaoi a mbaintear úsáid as an am sin.

Leagadh amach clár oibre d'athchóiriú an churaclaim sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta* freisin. Thug sé sin ar CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i dtaca le teangacha (Gaeilge agus Béarla) agus ansin leis an matamaitic. Leanadh clár ama na straitéise sin, agus rinneadh an obair sin sula ndearnadh athbhreithniú ar churaclam na bunscoile trí chéile, agus sular foilsíodh *Curaclam Teanga na Bunscoile* i gcomhair ranganna ó rang na naíonán sóisearach go rang a dó ar www.curriculumonline.ie i mí na Nollag 2015. I bhfianaise go bhfuil scoileanna ag obair leis an gcuraclam nua teanga sin faoi láthair, tá moltaí á leagan amach ag CNCM anois i dtaobh athbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam na bunscoile faoi mar a sonraíodh sa *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta*.

I bhfianaise athruithe sa seomra ranga, síor-éileamh athraitheach ar eispéireas na bunscoile, curaclam plódaithe, athruithe beartais agus torthaí nua ar thaighde a rinneadh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, tá gá agus deis ann féachaint athuair ar churaclam na bunscoile agus an cheist seo a leanas a chur: *conas is féidir é a fheabhsú chun tacú le foghlaim na bpáistí sna deich mbliana atá romhainn amach?*

Moltaí an chomhairliúcháin

Cuireadh i láthair dhá rogha sa chéad sraith moltaí, inar baineadh leas as coincheap **múnla céimeanna incriminteacha**, i dtaobh conas a d'fhéadfaí curaclam athfhorbartha bunscoile a leagan amach ina gcuimseofaí an chéad dá bhliain den *Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige* (féach Aguisín 1). Léirítear leis na roghanna cén uair a thosaíonn pointí difreála an churaclaim. San áireamh sna moltaí bhí moladh i dtaobh bogadh ar shiúl ó ábhair sa luath-bhunoideachas agus téamaí a chur ina n-ionad, amhail na téamaí atá in *Aistear*, nó réimsí curaclaim leathana a chur ina n-ionad, as a n-eascródh ábhair ní b'fhaide ar aghaidh sa bhunoideachas. Bhí na hathruithe a beartaíodh ag teacht, i dtéarmaí an-leathan, le hathruithe ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí. Ní roghanna uileghabhálacha a bhí i gceist agus bhí sé i gceist leo plé a spreagadh faoin struchtúr is oiriúnaí don churaclam bunscoile. Rinneadh breithniú ar réimse ceisteanna i rith an chomhairliúcháin maidir leis an dá rogha (féach Aguisín 2).

Cuireadh i láthair sa dara sraith moltaí **cur chuige difreálach** maidir le smaoineamh ar chúrsaí ama agus am a úsáid sa lá scoile (féach Aguisín 3). Léirigh na moltaí cuid de na treochtaí agus na forbairtí idirnáisiúnta agus tá siad bunaithe ar an méid a fuarthas amach faoi eispéireas scoileanna i dtaca leis an gcreat ama seachtaine molta atá i gcuraclam 1999. Tá sé i gceist le cur chuige nua i leith am a leithdháileadh freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais foghlama páistí, mar aon le riachtanais na múinteoirí agus na scoileanna i dtaca le pleanáil, teagasc agus measúnú. Tá sé beartaithe go bhféadfadh na múinteoirí a bheith níos solúbtha i dtaca leis an úsáid a bhaineann siad as an am teagaisc chun freastal ar riachtanais na bpáistí agus riachtanais phobal uile na scoile. Is féidir leas a bhaint as an múnla atá molta i dtaobh leithdháileadh ama i gcomhar le ceachtar de na struchtúir leasaithe don churaclam bunscoile. Úsáidtear dhá chatagóir ama sa mhúnla atá molta seachas na trí chatagóir a cuireadh i láthair i gCuraclam na Bunscoile¹. Is iad an dá chatagóir a beartaíodh ná *íos-am curaclaim stáit* agus *am solúbtha*. Rinneadh breithniú ar réimse ceisteanna i rith an chomhairliúcháin maidir le leithdháileadh difreálach ama (féach Aguisín 4).

¹ Tá trí phríomhghné sa chreat ama a ghabhann le Curaclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999):

- am a leithdháiltear chun clár an phátrúin a theagasc
- íos-leithdháileadh ama molta i gcomhair gach ceann de na sé réimse eile curaclaim, mar aon le tréimhse roghnach curaclaim¹
- am a cheadaítear do shosanna agus do thionól.

Formáidí comhairliúcháin

Baineadh leas sa chomhairliúchán as raon formáidí chun tacú le rannpháirtíocht chuiditheach chríochnúil le hoideachasóirí, páistí, tuismitheoirí agus daoine den phobal faoi na moltaí maidir le struchtúr an churaclaim agus am. Bhí éagsúlacht na bhformáidí comhairliúcháin ina cúnamh maidir le saibhreas na díospóireachta, ní hamháin ar na moltaí ach ar ghnéithe eile den bhunscolaíocht, ar nós cur i ngníomh an churaclaim agus athrú oideachais, ar bhonn níos leithne. Ba iad na formáidí ná:

- Cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara
- Comhdháil chomhairliúcháin
- Cruinnithe comhairliúcháin le páistí
- Ceistneoir ar líne
- Grúpaí fócais do mhúinteoirí
- Aighneachtaí i scríbhinn.

Déantar cur síos gairid ar gach ceann díobh seo.

Cruinnithe déthaobhacha

I rith na tréimhse comhairliúcháin ó Eanáir go Meitheamh, réachtáladh cruinnithe déthaobhacha le réimse leathan grúpaí sainleasa. Sonraítear i dTábla 1 na 33 eagraíocht a ghlac páirt sna cruinnithe, ar bhonn cuiridh nó trí léiriú spéise, agus a nocht a gcuid tuairimí faoi ghnéithe de na moltaí a raibh spéis ar leith acu iontu. Roimh na cruinnithe, seoladh faisnéis chuig gach eagraíocht ina raibh cur síos ar na moltaí comhairliúcháin. Thacaigh na cruinnithe le plé, machnamh agus tráchttaireacht shuimiúil ar an dá shraith moltaí atá sa doiciméad comhairliúcháin.

Tábla 2: Na heagraíochtaí a ghlac páirt sna cruinnithe déthaobhacha

- Ag Foghlaim Le Chéile
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT)
- An Cumann Ionaid Mhúinteoirí / Oideachais in Éirinn (ATECI)
- An Foras Pátrúnachta
- An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise
- An tAonad Corpoideachais, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
- Barnardos
- Better Start, An tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta i leith na Luathbhlianta
- Bord Oideachais Eaglais na hÉireann (CIBE)
- Coláiste Hibernia
- Coláiste Mhuire gan Smál
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht
- Corpoideachas, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt Óige (PEPAYS) Éireann
- Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
- Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann (IPPEA)
- Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
- Cumann na Drámaíochta san Oideachas in Éirinn (ADEI)
- Cumann na nGnólachtaí Beaga (SFA)
- Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD)
- Early Childhood Ireland (ECI)

- Equate Ireland
- Gaeloideachas
- Institiúid Oideachais Marino
- Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Léachtóirí san Oideachas Eolaíochta, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Léachtóirí san Oideachas Eolaíochta, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Lónra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
- Ollscoil Mhá Nuad: Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas

Comhdháil chomhairliúcháin

Tionóladh comhdháil chomhairliúcháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 28 Márta agus d'fhreastail 190 toscaire uirthi. Ina measc siúd bhí múinteoirí, príomhoidí, cleachtóirí agus bainisteoirí ó earnáil na luath-óige, tuismitheoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas, agus daoine den mhórphobal. D'oscail John Hammond, Príomhfheidhmeannach CNCM, an chomhdháil agus thug Arlene Forster, an Leas-Phríomhfheidhmeannach, forbhreathnú leathan ar an gcomhairliúchán go dtí seo. Thug Fergus Finlay, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Barnardos Ireland, an spreagaitheasc, agus ansin rinne páistí, múinteoirí agus príomhoidí cur síos ar chuid dá n-eispéiris leis an gcuraclam bunscoile. Ábhar machnaimh a bhí sa mhéid sin go léir, agus ansin ghlac na toscairí páirt in dhá phléghrúpa ina ndearna siad iniúchadh mionsonraithe ar na moltaí ar struchtúr agus ar am. Ag díospóireacht phainéil san iarnóin, bhí an deis ann leanúint ar aghaidh leis an gcomhrá ar théamaí áirithe a d'eascair as seisiúin níos luaithe ag an gcomhdháil. Labhair an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D., leis na toscairí san iarnóin, agus chuir Brigid McManus, Cathaoirleach CNCM, clabhsúr ar an imeacht. Agus í á dhéanamh sin, spreag sí na toscairí chun leanúint ar aghaidh lena gcuid rannpháirtíochta sna moltaí agus sa chomhairliúchán. Tá tuilleadh eolais faoin gcomhdháil, lena n-áirítear taifeadtaí seisiúin, ar <http://www.ncca.ie/en/Conference/Time-and-Structure/Video.html>. Clúdaíodh an imeacht sna meáin, lena n-áirítear ailt san Irish Times, an Irish Examiner, láithreán gréasáin nuachta RTÉ agus clár Pat Kenny ar stáisiún raidió Newstalk.²

² <http://www.irishtimes.com/news/education/primary-school-shake-up-to-focus-on-play-led-learning-1.3028193>
<https://www.rte.ie/news/2017/0328/863272-school-religion/>

Cruinnithe comhairliúcháin le páistí

Gné thábhachtach eile den chomhairliúchán a bhí sna comhráite le páistí bunscoile. Ní raibh an obair sin dírithe go sainráite ar na moltaí comhairliúcháin ach, ina ionad sin, tugadh cuireadh do na páistí a gcuid smaointe a nochtadh faoi ábhair agus theagasc an churaclaim—an fáth gur shíl siad go raibh an scoil tábhachtach, na rudaí a thaitin leo a dhéanamh ar scoil, conas a thaitin leo foghlaim agus cad ba mhaith leo níos mó ama a chaitheamh leis. Chun tacú le páistí lena gcuid tuairimí a nochtadh, bhí CNCM ag obair le scoileanna ar bhonn leanúnach chun muinín a spreagadh agus chun caidreamh a chruthú leis na páistí. Bhí obair déanta roimhe sin san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic faoina ndeachthas i gcomhairle le páistí, agus chuir an obair sin bonn eolais faoin bpróiseas. Ghlac páistí ó cheithre scoil páirt ann, ó chomhthéacsanna scoileanna Béarla/lán-Ghaeilge, DEIS/neamh-DEIS, uirbeacha/tuaithe. Bhí cuid de na páistí sna ranganna sóisearacha, agus dream eile sna ranganna láir agus na ranganna sinsearacha. San iomlán, ghlac 34 páiste páirt sna comhráite. Lena chinntiú go raibh na páistí ag cur bonn eolais faoin bpróiseas ón tús, bunaíodh Grúpa Comhairleach um Thaighde Páistí le 17 bpáiste i scoil amháin. Ba í an aidhm a bhí ann ná go gcuideodh na páistí sin le ceapadh na gceisteanna agus na huirlisí a úsáidfí le linn an chomhairliúcháin, cé nach mbeidís féin páirteach ann.

Bunaithe ar an aiseolas ón nGrúpa Comhairleach, chuaigh CNCM i gcomhairle le páistí i Scoil Íde, Luimneach, Gaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach agus Scoil Chroí Íosa, Gaillimh. Ní dhearnadh iarracht san obair sampla ionadaíoch náisiúnta páistí a aimsiú. Is é an chaoi go raibh sé i gceist éisteacht i ndáiríre le guth na bpáistí i roinnt bheag timpeallachtaí roghnaithe. Tugadh cuairt ar na páistí dhá nó trí huair, ag brath ar chomhthéacs agus aois na bpáistí, chun muinín a chothú. Ar an gcualt dheireanach, rinneadh taifeadtaí closamhairc ar na páistí agus iad ag freagairt na gceisteanna atá luaite thuas agus a pléadh i gcuairteanna roimhe sin. Fuarthas cead na dtuismitheoirí i leith gach rannpháirtí agus thug na páistí toiliú ó bhéal.

Ceistneoirí ar líne

I gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), ullmhaíodh ceistneoir ar líne (féach Aguisín 6). Bhí an ceistneoir ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar feadh na tréimhse comhairliúcháin. Dearadh é go príomha d'oideachasóirí, chun a gcuid tuairimí gairmiúla a bhailiú mar fhreagra ar athrú curaclaim. Bhí an ceistneoir dírithe ar na trí réimse seo a leanas:

- Struchtúr agus am i gcuraclam 1999
- Na hathruithe atá molta ar churaclam na bunscoile

- Na hathruithe tá molta ar leithdháileadh ama sa churaclam bunscoile.

Bhí ceisteanna próifíle ann freisin faoi na freagróirí. Fuarthas 2,084 freagra ar fad. Mar gheall ar an gcaoi ar leagadh amach an ceistneoir, bhí na freagróirí in ann léim thar aon cheist nach raibh siad ag iarraidh a fhreagairt. D'fhág sé sin go raibh roinnt ceisteanna nár tugadh freagraí orthu. Mar shampla, d'fhreagair 1,205 (57%) freagróir ceist inar fiafraíodh ag cén pointe sa bhunscoil ar cheart an curaclam a bheith bunaithe ar ábhair, agus léim 879 (43%) freagróir thairsti. Múinteoirí ag tús nó lár a ngairme a bhí iontu siúd a d'fhreagair an ceistneoir den chuid ba mhó, agus bhí cuid mhaith freagróirí thar réimse na mblianta bunscoile.

Grúpaí fócais do mhúinteoirí

Gné thábhachtach eile den phróiseas comhairliúcháin arbh ea cruinnithe na ngrúpaí fócais le múinteoirí maidir le tacú le múinteoirí chun a gcuid tuairimí agus freagraí ar na moltaí a chur in iúl. Chuidigh an Cumann Ionaid Mhúinteoirí / Oideachais in Éirinn (ATECI) chun múinteoirí a eagrú agus a chur ar an eolas faoi chruinnithe na ngrúpaí fócais. Bhí seacht ngrúpa fócais ar siúl idir an 15 Feabhra agus 15 Márta ina raibh 48 duine páirteach, idir mhúinteoirí agus phríomhoidí—Corcaigh, Droim Conrach, Ionad Mhúinteoirí Chonamara, Luimneach, an Uaimh, Sligeach agus Port Láirge. Cuireadh seacht ngrúpa eile ar ceal mar gheall gur líon beag daoine a léirigh suim i bhfreastal orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar a chruógaí a bhíonn na scoileanna an tráth sin den bhliain nó b'fhéidir mar gheall ar an leibhéal comhairliúcháin, go ginearálta, laistigh den chóras oideachais le blianta beaga anuas. I gcás na seacht ngrúpa sin, spreagadh múinteoirí agus príomhoidí a chuir in iúl go raibh siad ar intinn acu freastal chun a gcuid tuairimí ar na moltaí a chur in iúl tríd an gceistneoir ar líne. D'eagraigh Cumann Múinteoirí Éireann agus Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha cruinnithe grúpaí fócais agus roinn siad aiseolas ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí trína gcuid cruinnithe déthaobhacha le CNCM agus, ina dhiaidh sin, trína n-aighneachtaí i scríbhinn.

Aighneachtaí i scríbhinn

Cuireadh áis ar fáil do chomhlachtaí ionadaíocha, grúpaí sainleasa agus daoine aonair chun aighneachtaí i scríbhinn a thabhairt faoi na moltaí, agus bhí fáil uirthi ar leathanach gréasáin an chomhairliúcháin. Cuireadh teimpléad ar fáil chun tacú leis na freagróirí maidir le struchtúr a chur ar fhreagra i scríbhinn ar na moltaí. Bheartaigh roinnt freagróirí struchtúr eile a úsáid. Fuarthas 107 aighneacht i scríbhinn san iomlán ar an bpost agus ar líne tríd an seoladh structureandtime@ncca.ie.

Torthaí an chomhairliúcháin

Tiomsaíodh cuid mhór sonraí de bhun fhormáidí uile an chomhairliúcháin.

Déantar achoimre i dTábla 3 ar leibhéal na rannpháirtíochta i ngach formáid chomhairliúcháin agus leagtar amach an cineál sonraí a bailíodh.

Tábla 3: Modh tiomsaithe sonraí, taifeadadh sonraí, agus líon na rannpháirtithe

Modh tiomsaithe sonraí	Taifeadadh sonraí	Líon na rannpháirtithe
Cruinnithe déthaobhacha le grúpaí sainleasa	Nótaí ar an láthair	Tionóladh 33 cruinniú déthaobhach
Comhdháil chomhairliúcháin	Nótaí ar an láthair Nótaí ó phléghrúpaí	D'fhreastail 190 duine orthu
Cruinnithe comhairliúcháin le páistí	Nótaí ar an láthair Taifeadtaí físe féintuarascála	Ghlac 34 páiste páirt iontu
Ceistneoir ar líne	Aighneachtaí féintuarascála ar líne	2,084 freagra ar an gceistneoir
Grúpaí fócais do mhúinteoirí	Nótaí ar an láthair	7 ngrúpa fócais ina raibh 48 múinteoir
Aighneachtaí i scríbhinn	Aighneachtaí ar líne agus ar pháipéar	Fuarthas 107 aighneacht i scríbhinn

Tá cur síos sa chuid seo ar na príomhthorthaí ó gach ceann de na sé fhormáid chomhairliúcháin—cruinnithe déthaobhacha, comhdháil chomhairliúcháin, cruinnithe comhairliúcháin le páistí, ceistneoirí ar líne, grúpaí fócais múinteoirí, agus aighneachtaí i scríbhinn.

Cruinnithe déthaobhacha

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Thug gach eagraíocht a cuid tuairimí agus breithnithe eolasacha maidir le láidreachtaí agus laigí na múnlaí nua curaclaim. Ina theannta sin, d'úsáid siad na cruinnithe déthaobhacha mar dheis chun na cineálacha eispéireas agus torthaí curaclaim is fearr a d'fhéadfadh tacú amach anseo le *gach* páiste *i ngach* comhthéacs scoile a mheas agus a cheistiú agus chun machnamh a dhéanamh orthu. Chuir sé sin ar a gcumas do dhaoine éagsúla ar fud na gcruinnithe déthaobhacha labhairt faoi raon luachanna agus cuspóirí curaclaim ar nós an gá go mbeadh páistí gníomhach, cruthaitheach agus go gcuirfí a ndúshlán go cuí. Ag cruinniú amháin, labhair toscairí faoi *needing to speak to wellbeing, citizenship, agency and play*. Labhair roinnt eagraíochtaí faoin tábhacht a bhaineann le scileanna réitigh fadhbanna agus smaointeoireachta criticiúla na bpáistí a fhorbairt agus a chothú agus rinne daoine eile trácht ar an ngá atá le sláinte agus leas na bpáistí a bheith ina fhócas lárnach ina n-eispéireas foghlama foriomlán. Ba mhian le daoine freisin na páistí agus na scoileanna a bheith níos infheicthe i measc phobal na háite. Thug eagraíocht amháin ar aird gur tábhachtach an rud é comhtháthú a dhéanamh ar théamaí/réimsí/ábhair an churaclaim chun curaclam a ullmhú atá leathan agus fiúntach i ndáiríre, le creat coincheapúil ina leagtar béim ar an leanúnachas in eispéireas an fhoghlaimora.

Bhí díospóireacht fhóna ann maidir leis an gcaoi a bhféadfadh agus is ceart do churaclam athfhorbartha tacú le teagasc agus foghlaim ardchaighdeán. Chun an méid sin a bhaint amach, bhí na freagróirí den tuairim go mbeadh ar struchtúr nua curaclaim tacú le raon leathan cineálacha cur chuige nuálacha teagaisc. Mhol roinnt eagraíochtaí freisin go mbainfeadh múinteoirí leas as níos mó deiseanna chun dul i mbun teagasc foirne agus comhoibriú gairmiúil, rud a d'fhéadfadh níos mó deiseanna a chothú chun a gcuid teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais foghlama na bpáistí.

Dúirt roinnt eagraíochtaí nach raibh siad ró-bhuartha faoi cé acu an múnla dhá chéim nó múnla trí chéim a bheadh i gcuraclam nua, chomh fada agus go ndéanfaí athbhreithniú agus athfhorbairt ar an gcuraclam atá ann anois chun tacú ní b'fhearr leis an leanúnachas agus chun foghlaim na bpáistí a fheabhsú sa toadhchá. Bheartaigh na heagraíochtaí sin gan rogha ar bith a thairfeadh i dtaobh na struchtúr malartach atá molta don churaclam. Tríd is tríd, ar fud na gcruinnithe déthaobhacha, b'fhearr le rannpháirtithe go mór an múnla trí chéim ná an múnla dhá chéim.

Tosaíocht do mhúnla trí chéim

Agus breithniú á dhéanamh ar an múnla trí chéim ba rogha leis na rannpháirtithe, bhraith roinnt eagraíochtaí go bhfuil dul chun cinn nádúrtha ann ó théamaí go réimsí curaclaim agus ar aghaidh chuig na hábhair. Rinneadh plé ar an ngá atá le leagan amach difriúil a bheith ar na torthaí foghlama i ngach céim agus, ar mhaithe le comhtháthú agus leanúnachas, gur gá na torthaí a bheith ceangailte leis na cinn sna céimeanna eile. Bhí an dearcadh ann i leith an mhúnla trí chéim gur mó an tsaoirse agus an tsolúbthacht a thugann sé do mhúinteoirí agus iad i mbun pleanála, teagaisc agus measúnaithe. Dúirt grúpa amháin gur fearr an múnla trí chéim má bhreithnítear an rud is fearr don pháiste; os a choinne sin, má smaoinítear ar an méid a d'oibreodh sna scoileanna, gurb é an múnla dhá chéim is fearr. Mar thaca leis an múnla trí chéim, fuarthas locht freisin ar fhad na gcéimeanna sa mhúnla dhá chéim. Dúirt eagraíocht amháin go mbíonn a lán athruithe le feiceáil i bhforbairt páiste ó rang a trí go dtí deireadh rang a sé. I measc na n-ábhar imní eile faoi mhúnla dhá chéim bhí an baol ann go bhféadfadh sé nach gcuirfí dúshlán na bpáistí i luathbhlianta na bunscoile, agus dúradh, mar shampla, *stage one is about playful experiences and stage two is about the more serious learning*.

I gcás na daoine a thacaigh leis an múnla dhá chéim ar lú an t-éileamh a bhí air, luadh an líon níos lú pointí aistrithe, rud a chuidigh leis an leanúnachas san eispéireas foghlama. *Bheadh 2-chéim níos áisiúla do phleanáil múinteoirí agus tagann sé leis an leagan amach atá ar Churaclam Teanga na Bunscoile*. Dúradh freisin go bhféadfadh sé gurbh é an múnla dhá chéim arbh éasca a chur i bhfeidhm i gcás seomraí ranga ilghráid: *Rural smaller schools may have an issue with a three-stage model from a practical point of view*. Rinneadh moladh freisin maidir le múnla dhá chéim ina mbeadh téamaí i gcéim a haon agus réimsí curaclaim, seachas ábhair, i gcéim a dó. D'iarr daoine eile, a bhí i bhfabhar comhar comhionann, solúbthacht iomlán do scoileanna maidir leis an struchtúr curaclaim a úsáideann siad. Aithnítear leis sin gur mór an difríocht atá idir comhthéacsanna scoile éagsúla agus gur fearr dá bhrí sin gur ar an leibhéal áitiúil a dhéanfaí cinntí ar nós conas mar a eagraíonn scoil an curaclam, a phleanáileann sí é agus a chuireann sí i ngníomh é.

Céim churaclaim amháin ina gcuimseofaí an dá bhliain réamhscoile agus na blianta sóisearacha bunscoile

Beag beann ar mhúnla dhá chéim nó ceann trí chéim, léirigh na freagróirí an-tacaíocht don mholadh le haghaidh céim a haon ina gcuimseofaí an dá bhliain réamhscoile agus na blianta tosaigh sa bhunscoil ag baint úsáide as na téamaí atá in *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* (2009), nó oiriúnú ar na téamaí sin, mar struchtúr curaclaim. *Is tábhachtach go mbeadh leanúnachas ann ón réamhscoil go dtí*

an bhunscoil agus nach mbeadh ábhar bunscoile á dhéanamh sa réamhscoil. Aithníodh nach raibh an cur chuige teagaisc in *Aistear* ag teacht leis an gcuraclam naíonán mar atá faoi láthair, atá bunaithe ar ábhair. Luadh go tréan i gcruinnithe déthaobhacha gur éirigh go geal le *Aistear* maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar a gcleachtas i seomra ranga naíonán, agus, ag eascairt as sin, measadh gur dearfach an rud é leas a bhaint as prionsabail agus téamaí *Aistear* i gcuraclam athfhorbartha bunscoile. Leag na freagróirí béim air nach raibh an tacaíocht atá de dhíth faighte ag na múinteoirí bunscoile, go dtí seo, maidir le bheith ag obair leis na prionsabail agus na cineálacha cur chuige atá in *Aistear* agus nach raibh acmhainní tugtha do na scoileanna chun leas a bhaint as spraoi faoi threoir páistí. Mhol daoine eile go bhféadfadh sé nach mór *Aistear* a mheas, a oiriúnú nó a athfhorbairt, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil ina leith, más rud é gur ar a bhonn a eagrófar an curaclam ó na blianta tosaigh go dtí deireadh rang a dó. Iarradh freisin go ndéanfaí meastóireacht chun cur i ngníomh *Aistear* sna réamhscoileanna a chur i gcomparáid lena chur i ngníomh sna bunscoileanna. Dhírigh roinnt eagraíochtaí aird ar na cóimheasa daltaí/múinteoirí a bheith níos airde i seomraí ranga naíonán i gcomparáid le timpeallachtaí réamhscoile. Luadh go mbaineann tábhacht i dtaobh an churaclaim le forbairt teanga ó bhéal, spraoi faoi threoir páistí, aistrithe éifeachtacha agus creat tacaíochta foghlama i luathbhlianta an bhunoideachais.

Tá na riachtanais cháilíochta faoi láthair do chleachtóirí i dtimpeallachtaí luath-óige ar leibhéal níos ísle ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ná mar atá amhlaidh i gcás múinteoirí bunscoile. Ba mhaith le roinnt eagraíochtaí go dtabharfaí aghaidh ar an difríocht sin i leith cáilíochtaí, trí ardú cáilíochta, ionas nach measfar go n-imreofar drochthionchar ar stádas agus féiniúlacht ghairmiúil na múinteoirí bunscoile atá ag obair sa chéim churaclaim chéanna le cleachtóirí luath-óige.

Ábhair a chuimsiú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Sna freagraí ó na cruinnithe déthaobhacha, léiríodh tacaíocht do chuimsiú ábhar i gcuraclam na bunscoile. Ní rabhthas ar aon intinn, áfach, faoi *cén uair* is ceart an curaclam a bheith bunaithe ar ábhair. Cheistigh roinnt eagraíochtaí na buntáistí agus an réasúnaíocht a bhaineann le foghlaim páistí a eagrú ar bhonn ábhair ar leithligh. B'fhéarr leo go dtabharfaí téamaí isteach i ranganna na naíonán agus sna ranganna sóisearacha sa bhunscoil, agus dul ar aghaidh go nádúrtha chuig réimsí curaclaim ag lár agus deireadh na mblianta bunscoile. Dar leis na heagraíochtaí sin, b'fhéarr a bheadh an struchtúr sin ag teacht leis an gcaoi a mbíonn páistí ag foghlaim. Dúirt grúpaí eile gur inmhianaithe an rud é taithí a bheith ag na páistí ar struchtúr atá bunaithe ar ábhair roimh dhul ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil, *subjects are probably no harm in the curriculum.* Mar a dúirt eagraíocht amháin, *there*

is a fear among teachers of letting go of subjects. Bhraith roinnt freagróirí nár mhór taithí éigin a bheith ag na páistí ar ábhair i mblianta deiridh na bunscoile más rud é gur curaclam bunaithe ar ábhair a bheidh rompu sa chéad bhliain iar-bhunscoile. Ní mór do na páistí a bheith ullamh don aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus tá tionchar aige sin ar *subjects at the upper end of the primary school.* Bhraith roinnt daoine go bhféadfadh sé a bheith ró-dhéanach na hábhair a thabhairt isteach i rang a cúig agus rang a sé, agus bhí fonn ar roinnt daoine na hábhair a thabhairt isteach i rang a ceathair, nó b'fhéidir i rang a trí. Thug freagróirí eile rabhadh i gcoinne na tuairime gurb é príomhfheidhm na bunscoile ná páistí a ullmhú i gcomhair na hiar-bhunscoile: *subjects at 5th and 6th will provide for primary schools turning into prep schools for post-primary. It would be a junior secondary school.* Léirigh eagraíocht amháin an tuairim nár mhian léi bunscoileanna a bheith ina *hothouse for post-primary education.*

Cheistigh roinnt grúpaí conas a dhéanfaí curaclaim nua na Matamaitice agus na dTeangacha a chomhtháthú leis na hathruithe curaclaim atá molta. Mhol siad go bhféadfaí, ar aon dul le ceithre bliana tosaigh na bunscoile, cur chuige bunaithe ar spraoi a chomhtháthú go réidh sa churaclam Teanga nua i gcomhair rang a trí go dtí rang a sé. Tháinig roinnt réimsí/ábhar curaclaim ar leith i gceist sa phlé, agus luaigh go leor rannpháirtithe go meastar go bhfuil an tOideachas Ealaíon, an Corpoideachas, an Eolaíocht, agus an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) antábhachtach sa churaclam bunscoile atá ann faoi láthair agus nár mhaith leo go ndéanfaí na réimsí curaclaim sin a bhrú amach (*squeezed out*). Bhí imní ar roinnt daoine faoin méid sin a bheith ag tarlú sna ranganna sinsearacha, agus thug roinnt eagraíochtaí le fios gurb é sin an cleachtas atá i roinnt scoileanna faoi láthair. Éilíodh go sainráite le linn cruinnithe déthaobhacha go ndéanfaí an Corpoideachas a chomhtháthú i rith an lae scoile. Bhíothas buartha gurb amhlaidh, mura n-áireofaí an Corpoideachas mar ábhar ar leithligh, go bhféadfaí é a ligean amú nó a mhaolú laistigh de théamaí leathana curaclaim. I gcruinniú déthaobhach inar féachadh go sonrath ar an Eolaíocht, bhí na freagróirí den tuairim gur chóir cloí leis na prionsabail curaclaim atá ann faoi láthair maidir le tógachas sóisialta agus modheolaíochtaí ar bhonn fiosraithe ionas go mbeadh deiseanna ag na páistí a gcuid eolais agus scileanna eolaíochta a fhorbairt.

Tacaíocht do scoileanna maidir le struchtúr nua curaclaim bunscoile a chur i ngníomh

Leagadh béim mhór i mbeagnach gach plé déthaobhach ar théamaí na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) do mhúinteoirí agus na tacaíochta don cheannaireacht. Ba léir do na freagróirí go dteastódh forbairt ghairmiúil leanúnach, a bheadh leanúnach agus pleanáilte, lena chinntiú go ndéanfaí athrú buan, éifeachtach ar chleachtas, eolas agus muinín na múinteoirí ar mhaithe le curaclam athfhorbartha bunscoile a thabhairt isteach. Cuireadh spéis i conas a d'fhéadfaí struchtúr curaclaim

nua a bhainistiú, agus dúirt freagróir amháin *CPD needs to focus on understanding an emergent and inquiry-based curriculum*. Léiríodh imní freisin faoi leibhéal na tacaíochta, na hacmhainneachta agus na treorach leanúnaí a gheobhadh scoileanna agus múinteoirí ionas go n-éireodh leo na hathruithe atá leagtha amach sna moltaí a chur i ngníomh. Bhí tagairt ann freisin do cheannaireacht i gcomhair athraithe, lena n-éilítear inniúlachtaí i measc lucht bainistíochta na scoileanna i dtaobh an nuálaíochta a threorú agus na dúshláin atá rompu a shárú.

Tuiscint chomhroinnte ar théamaí, topaicí, comhtháthú, réimsí curaclaim agus ábhair

Pléadh úsáid agus tuiscint téarmaí sa chomhairliúchán i gcruinnithe déthaobhacha éagsúla. Iarradh soiléiriú níos fearr maidir le húsáid téarmaí ar nós 'téamaí', 'ábhair', 'réimsí curaclaim' agus 'ábhair churaclaim'. Moladh sna cruinnithe nár mhór na téarmaí sin a chíoradh, a shainiú agus samplaí díobh a thabhairt ionas go bhféadfadh daoine léargas níos fearr a fháil orthu mar mhodh eagraithe curaclaim. Labhair roinnt eagraíochtaí faoi thuiscint níos fearr a bheith ag teastáil ó dhaoine ar an téarma 'curaclam', ar choincheap 'curaclam comhtháite' agus ar 'teagasc comhtháite'. Ní mór curaclam comhtháite a mhíniú ionas nach bhfuil débhríocht ar bith i gceist. Measadh go raibh sé tábhachtach freisin go dtabharfaí tacaíocht do mhúinteoirí maidir le curaclam comhtháite a phleanáil agus a mhúineadh. Dar le roinnt freagróirí, d'éileodh sé sin cur chuige comhtháite maidir le teagasc a bheith leabaithe i gcúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí agus i bhfoghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí. Ar an gcaoi chéanna, níor mhór an cíoradh céanna a dhéanamh ar théarmaí cosúil le 'curaclam atá ag teacht chun cinn' agus 'curaclam ar bhonn fiosraithe'. Thairis sin, ba léir ar fud na gcruinnithe déthaobhacha go raibh tuiscintí éagsúla ar *Aistear* i gcomhthéacs bunscoile agus rinneadh tagairt do *doing Aistear, the Aistear hour* agus *the Aistear room*. Ach soiléiriú a dhéanamh ar na téarmaí tábhachtacha a úsáideadh sna moltaí comhairliúcháin agus sna pléití comhairliúcháin, chuideofaí leis an obair a dhéanfar amach anseo ar an gcuraclam bunscoile agus chuirfí bonn eolais fúithi.

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Ar an iomlán, bhí meon dearfach ann i leith na moltaí maidir le leithdháileadh nua ama: *it's needed and overdue (to) give autonomy back to schools and provide for professional discretion*. Agus na moltaí á mbreithniú, mhol roinnt eagraíochtaí go mbeadh sé ina chúnadh soiléiriú níos mó a dhéanamh ar an méid atá i gceist le 'íos-am curaclaim stáit'. Go ginearálta, tugadh le fios san aiseolas go dtugann na moltaí solúbthacht níos mó do scoileanna chun freagairt dá gcuid comhthéacsanna scoile féin. Faoin

múnla ama atá i bhfeidhm sna scoileanna cheana maidir le leithdháileadh ama, d'fhéadfadh easpa leanúnachais a bheith le sonrú in eispéireas na bpáistí leis an gcuraclam. Rinne roinnt eagraíochtaí idirdhealú idir múnlaí leithdháilte ama mar a thuairiscítear sa bheartas agus mar a úsáidtear am i ndáiríre sa seomra ranga, agus dúirt siad gurb é an rud is tábhachtaí ná an chaoi a n-úsáideann múinteoirí am lena chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama ardchaighdeán ag na páistí. Cuireadh in iúl an tuairim go mbeadh leithdháileadh nua ama ina *huge challenge, a mind shift, agus school leadership needs to be confident to reconceptualise how we think about time*. Cé go bhfuil solúbthacht ag teastáil, áfach, shíl na freagróirí go raibh treoir de dhíth: *there needs to be guidance on time allocations*.

Níos mó deiseanna do mhúinteoirí chun breithiúnas gairmiúil a dhéanamh

Laistigh den íos-am curaclaim stáit, leag na heagraíochtaí béim ar dheiseanna do mhúinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid agus leas a bhaint as a gcruthaitheacht, agus luaigh go leor grúpaí go gcothaíonn sé sin neamhspleáchas gairmiúil an mhúinteora chun cinntí a dhéanamh bunaithe ar riachtanais agus eolas áitiúil. Chuirfí fáilte roimh laghdú ar na riachtanais atá ann faoi láthair maidir le pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach na múinteoirí. Chomh maith leis sin, mhothaigh go leor freagróirí sna cruinnithe go gcuirfeadh múinteoirí fáilte go fóill roimh leithdháileadh ama in aghaidh na seachtaine nó na coicise i gcomhair na Matamaitice, an Bhéarla agus na Gaeilge mar atá leagtha amach sna moltaí comhairliúcháin. Mheas na freagróirí gur bhain tábhacht ar leith leis sin i gcás ranganna na naíonán agus ranganna sóisearacha. Bhí iarrataí soiléire ann freisin ó eagraíochtaí/grúpaí sainleasa a bhíonn ag obair i réimse an Chorpoideachais go gcuirfí leis an íos-am seachtainiúil i leith an ábhair sin ar fud na bunscoile, rud a rachadh chun tairbhe na bpáistí ó thaobh sláinte choirp agus ó thaobh na gné acadúla.

Chuir freagróirí sna cruinnithe fáilte roimh leithdháiltí míosúla ama i gcomhair théamaí, réimsí nó ábhair eile an churaclaim. Aithníodh an tairbhe atá le baint as leithdháiltí míosúla ama maidir le modhanna teagaisc agus foghlama téamacha agus luaigh a lán freagróirí an deis i gcomhair eispéiris foghlama níos faide agus níos seasta, agus an deis bogadh ar shiúl ó na 'seomraí ranga faoi bhrú ama' a bhíonn le sonrú i roinnt scoileanna. Ina theannta sin, dúirt roinnt freagróirí go bhféadfaí a áireamh in eispéiris foghlama ní ba sheasta *the opportunity for children to spend more time outdoors learning about plants and Science*. Ar an gcaoi chéanna, dúirt roinnt eagraíochtaí go bhféadfadh na scoileanna, ach na leithdháilí míosúla agus an t-am solúbtha a úsáid le chéile, curaclaim áitiúla a fhorbairt lena léireofaí an pobal a bhfuil siad ina gcuid lárnach de, agus iad ag freastal ar riachtanais na bpáistí go léir an tráth céanna.

Imní faoin gcuraclam iomlán a bheith á theagasc go rialta do na páistí

Léirigh roinnt grúpaí go raibh imní orthu go bhféadfadh sé nach ndéanfaí teagasc rialta ar théamaí/réimsí curaclaim/ábhair lasmuigh de Theangacha agus an Mhatamaitic. D'eascair an imní sin óna mhéid a d'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar na leithdháiltí míosúla ama go roghnódh roinnt múinteoirí gan téamaí/réimsí/ábhair áirithe a mhúineadh ach uair amháin sa mhí, rud a laghdódh an mhinicíocht a mbeadh eispéiris curaclaim ar leith ag na páistí, agus a d'fhágfadh ní ba dheacra é aonaid foghlama chomhtháite ar fud an curaclaim a phleanáil: *The Christmas play could become drama for the term – a very narrow experience for children.*

Luaigh líon beag eagraíochtaí go bhféadfadh sé go mbeartódh scoileanna áirithe ábhair a chur faoi chúram daoine lasmuigh d'fhoireann na scoile (*farm out subjects*). Tugadh rabhaidh go bhféadfadh 'saineolaithe' seachtracha dul i dtír ar an am teagaisc. Bhí roinnt daoine den tuairim gur mar sin atá cheana féin i roinnt scoileanna agus cuireadh fainic nár mhór an cur chuige sin a sheachaint ionas go mbeadh eispéireas leathan foghlama ag na páistí ó mhúinteoir bunscoile cáilithe atá ag obair laistigh den scoil.

Easpa comhsheasmhachta idir na moltaí le haghaidh leithdháileadh ama curaclaim agus struchtúir luath-óige

Bhí roinnt eagraíochtaí den tuairim maidir leis na moltaí i gcomhair leithdháileadh nua ama nach léirítear leo struchtúir luath-óige (*do not reflect early childhood structures*). Chun an pointe sin a léiriú, díriodh aird ar an leithdháileadh seachtainiúil ama don Mhatamaitic, don Bhéarla agus don Ghaeilge, ábhair nach bhfuil leagtha amach in *Aistear*. Bhíothas den tuairim gur chóir go mbeadh na hábhair sin feadh eispéiris foghlama an pháiste agus nár cheart leithdháileadh ama ar leith a bheith acu i seomra ranga luath-óige: *Children's learning is not divided into time for Mathematics, Language and so on. If any distinction is made it should be a distinction between group work or individual time.*

Meon dearfach tríd is tríd i leith am solúbtha i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Ar an iomlán, measadh gur rud dearfach é an t-am solúbtha cé gur ceistíodh úsáid an fhocail 'solúbtha' i roinnt cruinnithe. Moladh 'leithdháileadh seach-churaclaim' ina ionad. Luaigh roinnt eagraíochtaí deiseanna do pháistí chun dul i bhfeidhm ar a n-eispéireas oideachasúil trí réimsí curaclaim nó tionscadail spéise a roghnú le linn am solúbtha. Dúirt ceannaire scoile go bhféadfadh am solúbtha

cuidiú le soghluaisteacht na múinteoirí ar fud na scoile, mar shampla, d'fhéadfaí am a leithdháileadh do mhúinteoirí (*freed up*) a bhfuil saineolas acu i réimsí áirithe chun a bheith ag obair le páistí i ranganna éagsúla. Cheistigh roinnt eagraíochtaí an lipéad *am solúbtha* féin agus cheistigh siad an áit atá aige *within an experiential context and inquiry-based learning*. Ardaíodh an cheist maidir le cion an ama sholúbtha a athrú, ag brath ar an gcéim ag a bhfuil na páistí ar scoil.

Comhpháirteanna sonracha an ama sholúbtha

Díríodh aird ar leith sna cruinnithe déthaobhacha ar dhá ghné den am solúbtha atá molta—clár an phatrúin agus sosanna agus am áineasa. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoin áit a mbeadh ag clár an phatrúin i gcuraclam athfhorbartha. Chuir roinnt eagraíochtaí fáilte roimh chlár an phatrúin a bheith san am solúbtha, rud a d'fhágfadh am breise le haghaidh tionóil scoile agus searmanais nó ócáidí ceiliúrtha a raibh baint acu le cúrsaí creidimh. Ina theannta sin, léiríodh inní go bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar stádas chlár an phatrúin de bharr é a bheith scartha ón gcuid eile den churacclam. Bhí dearcadh éagsúil ag daoine eile, a léirigh inní go gcuirfí am breise ar fáil do chlár an phatrúin laistigh den am solúbtha agus gur lú an méid ama a bheadh ag comhpháirteanna eile san am solúbtha dá réir. I measc na bpointí eile a rinneadh, bhí inní ar thuismitheoirí faoin méid mór ama a thugtar do chlár an phatrúin faoi láthair, agus éilíodh an clár a bhogadh taobh amuigh den lá scoile.

I gcás sosanna agus am áineasa, rinne eagraíochtaí tagairt don tábhacht a bhaineann leo do pháistí agus do mhúinteoirí araon. Agus an pointe á dhéanamh acu, luaigh roinnt daoine na *Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta*. Iarradh go ndéanfaí am áineasa agus sosanna a chosaint. D'iarr roinnt eagraíochtaí nach dtabharfaí aon rogha ina leith sin mar go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh air gur lú na deiseanna áineasa a bheadh ag páistí. Mhol siad go bhféadfaí sosanna agus amanna áineasa a chosaint trí gan iad a áireamh san am solúbtha agus leithdháileadh ama ar leith a thabhairt dóibh.

Tuairimí agus barúlacha eile

Le linn comhráite, moladh go bhféadfaí eispéireas oideachais a sholáthar sna bunscoileanna ina mbeadh teagmháil le gnólachtaí áitiúla i gceist, agus deiseanna chun nuatheangacha iasachta a fhoghlaim.

Pléadh i gcruinniú déthaobhach an fhéidearthacht go gcuirfí páistí i **dteagmháil le gnólachtaí áitiúla** ina bpobal. Luadh go bhféadfadh daoine gnó áitiúla, ag a raibh raon éagsúil scileanna agus eolais, cuidiú go mór le páistí agus múinteoirí i dtaobh éascú do dheiseanna meantóireachta agus líonraithe.

D'fhéadfadh na páistí leas a bhaint as eispéiris foghlama nua a d'fhéadfadh cur lena gcuid cruthaitheachta agus lena gcuid scileanna fiontraíochta agus scileanna réitigh fadhbanna.

Luadh an tábhacht a bhaineann le **nuatheangacha iasachta** i gcuraclam athfhorbartha freisin. Rinneadh tagairtí don Tionscnamh um Nuatheangacha Iasachta sa Bhunscoil a raibh baint ag roinnt bunscoileanna leis go dtí 2012. Léirigh roinnt eagraíochtaí agus daoine aonair gur spéis leo nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach arís chun eispéireas foghlama níos saibhre agus níos éagsúla a chothú do pháistí.

I measc téamaí agus smaointe eile bhí folláine, saoránacht, dúshlán na bpáistí a chur go cuí, agus an úsáid is fearr a bhaint as comhshaol an cheantair.

Comhdháil Chomhairliúcháin

Ag an gComhdháil Chomhairliúcháin ar an 28 Márta, bhí an deis ag na toscairí na moltaí le haghaidh comhairliúcháin maidir le struchtúr agus am i gcuraclam athfhorbartha bunscoile a mheas, a phlé agus freagra a thabhairt orthu. Chun plé saibhir suimiúil a éascú, roinneadh na toscairí ina sé ghrúpa ag obair i seomraí ar leithligh, inar roinneadh arís iad ina ngrúpaí oibre níos lú. Mheas na toscairí na moltaí maidir le 'struchtúr' i seisiún plé amháin agus na moltaí maidir le 'am' i seisiún eile. Chun cuidiú leis na babhtaí plé a threorú, iarradh ar na grúpaí oibre freagra a thabhairt ar shraith ceisteanna a bhaineann leis na moltaí agus, trí rapóirtéir, taifead scríofa a dhéanamh ar phríomhphointí ón bplé. Seo a leanas forléargas ar na torthaí ó na pléghrúpaí.

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

D'fhreagair na toscairí na ceisteanna seo a leanas maidir leis na moltaí a bhaineann le struchtúr.

- Sna moltaí, cuirtear i láthair múnla dhá chéim nó múnla trí chéim mar struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile. Cé acu múnla díobh sin is ceart a úsáid, más ceachtar acu?
- Ar chóir dúinn leanúint ar aghaidh ag úsáid ábhar? Más ceart, ó cén rang ar aghaidh?
- Cén foghlaim, nach n-áirítear i gcuraclam 1999, is ceart a chur san áireamh i gcuraclam athfhorbartha bunscoile?
- Conas a d'fhéadfaí spás a chruthú ionas gur féidir foghlaim nua a chur san áireamh?

Sna moltaí, cuirtear i láthair múnla dhá chéim nó múnla trí chéim mar struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile. Cé acu múnla díobh sin is ceart a úsáid, más ceachtar acu?

Thapaigh na toscairí an deis chun na buntáistí agus na dúshláin a mheastar atá ag gabháil leis an dá mhúnla incriminteacha atá molta a cheistiú, a phlé agus a shoiléiriú. Rinne roinnt grúpaí trácht ar an acmhainn atá sa dá mhúnla chun cuidiú le páistí dul chun cinn de réir a chéile ó chéim amháin go ceann eile. Thug daoine eile ar aird nár dóigh go n-oirfeadh ceachtar múnla do gach comhthéacs scoile agus go bhféadfadh *pigeon holing* ar mhúinteoirí i gcéimeanna sonracha a bheith ina thoradh ar thabhairt isteach na gcéimeanna difriúla. Ina measc siúd arbh fhearr leo an múnla dhá chéim, mheas siad gurbh fhurasta é a chur i ngníomh, agus gurbh fhearr a chothódh sé meon an phobail scoile. Moladh gur fearr a luíonn an múnla dhá chéim le cás na seomraí ranga ilghráid. Ina gcás siúd arbh fhearr leo an múnla trí chéim, bhí an dearcadh acu ina leith gur contanam oideachais é ina bhfuil níos mó deiseanna

i gcomhair fhoghlaim na bpáistí a chur chun cinn. Cé nach rabhthas ar aon intinn maidir le cé acu ceann den dá mhúnla is fearr a oireann do churaclam bunscoile, tugann an anailís tosaigh le fios gur mó an bhá atá ag daoine leis an múnla trí chéim ach go bhfuil tuairimí éagsúla acu maidir le pointí tosaigh agus críochnaithe gach múnla mar atá léirithe i bhFíor 1 thíos.

Dá mba mhian leis na toscairí é, d'fhéadfaidís múnlaí malartacha a mholadh le haghaidh athstruchtúráil a dhéanamh ar churaclam na bunscoile. Léirítear i bhFíor 1 ocht gcur chuige mhalartacha. Úsáidtear dhá nó trí chéim iontu den chuid is mó agus níor moladh ach an t-aon mhúnla amháin ina n-úsáidtear ceithre chéim. Clúdaíonn an múnla ceithre chéim an tréimhse ón mbreith go 13 bliana. Rinneadh moladh amháin eile i dtaobh céim naíonán trí bliana. Níor léirigh na freagróirí conas a d'fhéadfadh na múnlaí feidhmiú. Ní dharna siad ach samplaí a sholáthar.

Fíor 1: Múnlaí malartacha atá molta i gcomhair curaclam nua bunscoile

0 – 3 bliana	3 – 7 mbliana	8 – 10 mbliana	11 – 13 bliana
<i>Aistear</i> Suas go dtí rang a dó	Réimsí curaclaim Rang a trí agus rang a ceathair	Ábhair Rang a cúig agus rang a sé	
Téamaí Réamhscoil – Rang a haon	Réimsí curaclaim Rang a dó, a trí agus a ceathair	Ábhair Rang a cúig agus rang a sé	
Téamaí Naíonán shóisearacha – Rang a dó	Réimsí curaclaim Rang a trí agus rang a ceathair	Ábhair Rang a cúig agus rang a sé	
<i>Aistear</i> Réamhscoil – Rang a dó	Réimsí curaclaim (ina gcoinnítear roinnt sainmhodhanna teagaisc i leith ábhar) Rang a trí – Rang a sé		
<i>Aistear</i> Naíonán shóisearacha – Rang a ceathair Nó Téamaí agus réimsí Naíonán shóisearacha – Rang a dó	Rang a cúig agus rang a sé Ábhair Réimsí curaclaim Rang a trí – Rang a sé		
Téamaí <i>Aistear</i> Aois 3 – 8/9	Réimsí curaclaim 10/11 – 12/13		
Clár naíonán trí bliana: Naíonán shóisearacha, Naíonán láir agus Naíonán shinsearacha			

Ar cheart dúinn leanúint ar aghaidh ag úsáid ábhar? Más ceart, ó cén rang ar aghaidh?

Ní raibh na toscairí ar aon fhocal maidir lena mbeadh i ndán do na hábhair i gcuraclam athfhorbartha bunscoile. Thacaigh go leor de na toscairí go mór le coinneáil na n-ábhar i mblianta deireanacha na bunscoile, i rang a cúig agus rang a sé, *as they give security while linking upper primary with first year in post-primary school*. Chuir na toscairí ceist, dá mba rud é nach gcoinneofaí na hábhair a thuilleadh, *then what would the provision look like?* Ina theannta sin, mhol roinnt toscairí gur cheart tabhairt isteach na n-ábhar a chur siar go dtí an iar-bhunscoil, agus cheistigh siad an raibh ábhair riachtanach in aon chor. Ar an iomlán, tacaíodh go mór le hábhair a choinneáil i mblianta deireanacha churaclam na bunscoile agus le torthaí foghlama agus forbairt scileanna a shainiú go soiléir laistigh de shonraíochtaí ábhair. Cé nach rabhthas ar aon fhocal faoi cén uair agus cén áit ar cheart an curaclam a eagrú ar bhonn ábhar, aontaíodh go mbainfeadh fiúntas le curaclam incriminteach athfhorbartha. Labhair na toscairí faoin tábhacht a bhaineann lena bheith níos soiléire faoi bhrí an téarma *réimsí curaclaim* agus faoin ghá atá le breis soiléireachta i leith na difríochta idir *réimsí curaclaim* agus *ábhair churaclaim*.

Cén fhoghlaim, nach n-áirítear i gcuraclam 1999, is ceart a chur san áireamh i gcuraclam athfhorbartha bunscoile?

Tugadh an-chuid freagraí éagsúla ar an gceist sin. Luaigh roinnt pléghrúpaí códúchan, litearthacht mhothúchánach, nuatheangacha iasachta, agus Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic. Cé nach raibh siad chomh mór faoi thrácht, luadh spraoi trí mheán na bunscoile, foghlaim ar bhonn fiosraithe agus scileanna smaointeoireachta ardoird chomh maith.

Conas a d'fhéadfaí spás a chruthú ionas gur féidir foghlaim nua a chur san áireamh?

Agus freagra á thabhairt ar an gceist faoin gcaoi a bhféadfaí spás a chruthú chun réimsí foghlama nua a chur leis an gcuraclam, rinne toscairí tagairt do dheiseanna níos mó agus do thacaíocht níos mó do chomhtháthú fóna sa churaclam. Thug roinnt toscairí ar aird go bhféadfadh comhtháthú éifeachtach go bhféadfaí leas a bhaint as níos mó cineálacha cur chuige a bheadh bunaithe ar théamaí agus ar ábhair i gcomhair foghlaim na bpáistí. D'éiligh toscairí freisin go laghdófaí inneachar an churaclaim agus nach mbeadh sé leagtha síos ar shlí chomh docht. Ghlac roinnt grúpaí an deis chun a phlé céard a bheadh i ndán don Cheol agus don Drámaíocht i gcuraclam athfhorbartha bunscoile. Bhí roinnt tacaíochta ann d'athchóiriú na Drámaíochta ionas gur mhodheolaíocht seachas ábhar a bheadh inti. Moladh an cur chuige céanna i leith an cheoil ach is grúpa níos lú toscairí a bhí i gceist sa chás sin.

Léirigh pléghrúpaí eile go raibh inní orthu faoina raibh i ndán do na hábhair sin sa churaclam bunscoile. Mhol grúpa amháin aon ábhar amháin a dhéanamh den Stair agus an Tíreolaíocht le chéile.

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

D'fhreagair na toscairí na ceistanna seo a leanas maidir leis na moltaí a bhaineann le ham.

- An aontaíonn tú le haicmiú ama ina íos-am curaclaim stáit agus am solúbtha?
- Ag smaoineamh ar 'inneachar' an dá chatagóir, an cuí an leithdháileadh ama faoina gcaitear 60% den lá scoile ar 'íos-am curaclaim stáit' agus 40% de ar 'am solúbtha'?
- Ar cheart go mbeadh méid difriúil ama á leithdháileadh ar an Matamaitic agus ar chéad Teanga agus dara Teanga na scoile ag brath ar an gcéim churaclaim a bheadh i gceist?
- Ar cheart leithdháiltí ama a shonrú don chuid eile den churaclam? Más amhlaidh atá, ar cheart é sin a bheith in aghaidh na seachtaine, na míosa, an téarma nó na bliana?
- Cé mhéad den tseachtain scoile is ceart a bheith ar fáil do scoileanna lena úsáid mar a roghnaíonn siad féin? Cén chaoi a bhféadfadh scoileanna an t-am sin a úsáid?

Tháinig roinnt pointí chun solais sna pléghrúpaí. Ina measc siúd bhí an gá atá le muinín as múinteoirí agus neamhspleáchas a bheith acu maidir leis an gcaoi a roghnóidh siad am a leithdháileadh laistigh den lá scoile. Bhraith na toscairí go mbeadh leithdháiltí ama sholúbtha úsáideach go háirithe sna ranganna sóisearacha chun soláthar a dhéanamh d'fhoghlaim théamach, foghlaim ar bhonn fiosraithe agus foghlaim faoi threoir na bpáistí. Leag roinnt pléghrúpaí béim air freisin go measann siad go bhfuil an iomarca ama á leithdháileadh faoi láthair do Theangacha agus don Mhatamaitic agus gur gá ordlathas ábhar a sheachaint.

I measc na bpointí eile a rinneadh arís is arís bhí:

- fonn a bheith ar dhaoine go gcuirfí leis an leithdháileadh ama seachtainiúil i gcomhair an Chorpoideachais;
- gurbh fhearr le daoine leithdháiltí in aghaidh na míosa ná leithdháiltí in aghaidh na seachtaine, an téarma nó na bliana i leith gach réimse curaclaim agus gach ábhar seachas Teangacha agus an Mhatamaitic;
- amhras faoi shosanna, am áineasa agus clár an phatrúin a bheith san am solúbtha.

An aontaíonn tú le haicmiú ama ina íos-am curaclaim stáit agus am solúbtha?

Tríd is tríd, d'aontaigh na toscairí le roinnt an ama scoile sa dá chatagóir sin. Ina theannta sin, aontaíodh gur chóir na leithdháiltí ama a chur i láthair mar threoirlínte seachas mar riachtanais. Bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir le teidil na gcatagóirí féin. Bhraith roinnt pléghrúpaí go raibh an téarma 'íos-am curaclaim stáit' míchuí mar gur tugadh le fios ann gur leis an stát eolas. Cé gur tacaíodh leis an gcoincheap maidir le ham solúbtha a sholáthar do na scoileanna, ba é tuairim na bhfreagróirí tríd is tríd é go bhféadfadh sé nach raibh na gnéithe a moladh san am solúbtha chomh solúbtha sin i ndáiríre; go háirithe sosanna agus clár an phátrúin. Bhí tacaíocht láidir ann don am lánroghnach a thabhairt isteach arís sna scoileanna agus mhol roinnt grúpaí an t-am lánroghnach a bheith ina chuid den íos-am curaclaim stáit. Leagadh béim ar sholúbthacht níos mó maidir le ham a leithdháileadh sna ranganna sóisearacha, go háirithe, chun tacaíocht ní b'fhearr a thabhairt don fhoghlaim théamach, faoi threoir na bpáistí.

Mhol roinnt pléghrúpaí trí chatagóir ama a bheith ann seachas dhá chatagóir—íos-am curaclaim stáit, am solúbtha, agus gach am eile nach bhfuil solúbtha, is é sin, sosanna agus clár an phátrúin. I measc na roghanna eile a moladh bhí am lánroghnach, íos-am curaclaim stáit agus 'réimsí eile'.

Ag smaoineamh ar 'inneachar' an dá chatagóir, an cuí an leithdháileadh ama faoina gcaitear 60% den lá scoile ar íos-am curaclaim stáit agus 40% de ar am solúbtha?

Éilíodh athshainiú a dhéanamh ar 'am solúbtha' mar fhreagra ar an gceist sin freisin. Bhraith roinnt pléghrúpaí gur ghá na sosanna a chur i gcatagóir ar leithligh chun léiriú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leo do pháistí sa lá scoile.

Thug roinnt pléghrúpaí ar aird an tábhacht a bhaineann leis an gcuraclam maidir le tacú le múinteoirí mar ghairmithe chun cinntí a dhéanamh maidir le conas a úsáidtear am ina gcuid seomraí ranga. Sa chomhthéacs sin, d'éiligh siad go ndéanfaí níos mó ama a áireamh mar am solúbtha. Pointe eile a pléadh ná go ndéanfaí am leithleach a leithdháileadh do gach scoil chun an fhoghlaim a chur in oiriúint dá comhthéacs ar leith féin.

Ar cheart go mbeadh méid difriúil ama á leithdháileadh ar an Matamaitic agus ar chéad Teanga agus dara Teanga na scoile ag brath ar an gcéim churaclaim a bheadh i gceist? Más ceart, conas a dhéanfaí é sin?

Mar fhreagra ar an gceist sin, léirigh roinnt pléghrúpaí go raibh imní orthu faoi leithdháiltí seachtainiúla a bheith á dtabhairt don Mhatamaitic agus do Theangacha áit a mbeadh leithdháiltí ní b'fhadtéarmaí ag ábhair eile nó réimsí curaclaim eile. Cheistigh na grúpaí sin a mhéid a d'fhéadfaí an cur chuige sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs eispéireas curaclaim do pháistí a bheadh leathan agus cothrom. Cheistigh roinnt pléghrúpaí an t-am a leithdháileadh ar an nGaeilge agus d'fhiafraigh siad an bhféadfadh an leithdháileadh sonrath sin a bheith solúbtha. Ina theannta sin, cheistigh na grúpaí sin ar cheart caitheamh leis an nGaeilge mar *chroí-ábhar* ó thaobh ama.

Bhí dearcadh oscailte ag na toscairí maidir le leithdháiltí difriúla ama a bheith ann de réir mar a théann páistí chun cinn sa bhunscoil agus, ag an am céanna, d'fhiafraigh siad cá bhfaighfí an t-am sin.

Ar cheart leithdháiltí ama a shonrú don chuid eile den churaclam? Más amhlaidh atá, ar cheart é sin a bheith in aghaidh na seachtaine, na míosa, an téarma nó na bliana?

Rinneadh tagairt arís don ordlathas a bhraitear atá sna hábhair sa phlé a d'éirigh ón gceist sin. Tríd is tríd, b'fhéarr leis na grúpaí leithdháiltí in aghaidh na míosa ná leithdháiltí in aghaidh an téarma nó na bliana, agus leag siad tábhacht lena bheith in ann pleanáil sheachtainiúil a dhéanamh. Dúirt roinnt toscairí arís gur cheart leithdháileadh seachtainiúil a bheith ag an gCorpoideachas ionas go mbainfeadh na páistí an tairbhe ba mhó as an ábhar sin.

Cé mhéad den tseachtain scoile is ceart a bheith ar fáil do scoileanna lena úsáid mar a roghnaíonn siad féin?

Bhí tacaíocht láidir ann do bhreis ama a thabhairt do scoileanna lena úsáid mar a roghnaíonn siad féin. D'fhéadfadh úsáid an ama sin léiriú níos fearr a dhéanamh ar luachanna, ar éiteas agus ar chomhthéacs gach scoile. Measadh freisin go mbeadh gá le treoir agus tacaíocht maidir le pleanáil do chomhthéacs gach scoile, go háirithe agus an beart sin á chur i ngníomh ar dtús.

Cén chaoi a bhféadfadh scoileanna an t-am sin a úsáid?

Rinneadh go leor moltaí maidir le conas a d'fhéadfadh scoileanna an t-am sin a úsáid. Ina measc siúd bhí siúlóidí dúlra, obair thionscadail, ceolchoirmeacha agus nuatheangacha iasachta. Luaigh na toscairí freisin go bhféadfaí an t-am sin a úsáid chun tionscnaimh éagsúla a reáchtáil sna scoileanna amhail *Friends for Life* nó baint amach na mbratach. Cuireadh béim freisin ar *Sheachtain na Gaeilge* agus ar *Sheachtain an Chairdis*.

Aiseolas ginearálta

Le linn na ndíospóireachtaí grúpa maidir leis an dá shraith moltaí, léirigh toiscairí an dearcadh go mbeadh tacaíocht, acmhainní, infheistíocht agus FGL nach beag de dhíth ar scoileanna agus múinteoirí chun athruithe ar struchtúr churaclam na bunscoile agus an leithdháileadh ama a dhéantar ann a chur i ngníomh agus a chothú. Bheadh gá freisin le hathrú agus leasú a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí mar fhreagra ar athruithe ar an gcuraclam. Cuireadh an tuairim sin in iúl arís le linn an phlé painéil. I measc na réimsí eile ar díriodh orthu i gcomhair tuilleadh machnaimh bhí neamhspleáchas an mhúinteora agus eolas gairmiúil an mhúinteora maidir le bheith ag obair le curaclam athfhorbartha, agus an cóimheas ard daltaí le múinteoirí atá i réim faoi láthair i seomraí ranga bunscoile.

Bhí meon dearfach ag daoine tríd is tríd i leith *Aistear* mar chreat curaclaim do na réamhscoileanna agus do luathbhlianta na bunscoile. Mhóthaigh na toiscairí go bhféadfaí athfhorbairt a dhéanamh ar *Aistear*, mar chreat curaclaim do chéim a haon, agus é a úsáid i ranganna eile chomh maith leis an dá rang naíonán. Léirigh an plé sin tuairim ghinearálta na dtoscairí gur dócha gur mó an gá atá le hathrú ar an gcuraclam i mblianta tosaigh na bunscoile ná sna blianta deiridh. Chomh maith leis sin, luaigh roinnt toiscairí cúinsí atá ann faoi láthair a d'fhéadfadh bac a chur ar an obair i dtreo céim churaclaim chomhleanúnach lena gclúdófaí na blianta réamhscoile agus na luathbhlianta bunscoile—leibhéil éagsúla chumarsáide eatarthu, éagsúlacht i dtaobh cineál agus leibhéal cáilíochtaí agus cleachtais churaclaim éagsúla.

Cruinnithe comhairliúcháin le páistí

Mar a luadh roimhe seo, ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a threoraigh an comhairliúchán tosaigh seo le páistí ó rang na naíonán sóisearach go dtí rang a sé: *Cén fáth a dtagann tú ar scoil? Cad is maith leat a fhoghlaim? Conas is maith leat foghlaim?*

Cuspóir na scoile

Nuair a fiafraíodh díobh cén fáth a bhfreastalaíonn siad ar an scoil, luaigh na páistí trí phríomhchúis— an gá le foghlaim, an gá le cairde a dhéanamh, agus an tábhacht a bhaineann le hoideachas le haghaidh na fostaíochta amach anseo.

I gcás páistí i ranganna na naíonán, bhain cuid mhór de na freagraí le tábhacht na scoile chun deis foghlama a thabhairt dóibh, nó mar a dúirt páiste amháin, *to get smart*. Léiríonn an ráiteas seo a leanas an dearcadh a bhí i réim: *We need to learn stuff...if we don't know what parents know we can go to school and the teacher will teach us.*

Tugadh freagraí ní ba chaolchúisí i measc na bpáistí sna hardranganna agus ba mhó an suntas a tugadh do chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha an oideachais. Léirigh páiste i rang a dó tábhacht na scoile maidir le naisc shóisialta a chruthú: *if you're a grown up and if you don't go to school and if you don't meet any friends you won't have any*. Chuir páiste as rang a sé in iúl go soiléir an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leis an scoil agus dúirt go ndeachaigh na páistí ar scoil ionas *gur féidir linn post a fháil nuair atá muid níos mó agus is féidir linn airgead a fháil nuair atá muid níos sine*.

Ábhar agus modhanna teagaisc

Ní nach ionadh, nuair a fiafraíodh díobh céard is maith leo a fhoghlaim agus conas is maith leo foghlaim, thug na páistí freagraí éagsúla ar fud na réimsí aoise. I gcás fhormhór na bpáistí i ranganna na naíonán, ní dhearna siad idirdhealú idir an dá cheist sin. Luadh dathú, líníocht, scríbhneoireacht agus cóipeáil (ó chlár bán, mar shampla). Ba lú an seans go luafaí ábhair shonracha nó réimsí curaclaim cé go ndúirt páiste amháin gur thaitin an Ghaeilge agus an Mhatamaitic leis agus dúirt páiste eile gur thaitin *Gaeilge stories* léi. Labhraíodh go dearfach faoin obair i ngrúpaí a raibh páiste amháin ar a son *because then you're not lonely and you have some friends to talk to*. Ba léir go raibh am leagtha síos do na páistí gach lá le haghaidh 'foghlaím trí spraoi' agus labhair gach páiste sa rang áirithe sin faoin am sin ar bhealach dearfach. Thaitin an t-am sin le páiste amháin *'cos there's loads of fun stuff to do and there (are) like magnetic polydrons and...there is role play*.

Ba mhó an claonadh a bhí ann i measc páistí níos sine labhairt faoi ábhair shonracha agus réimsí curaclaim. Luaigh na páistí an mhatamaitic cúpla uair mar réimse a thaitin leo. Ní nach ionadh, thaitin an Ealaín agus an Corpoideachas le go leor de na páistí agus bhí fonn orthu breis ama a chaitheadh leo. I gcás páiste amháin, thug an Corpoideachas an deis di sos a ghlacadh ó réimsí foghlama struchtúrtha, agus dá bhrí sin, ba mhian léi tabhairt faoi níos minice i rith an lae; *ba mhaith liom níos mó corpoideachas i lár na ceachtanna so is féidir linn sos a thógáil ó na rudaí*. Labhraíodh faoi na hAmharcealaíona mar am ciúin inar féidir le páistí a rud féin a dhéanamh agus luaigh beirt pháistí nach raibh freagraí cearta ná míchearta i gceist, rud a chuir go mór leis an taitneamh a bhain siad as an ábhar.


Nuair a fiafraíodh díobh conas is maith leo a bheith ag foghlaim, luaigh na páistí i rang a dó scríobh, leabhair a úsáid agus an iPad a úsáid. Bhí na smaointe céanna sin ag cuid de na páistí i rang a sé agus luaigh cuid eile acu gur maith leo foghlaim ag na stáisiúin nó cluichí a úsáid sa seomra ranga, *Is maith liom a bheith ag foghlaim nuair a tá muid ag like déanamh stáisiúiní agus rudaí, so is féidir leat rudaí difriúil ag gach stáisiún*.

Ceistneoirí ar líne

Próifíl na bhfreagróirí

As measc an 2,084 ceistneoir ar líne, tugadh sonraí próifíle in 1,059 díobh³. Mar a léirítear i bhFíor 2, múinteoirí bunscoile arbh ea 645 duine, príomhoide nó leas-phríomhoide bunscoile arbh ea 205 duine, oideachasóirí luathbhlianta arbh ea 15 duine, múinteoirí faoi oiliúint arbh ea 26 duine, oideachasóirí san earnáil ardoideachais arbh ea 24 duine, múinteoirí iar-bhunscoile arbh ea dáréag agus bhí príomhoide/leas-phríomhoide iar-bhunscoile amháin ina measc freisin. Léirigh an 120 freagróir eile a bpost nó a seasamh faoi láthair mar 'eile' lena áiríodh taighdeoirí, tuismitheoirí, seantuismitheoirí, baill den phobal agus múinteoirí ar scor.


Fíor 2: Próifíl na bhfreagróirí



As an 1,059 freagróir, bhí 983 duine (92.26%) ag obair i dtimpeallacht ina múintear trí Bhéarla, 76 duine (7.74%) ag obair i dtimpeallacht lán-Ghaeilge agus, astu siúd, bhí 27 duine (3.02%) ag obair i scoileanna sa Ghaeltacht.


³ Mar a luadh roimhe seo sa tuarascáil, ní raibh na ceisteanna sa cheistneoir ar líne éigeantach agus mar sin d'fhéad na freagróirí a roghnú cé na ceisteanna ar mhian leo iad a fhreagairt.

Fíor 3: Próifíl na pátrúnachta scoile




Mar atá leagtha amach i bhFíor 3, astu siúd a bhí ag obair i scoileanna, bhí 826 duine (78%) ag múineadh i scoil Chaitliceach; 58 duine (5.48%) i scoil atá faoi choimirce Eaglais na hÉireann, scoil Phreispitéireach, scoil Mhoslamach nó scoil Ghiúdach; bhí 73 duine (6.89%) ag obair i scoil ilchreidmheach agus bhí 102 duine (9.63%) sa chatagóir 'eile'. I gcás fhormhór na ndaoine a shonraigh 'eile' dúirt siad nach raibh feidhm ag an gceist seo ina leith nó gur thuismitheoir nó múinteoir ar scor iad.

Fíor 4: Próifíl na gcineálacha scoile




Mar a léirítear i bhFíor 4, bhí formhór na bhfreagróirí (763, 72.05%) ag múineadh i scoileanna ingearacha agus ba i leith scoileanna DEIS a tugadh 185 (17.47%) de na freagraí. As an 133 duine (12.56%) a roghnaigh 'eile', áiríodh lena gcuid freagraí aonaid um neamhoird de chuid speictream an uathachais, réamhscoileanna, scoileanna príobháideacha táille, institiúidí tríú leibhéal agus timpeallachtaí ilghráid.

Fíor 5: Próifíl na bhfreagróirí ar an gceistneoir ar líne



Mar a léirítear i bhFíor 5, rinneadh ionadaíocht ar gach leibhéal ranga, lena n-áirítear Tús Luath (22, 2.16%), i measc na bhfreagróirí a bhí ag obair i mbunscoileanna. As measc an 194 duine (19.04%) a d'fhreagair mar 'eile', príomhoidí riaracháin, múinteoirí iar-bhunscoile, múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí atá ag obair in aonaid oideachais speisialta a bhí i gceist lena bhformhór.

Fíor 6: Taithí mhúinteoireachta na bhfreagróirí



I gcás fhormhór na bhfreagróirí, **748 duine (70.6%)**, ba mhúinteoirí iad atá ag tús a ngairme nó ina lár, agus taithí faoi bhun 15 bliana acu. Ba sa raon 16-20 bliain a bhí an ráta freagartha b'íse, **115 (10.8%) freagróir**.

Struchtúr Churaclam na Bunscoile 1999

Mar a léirítear i dTábla 4, d'aontaigh formhór na ndaoine (1,509 duine, 72.41%), go láidir go raibh forluí mór i gceist thar réimsí curaclaim, go bhfuil an iomarca ábhar i gcuraclam na bunscoile (1,508 duine, 72.36%) agus go bhfuil dúshláin le sárú maidir le nascadh agus comhtháthú sa churaclam (1,314 duine, 63.05%). I measc mhúinteoirí na naíonán sóisearach (59.53%) agus mhúinteoirí na naíonán sinsearach (58.23%), d'aontaigh céatadán beagán níos mó daoine leis an ráiteas sin. Ní raibh na freagróirí chomh cinnte céanna faoin leibhéal leanúnachais idir *Aistear* sa réamhscoil agus sa bhunscoil agus dúirt 409 duine (19.63%) nach raibh a fhios acu. Aontaíodh nó aontaíodh go láidir i measc múinteoirí ag leibhéal ranga éagsúla go bhfuil an iomarca ábhar sa churaclam faoi láthair: múinteoirí na naíonán sóisearach (80.36%), múinteoirí na naíonán sinsearach (81.65%), múinteoirí rang a dó (70.89%), múinteoirí rang a ceathair (76.38%) agus múinteoirí rang a sé (80.58%).

Tábla 4: Ráitis faoi churaclam na bunscoile

Léirigh cé mhéad a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoin gcuraclam bunscoile reatha trí thic a chur i mbosca amháin ar gach líne.					
Roghanna Freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go láidir	Níl a fhios agam
Tá cuid shuntasach den ábhar céanna ina bhfuil á fhoghlaim ag páistí sna réimsí curaclaim sa churaclam bunscoile reatha.	416 (19.96%)	1093 (52.45%)	401 (19.34%)	61 (2.93%)	113 (5.42%)
Tá dúshláin ann ó thaobh nascadh agus comhtháthú leis an gcuraclam reatha.	309 (14.83%)	1005 (48.22%)	577 (27.69%)	97 (4.65%)	96 (4.61%)
Tá leanúnachas i dtaithí foghlama na bpáistí trí <i>Aistear</i> sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (blianta réamhscoile saor in aisce) agus an curaclam bunscoile reatha.	174 (8.35%)	797 (38.24%)	476 (22.84%)	228 (10.94%)	409 (19.63%)
Tá an iomarca ábhar sa churaclam reatha.	875 (41.99%)	633 (30.37%)	428 (20.54%)	106 (5.09%)	42 (2.02%)

Léirigh freagróirí go soiléir go bhfuil siad míshásta leis an struchtúr atá ar churaclam na bunscoile, ina bhfuil 11 ábhar, faoi láthair, agus chuir 1,233 duine (59.17%) in iúl go raibh siad míshásta nó an-mhíshásta (féach Tábla 5).

Tábla 5: Sástacht leis an gcuraclam bunscoile atá bunaithe ar ábhair

Ar an iomlán, conas a rangófá struchtúr an 11 ábhar sa churaclam bunscoile reatha?				
Roghanna freagra	An-sásta	Sásta	Míshásta	An-mhíshásta
	100 (4.8%)	751 (36.04%)	1,038 (49.81%)	195 (9.36%)

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Múnla trí chéim

Agus iad ag smaoineamh ar an múnla trí chéim, bhí meon dearfach ag na freagróirí maidir leis an nasc idir an réamhscoil agus an bhunscoil i gCéim 1 agus d'aontaigh 1,226 duine (77.94%) leis an ráiteas nó d'aontaigh siad go láidir. San iomlán, d'aontaigh 75.97% de na freagróirí ar múinteoirí iad, nó d'aontaigh siad go láidir, go mbeadh sé ina chúnaimh do pháistí ó thaobh dul in oiriúint don fhoghlaim i mbunscoil dá mbeadh an Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige agus an dá rang naíonán cumhdaithe faoi chéim 1. Ina dteannta sin, d'aontaigh 72.62% de mhúinteoirí naíonán sóisearach agus 68.36% de mhúinteoirí naíonán sinsearach, nó d'aontaigh siad go láidir, go bhféadfaí feabhas a chur ar leanúnachas an churaclaim ach an Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige agus an dá rang naíonán a chumhdach faoi chéim 1. Bhí múinteoirí naíonán sóisearach (80.36%) agus múinteoirí naíonán sinsearach (82.28%) den tuairim go bhfuil cur chuige téamach, atá bunaithe ar théamaí *Aistear*, an-oiriúnach do mhúineadh páistí i ranganna naíonán. Ní raibh na freagróirí chomh cinnte gurb é rang a haon an t-am is fearr chun réimsí curaclaim a thabhairt isteach, agus bhí 688 duine (43.74%) ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas sin. Cé gur aontaigh go leor daoine go bhfuil tairbhe le baint as trí chéim a bheith sa churaclam maidir le héascú d'fhoghlaim aoisoiriúnach, aithníodh na dúshláin a bhaineann leis an múnla sin do sheomraí ranga ilghráid, agus bhí 1,239 duine (78.76%) ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir leis an ráiteas sin mar atá leagtha amach i dTábla 6.

Tábla 6: Leibhéal an chomhaontaithe faoin múnla trí chéim atá molta

Léirigh cé mhéad a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoin gcuraclam bunscoile 3 chéim trí thic a chur i mbosca amháin ar gach líne.					
Roghanna Freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go láidir	Níl a fhios agam
Cuidíonn an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (dhá bhliain réamhscoile saor in aisce) agus an dá rang naíonán agus iad a bheith mar chéim 1 le páistí dul i dtaithe ar an bhfoghlaim i dtimpeallacht bhunscoile.	481 (30.58%)	745 (47.36%)	159 (10.11%)	97 (6.17%)	91 (5.79%)
D'fhéadfadh an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (blianta réamhscoile saor in aisce) agus an dá rang naíonán, agus iad a bheith mar chéim 1, feabhas a chur ar leanúnachas an churaclaim.	378 (24.03%)	779 (49.52%)	192 (12.21%)	94 (5.98%)	130 (8.26%)
Tá cur chuige téamach, bunaithe ar théamaí <i>Aistear</i> , an-oiriúnach do mhúineadh páistí i ranganna naíonán.	589 (37.44%)	677 (43.04%)	122 (7.76%)	54 (3.43%)	131 (8.33%)
Is é rang 1 sa bhunscoil an t-am is fearr le réimsí curaclaim, amhail OSIE, na hEalaíona, etc. a thabhairt isteach.	174 (11.06%)	514 (32.68%)	467 (29.69%)	318 (20.22%)	100 (6.36%)
Cuideoidh an cur chuige bunaithe ar ábhair i ranganna 5 agus 6 le daltaí dul i dtaithe ar an iar-bhunscoil.	428 (27.21%)	874 (55.56%)	129 (8.20%)	52 (3.31%)	90 (5.72%)
Éascaítear cleachtas oideolaíoch aoisoiriúnach (e.g. cur chuige bunaithe ar chluichí, foghlaim ghníomhach, foghlaim bunaithe ar thionscadail, etc.) le trí chéim a bheith sa churaclam.	342 (21.74%)	821 (52.19%)	191 (12.14%)	98 (6.23%)	121 (7.69%)
Chuirfeadh múnla trí chéim ar chumas múinteoirí a gcuir chuige theagaisc i leith riachtanais na ndaltaí éagsúla a leasú níos fusa.	236 (15.00%)	630 (40.05%)	314 (19.96%)	146 (9.28%)	247 (15.70%)
Cruthóidh múnla trí chéim dúshlán áirithe i seomra ranga ilghráid.	776 (49.33%)	463 (29.43%)	160 (10.17%)	38 (2.42%)	136 (8.65%)
Cuirfidh múnla trí chéim dúshlán bhreise roimh mhúinteoirí agus iad ag tacú le páistí ó thaobh dul i dtaithe ar chuir chuige éagsúla atá bainteach le gach céim ar leith.	446 (28.35%)	598 (38.02%)	310 (19.71%)	43 (2.73%)	176 (11.19%)

Tríd is tríd, agus iad á mheas an raibh an múnla trí chéim ina bhealach cuí chun an curaclam a struchtúrú, d'aontaigh 915 duine (58.17%) as an 1,573 freagróir, nó d'aontaigh siad go láidir, leis an

ráiteas sin, agus bhí 404 duine (25.69%) ann a d'eaontaigh nó a d'eaontaigh go láidir (féach Tábla 7).

Tábla 7: Leibhéal an chomhaontaithe maidir leis an gcuraclam a athstruchtúró ar bhonn an mhúnla trí chéim

Cé mhéad a aontaíonn tú gur bealach cuí a bheadh ansin chun an curaclam a leagan amach?					
Roghanna freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go láidir	Níl a fhios agam
	175 (11.13%)	740 (47.04%)	229 (14.56%)	175 (11.13%)	254 (16.15%)

Cuireadh dhá cheist cháilíochtúla ar na freagróirí maidir leis an múnla trí chéim.

Céard iad na láidreachtaí a cheapann tú atá sa churaclam bunscoile 3 chéim atá molta?

Tháinig trí phríomhthéama chun cinn maidir leis na láidreachtaí atá sa churaclam bunscoile trí chéim atá molta—na buntáistí a mheastar a bhaineann le cineálacha cur chuige téamacha, comhtháite, dul chun cinn nádúrtha idir na céimeanna, agus an leanúnachas i bhfoghlaim na bpáistí. Tugtar tuilleadh sonraí thíos faoi gach ceann díobh sin.

Úsáid thairbheach a bhaint as cineálacha cur chuige foghlama téamacha, comhtháite

Léirigh na freagróirí meon an-dearfach maidir le heispéireas foghlama níos bunaithe ar théamaí, níos solúbtha agus níos comhtháite a bheith á fáil ag páistí faoin múnla trí chéim. Measadh go mbaineann tairbhe ar leith leis an bhfoghlaim aoisoiriúnach atá bunaithe ar spraoi i gCéim 1 agus go n-oireann sí d'fhorbairt na bpáistí ag an gcéim sin dá bhforbairt shóisialta, dá bhforbairt coirp agus dá bhforbairt chognaíoch. Braitheadh, toisc gan ábhair ar leithligh a bheith sa churaclam i gCéim 1 agus Céim 2, gur lú plódaithe an t-eispéireas curaclaim a bheadh ag páistí agus a gcuid múinteoirí suas go dtí deireadh rang a ceathair. Measadh go spreagfadh an struchtúr curaclaim atá molta i gCéim 2, ag baint úsáid as réimsí curaclaim, foghlaim a bheadh an-chomhtháite agus an-nuálaíoch. Dar le roinnt freagróirí, d'fhéadfadh sé sin eispéireas níos oiriúnaí a sholáthar do pháistí. Ina theannta sin, bhí freagróirí i bhfabhar pleananna ranga a fhorbairt ina léireofaí curaclam ní ba chomhtháite, rud a d'fhágfadh gur lú an seans go mbeadh ar mhúinteoirí déileáil le *severe content overload*. Tríd an gcur chuige sin maidir leis an bpleanáil, ní bheadh sé de cheangal ar mhúinteoirí cuntas a thabhairt ar gach ábhar gach coicís. Mar a dúirt freagróir amháin, *a more thematic approach allows for integrated and meaningful learning rather than a focus on ticking boxes to fulfil all subject requirements*. Measadh gur mhaith an rud é an 'méid' ineachair sa churaclam bunscoile a laghdú agus mhol freagróirí go bhféadfaí é sin a bhaint

amach trí chur chuige maidir le hábhair a chomhtháthú i gCéim 3. Níl sé soiléir ó shonraí an cheistneora cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na freagróirí sin ag moladh go leanfaí le réimsí curaclaim go dtí rang a sé seachas ábhair a bheith ann.

Forbairt agus difreáil nádúrtha

Cuireadh fáilte roimh an smaoineamh go mbeadh gach céim i bhfoghlaim an pháiste éagsúil agus difreálach. D'aithin freagróirí an dul chun cinn nádúrtha ó théamaí go réimsí curaclaim go hábhair; rud a chruthódh leanúnachas foghlama feadh contanaim, agus na páistí ag dul chuig an mbunscoil, ag dul chun cinn trí bhlianta na bunscoile agus ag aistriú amach aisti. Bhí siad ina fhabhar sin. Mhol freagróirí go gcuirfí ar chumas na múinteoirí cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama a bheadh aoisoiriúnach agus éagsúil a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i ngníomh laistigh de chéimeanna a bhí difreálte go soiléir. Leagtar béim leis sin ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna do mhúinteoirí a gcuid breithiúnais agus eolais ghairmiúil a fhorbairt chun eispéiris foghlama dhúshlánacha, shuimiúla a fhorbairt do gach páiste.

Leanúnachas an eispéiris foghlama

Chuir a lán daoine fáilte roimh an aistriú ó ábhair sa churaclam atá molta i gCéim 1. Mhothaigh freagróirí go mbeadh leanúnachas na n-eispéireas luathfoghlaime a bhíonn ag páistí sa réamhscoil agus sa bhunscoil, le tacaíocht ó chreat curaclaim amháin, ina chúnaimh do na páistí agus iad ag aistriú ó thimpeallacht amháin go dtí an chéad cheann eile. Thug na freagróirí ar aird an tábhacht a bhaineann leis sin maidir le foghlaim na bpáistí sa réamhscoil a aithint agus a dhearbhu, agus maidir le tacú le foghlaim níos mó faoi threoir na páistí sa bhunscoil. Bhí an dearcadh ag na freagróirí i leith Céim 2 gur dhul chun cinn nádúrtha ó Céim 1 a bhí inti, trína bhféadfaí coinneáil le solúbthacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht na múinteoirí de réir mar a dhéanfaí leathnú ar réamhfoghlaime na bpáistí. Bheadh curaclam bunaithe ar ábhair i gCéim 3 ina dhroichead tábhachtach idir deireadh na bunscoile agus tús an oideachais iar-bhunscoile. Luaigh freagróirí go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh air sin go mbeadh páistí ag fágáil rang a sé agus iad ní b'ullmhaithe i dtaobh na gné sóisialta agus na gné acadúla don aistriú go dtí an chéad bhliain. Bhunófaí cosán leanúnachais ón réamhscoil chuig an mbunscoil chuig an iar-bhunscoil le líon níos lú 'léimeanna' sa mhéid agus sa chaoi a mbíonn páistí ag foghlaim.

Céard iad na dúshláin a cheapann tú atá sa churaclam bunscoile 3 chéim atá molta?

Tháinig trí phríomhthéama chun cinn maidir le breithniú a dhéanamh ar na dúshláin a ghabhann leis an múnla trí chéim atá molta—tacaíocht agus acmhainní do scoileanna, áit na n-ábhar agus an tionchar ar na múinteoirí. Tugtar tuilleadh sonraí thíos faoi gach ceann díobh sin.

Tacaíocht agus acmhainní do churaclam nua ar an leibhéal áitiúil

Cheistigh roinnt freagróirí an gá agus an cuspóir atá le struchtúr nua curaclaim. Agus é sin á dhéanamh acu, leag siad béim ar dhúshláin phraiticiúla a bheadh roimh scoileanna maidir le struchtúr nua a úsáid. Rinne siad tagairt freisin don ghá atá le hathruithe ar oideachas tosaigh agus oideachas leanúnach múinteoirí, agus don ghá a bheadh le caiteachas breise chun acmhainní a chur ar fáil do scoileanna maidir le *Aistear* a chur i ngníomh. Luadh easpa maoinithe agus acmhainní do scoileanna mar fhadhb i dtaobh athchóiriú an churaclaim. Thug roinnt freagróirí léargas praiticiúil air sin agus iad ag trácht ar líon na ndaltaí i rang bunscoile i gcomparáid le cóimheasa réamhscoile, agus an dúshlán a bheadh ag gabháil leis na cóimheasa faoi na múnlaí atá molta. Cuireadh imní in iúl freisin maidir le múnla trí chéim a chur i bhfeidhm i scoileanna beaga ina bhfuil ranganna ilghráid. Moladh go bhféadfadh sé nach cuí cur chuige uilíoch amháin a chur i bhfeidhm agus nár mhór aird ní ba mhó a thabhairt ar mhéid agus ar chomhthéacs na scoileanna aonair. Léiríodh imní mhór faoin ngá a bheadh le pleanáil iomarcach chun curaclam trí chéim a chur i ngníomh agus a chothú.

Áit na n-ábhar

Is cosúil gur aontaigh freagróirí go mbainfí tairbhe as cur chuige bunaithe ar ábhair i mblianta deiridh na bunscoile i gcás páistí atá ag aistriú chuig an iar-bhunscoil. Bhí imní éigin ann go bhféadfadh tabhairt isteach na n-ábhar i rang a cúig agus rang a sé (Céim 3) a bheith ró-dhéanach sa churaclam bunscoile; rud a thabharfadh le fios gur ag an bpointe sin a thosaíonn na páistí 'ag foghlaim i gceart'. Dúirt na freagróirí go soiléir go gcaithfí a chinntiú le hathfhorbairt ar bith ar an gcuraclam go mbeadh an fhoghlaim dúshlánach agus suimiúil go leor do na páistí go léir chun *dumbing down of the curriculum* a sheachaint. Léiríodh imní gurb amhlaidh, murach ábhair a bheith ann, nach mbeadh an deis ag na páistí dul i ngleic le scileanna agus eolas riachtanach. Luaigh roinnt freagróirí go bhféadfadh go mbeadh méid neamhréireach eolais faoi inneachar na n-ábhar le feiceáil i gCéim 3. Ní rabhthas ar aon fhocal faoin bpointe cuí sa churaclam inar cheart ábhair a thabhairt isteach.

Tionchar ar mhúinteoirí

D'aithin freagróirí go hiomlán go mbeidh ról lárnach ag múinteoirí maidir le struchtúr nua curaclaim a chur i ngníomh. Dá bhrí sin, leagadh béim mhór ar an ngá atá le deiseanna leordhóthanacha don fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíocht do mhúinteoirí maidir le múnla trí chéim a chur i ngníomh. Léiríodh imní faoi leibhéal na ndeiseanna foghlama gairmiúla a bheadh ar fáil do mhúinteoirí i gcomhthéacs athchóiriú an churaclaim.

Bhí imní ar fhreagróirí freisin go bhféadfadh sé gur lú an méid soghluaisteachta a bheadh ag múinteoirí idir céimeanna agus go bhféadfaí múinteoirí a shamhlú le céim ar leith. Luaigh freagróirí go bhféadfadh deacracht a bheith ag múinteoirí maidir le bogadh idir céimeanna i scoil; bheadh orthu dul in oiriúint do theicnící agus cleachtais teagaisc áirithe laistigh de chéim.

Luaigh freagróirí freisin, i gcás Chéim 1, go bhféadfaí féiniúlacht ghairmiúil mhúinteora sa todhchaí a laghdú nó go bhféadfaí an bonn a bhaint dá stádas (*undermined*) mar gheall ar leibhéal níos ísle cáilíochta a bheith ag teastáil ó chleachtóirí réamhscoile. Luadh sna freagraí freisin an tábhacht a bhaineann le tacaíocht ó na múinteoirí, muinín a bheith acu, dea-mheon a bheith acu agus athrú meoin a bhaint amach ina measc.

Múnla dhá chéim

Agus iad ag smaoineamh ar an múnla dhá chéim, ba lú an fonn a bhí ag na freagróirí Céim 1 a leathnú chuig rang a dó: bhí 467 duine (38.75%) ann a d'eaontaigh nó a d'eaontaigh go láidir leis an moladh sin (féach Tábla 8), i gcomparáid le díreach 256 duine (11.96%) a d'eaontaigh leis an moladh maidir le Céim 1 a leathnú go dtí ranganna na naíonán amháin. Bhí tacaíocht láidir ann do churaclam bunaithe ar ábhair ó rang a trí go rang a sé agus léirigh 799 duine (66.31%) a dtacaíocht don mholadh sin. Mar a bhí amhlaidh i gcás an mhúnla trí chéim, bhraith freagróirí go láidir go bhféadfadh curaclam a bheadh bunaithe ar ábhair tacú le dul chun cinn chuig an iar-bhunscoil, áit a bhféadfadh sé go dtacódh curaclam a bheadh bunaithe ar théamaí le foghlaim na bpáistí i luathbhlianta na bunscoile. Dhealraigh sé gur lú na dúshláin a bhí ag gabháil leis an múnla dhá chéim don seomra ranga ilghráid agus d'aontaigh 752 duine (62.41%) gur mar sin a bheadh, i gcomparáid le 1,239 freagróir (78.76%) a léirigh an bharúil chéanna faoin múnla trí chéim.

Tábla 8: Leibhéal an chomhaontaithe faoin múnla dhá chéim atá molta

Léirigh cé mhéad a aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoin gcuraclam bunscoile 2 chéim atá molta trí thic a chur i mbosca amháin ar gach líne.					
Roghanna Freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go láidir	Níl a fhios agam
Cuidíonn sé le páistí dul i dtaithí ar an bhfoghlaim i dtimpeallacht bunscoile go bhfuil an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (dhá bhliain réamhscoile saor in aisce), an dá rang naíonán agus ranganna a haon agus a dó mar chéim 1.	203 (16.85%)	455 (37.76%)	332 (27.55%)	135 (11.20%)	80 (6.64%)
Feabhsaíonn sé leanúnachas sa churaclam nuair atá an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (dhá bhliain réamhscoile saor in aisce), an dá rang naíonán agus ranganna a haon agus a dó mar chéim 1.	185 (15.35%)	464 (38.51%)	334 (27.72%)	118 (9.79%)	104 (8.63%)
Tá cur chuige téamach, bunaithe ar théamaí <i>Aistear</i> , an-oiriúnach do mhúineadh páistí ó naíonáin bheaga go dtí rang a dó.	226 (18.76%)	432 (35.85%)	303 (25.15%)	145 (12.03%)	99 (8.22%)
Is iad daltaí i ranganna 3 go 6 is mó a bhainfeadh tairbhe as struchtúr curaclaim bunaithe ar ábhair.	238 (19.75%)	561 (46.56%)	246 (20.41%)	61 (5.06%)	99 (8.22%)
Cuideoidh an cur chuige bunaithe ar ábhair i ranganna 3 go 6 le daltaí dul i dtaithí ar an iar-bhunscoil.	256 (21.24%)	629 (52.20%)	186 (15.44%)	46 (3.82%)	88 (7.30%)
Agus dhá chéim ann, éascaítear úsáid cleachtas oideolaíoch aoisoiriúnach (e.g. cur chuige bunaithe ar chluichí, foghlaim bunaithe ar thionscadail, etc.)	151 (12.53%)	515 (42.74%)	311 (25.81%)	107 (8.88%)	121 (10.04%)
Chuirfeadh múnla dhá chéim ar chumas múinteoirí a gcuir chuige theagaisc a leasú le hoiriúint do riachtanais daltaí éagsúla.	126 (10.46%)	464 (38.51%)	340 (28.22%)	120 (9.96%)	155 (12.86%)
Cruthóidh múnla dhá chéim dúshláin áirithe i seomra ranga ilghráid.	351 (29.13%)	401 (33.28%)	276 (22.90%)	45 (3.73%)	132 (10.95%)
Cruthaíonn múnla dhá chéim dúshláin bhreise do mhúinteoirí a bhíonn ag tacú le daltaí agus iad ag dul i dtaithí ar chuir chuige éagsúla atá bainteach le gach céim ar leith.	294 (24.40%)	446 (37.01%)	275 (22.82%)	32 (2.66%)	158 (13.11%)

Agus breithniú á dhéanamh air sin mar bhealach cuí chun an curaclam bunscoile a struchtúru, bhí éagsúlacht tuairimí i gceist arís agus bhí 492 duine (40.83%) ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go bhfuil sé cuí, agus 580 duine (48.14%) a d'easaontaigh leis an moladh nó a d'easaontaigh go láidir leis. Dealraíonn sé gurb é an múnla trí chéim, mar a chuirtear i láthair sna moltaí é, an múnla is fearr leis na freagróirí as an dá cheann a cuireadh i láthair lena mbreithniú (féach Tábla 9).

Tábla 9: Leibhéal an chomhaontaithe maidir leis an gcuraclam a athstruchtúró ar bhonn an mhúnla dhá chéim

Cé mhéad a aontaíonn tú gur bealach cuí a bheadh ansin chun an curaclam a leagan amach?					
Roghanna freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go láidir	Níl a fhios agam
	127 (10.54%)	365 (30.29%)	360 (29.88%)	220 (18.26%)	133 (11.04%)

Mar a bhí amhlaidh i gcás an mhúnla trí chéim, cuireadh dhá cheist cháilíochtúla ar na freagróirí maidir leis an múnla dhá chéim.

Céard iad na láidreachtaí a cheapann tú atá sa churaclam bunscoile 2 chéim atá molta?

Tháinig dhá phríomhthéama chun cinn maidir le breithniú a dhéanamh ar láidreachtaí an mhúnla dhá chéim—céimeanna atá sainithe go soiléir, agus foghlaim aoisoiriúnach, dhifreálach. Tugtar tuilleadh sonraí thíos faoi gach ceann díobh sin.

Céimeanna atá sainithe go soiléir

Chreid na freagróirí go ndéanfaí soláthar sa mhúnla incriminteach dhá chéim atá molta do chéimeanna soiléire ina mbeadh líon níos lú pointí aistrithe, rud a fhágann gur fearr a oireann sé d'fheidhmiú i ngach comhthéacs scoile. Bhraith freagróirí gur lú an dúshlán a bhaineann leis an múnla dhá chéim i seomra ranga ilghráid ná an múnla trí chéim. Luaigh roinnt freagróirí go bhfuil páistí ag céim foghlama níos cuí agus iad i rang a trí chun ábhair a thabhairt isteach, rud a thacaíonn le tabhairt isteach ábhar níos luaithe ná mar a dhéanfaí faoin múnla trí chéim. Measadh freisin gur struchtúr curaclaim níos inrochtana é i dtaobh phleanáil na múinteoirí aonair agus phleanáil na scoile uile. Agus an múnla sin á mheas acu, bhí na freagróirí sásta leis an leanúnachas san fhoghlaim ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil.

Foghlaim aoisoiriúnach, dhifreálach

Bhraith na freagróirí gur cuireadh chun cinn foghlaim aoisoiriúnach, ghníomhach, atá faoi threoir na bpáistí faoin múnla dhá chéim. Ina theannta sin, chreid siad gur thug an múnla dhá chéim, amhail an múnla trí chéim, go leor deiseanna le haghaidh foghlaim ar bhonn téamaí agus foghlaim iomlánaíoch i mblianta sóisearacha na bunscoile. Measadh gur mó an tairbhe a bhí le baint as an gcur chuige sin

nach bhfuil bunaithe ar ábhair i dtaobh luathfhoghlaim na bpáistí go dtí deireadh rang a dó. Tá ceangal nádúrtha ann idir ranganna na naíonán agus rang 1 agus rang a dó, mar go bhfuil sé *much more flexible and child friendly*. Braitheadh gur mó an tairbhe a bhainfeadh páistí óga as cur chuige foghlama de réir téamaí, gan ábhair ar leithligh a bheith i gceist, i gCéim 1. Amhail mar a bhí sa mhúnla trí chéim, measadh gurbh fhiúntach an rud é freisin an dá bhliain réamhscoile a chur san áireamh le Céim 1.

Céard iad na dúshláin a cheapann tú atá sa churaclam bunscoile 2 chéim atá molta?

Tháinig ceithre phríomhthéama chun cinn agus na freagróirí ag smaoineamh ar na dúshláin a bhaineann leis an múnla dhá chéim atá molta—tacaíocht agus acmhainní i gcomhair na scoileanna, fad gach céime, an t-aistriú ó Céim 1 go Céim 2, agus an tionchar ar mhúinteoirí. Tugtar tuilleadh sonraí thíos faoi gach ceann díobh sin.

Tacaíocht agus acmhainní do churaclam nua ar an leibhéal áitiúil

Amhail mar a bhí i gcás an mhúnla trí chéim, léiríodh imní faoi leibhéal na dtacaíochtaí, na ndaoine agus na n-acmhainní a bheadh ar fáil do scoileanna aonair chun cuidiú le múnla dhá chéim a thabhairt isteach agus a chur i ngníomh. Bhí eagla ar fhreagróirí go bhféadfadh sé nach bhfaigheadh múinteoirí iomlán na foghlama gairmiúla cuí a bhfuil gá léi chun teicnící agus cleachtais nua teagaisc a chur i ngníomh i gcomhair múnla curaclaim nua. Léirigh freagróirí imní freisin faoi chomhthéacsanna scoile ina mbeadh ranganna ag dhá chéim éagsúla sa seomra ranga céanna.

Réimse ama do gach céim

Fuair cuid de na freagróirí locht ar réimse na mblianta do gach céim. Bhraith siad nár chóir do chéim amháin seasamh ón réamhscoil go dtí deireadh rang a dó nó ó rang a trí go dtí deireadh rang a sé. D'fhéadfadh fad Chéim 1 (6 bliana) é a fhágáil go mbeadh deacrachtaí ag páistí dul in oiriúint do churaclam bunaithe ar ábhair i gCéim 2, agus gan ach cur chuige bunaithe ar théamaí feicthe acu roimh rang a trí. Bhí an tuairim ann i measc na bhfreagróirí nár mhór struchtúr an churaclaim a athrú roimh rang a trí chun tacú le foghlaim na bpáistí. Bhí baint aige sin leis an imní a bhí orthu go bhféadfadh sé go ndéanfadh na páistí léim (*jump*) shuntasach ó rang a dó go dtí rang a trí, rud a bhrisfeadh leanúnachas na foghlama i gcás roinnt páistí. Mhottaigh cuid de na freagróirí gur lú an bhéim a bhí ar an dul chun cinn de réir a chéile leis an múnla sin, agus b'fhearr leo réidhe an aistrithe a cuireadh i láthair sa mhúnla trí chéim. Bhraith siad nach raibh na heispéiris foghlama ardcháilíochta chéanna sa mhúnla sin is a bhí sa mhúnla trí chéim.

Cur chuige bunaithe ar chluichí go dtí deireadh rang a dó, agus pointe trasdula suntasach ag dul isteach i rang a trí


Mar a bhí amhlaidh i gcás an mhúnla trí chéim, bhíothas den tuairim nach bhfuil *Aistear* oiriúnach tar éis na ranganna naíonán toisc gur do pháistí ó bhreith go 6 bliana d'aois a forbraíodh é. Mar gheall air sin, bhí roinnt freagróirí nach raibh i bhfabhar na modhanna foghlama bunaithe ar chluichí a leathnú isteach chuig rang a haon agus rang a dó. Luadh go bhféadfadh páistí a bheith réidh le haghaidh foghlaim níos struchtúrtha trí ábhair i rang a dó, agus iad ag dul chun cinn ó théamaí *Aistear* chuig ábhair: *Aistear could be very repetitive and boring for some children unless the themes are developed further* agus mura rud é go gceadófaí neamhspleáchas agus féintreoir i measc na múinteoirí. Go bunúsach, má tá *Aistear* le húsáid, ba mhaith leis na freagróirí go ndéanfaí an creat curaclaim sin a athchumrú chun struchtúr oiriúnach a sholáthar d'fhoghlaim na bpáistí suas go dtí deireadh rang a dó. Ba dhíol suntas é gur mhó a tagraíodh sna freagraí ar an gceistneoir do bhlianta sóisearacha na bunscoile i gcomparáid leis na blianta sinsearacha agus iad ag trácht ar na dúshláin agus na deiseanna a ghabhann leis an múnla dhá chéim.

Tionchar ar mhúinteoirí

Mar a bhí amhlaidh i gcás an mhúnla trí chéim, léiríodh imní faoi stádas gairmiúil an mhúinteora bunscoile amach anseo, agus, go háirithe, maidir le stádas reatha na gcleachtóirí réamhscoile. I bhfianaise na leibhéal éagsúil cáilíochtaí agus pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm, bhí roinnt daoine buartha go ndéanfaí beag is fiú de ghairmiúlacht múinteoirí agus a gcuid oibre á cur i gcomparáid leis an obair a dhéanann cleachtóir réamhscoile. Bhraith roinnt freagróirí go rachadh sé géar ar mhúinteoirí éascú don fhoghlaim bunaithe ar chluichí mura mbeadh a ndóthain deiseanna cuí foghlama gairmiúla acu.

Cé go bhféadfadh sé go bhfuil na freagróirí níos mó i bhfabhar an mhúnla trí chéim ná an múnla dhá chéim, tugadh an-éagsúlacht freagraí maidir le *cén uair* is ceart an curaclam a bheith bunaithe ar ábhair. Mar a léirítear i bhFíor 7, tháinig dhá rang as an bplé: léirigh breis is 20% de na freagróirí go bhféadfadh sé gurb é rang a haon nó rang a trí an pointe is oiriúnaí chun ábhair a thabhairt isteach.

Fíor 7: An uair a thabharfar na hábhair isteach sa churaclam



Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Léirítear i dTábla 10 go raibh 651 freagróir (58.80%) míshásta nó an-mhíshásta leis an gcreat ama seachtainiúil a cuireadh i láthair i gcuraclam bunscoile 1999.

Tábla 10: Leibhéal sástachta leis an gcreat ama seachtainiúil atá molta faoi láthair sa churaclam bunscoile

	An-sásta	Sásta	Míshásta	An-mhíshásta
Ar an iomlán, cén grádú a dhéanfa ar an gcreat ama seachtainiúil reatha atá molta i gcuraclam na bunscoile?	92 (8.31%)	364 (32.88%)	432 (39.02%)	219 (19.78%)

Ar an iomlán, meon dearfach a bhí ag na freagróirí faoi na hathruithe atá beartaithe i dtaobh leithdháileadh ama. Mheas 888 freagróir (80.21%) go gcuideodh leithdháiltí míosúla agus bloic ama le modhanna teagaisc ní b'aoisoiriúnaí sa seomra ranga. Mheas 913 freagróir (82.47%) gur cuí iad na leithdháiltí seachtainiúla i gcomhair Teanga. Mheas 949 freagróir (85.72%) gur cuí iad na leithdháiltí seachtainiúla i gcomhair na Matamaitice. Dhealraigh sé gur fháiltigh 852 freagróir (76.97%) roimh am solúbtha ('am lánroghnach' a tugadh air sa cheistneoir) a thabhairt isteach. Mheas 851 freagróir (76.87%) gur cuí leithdháiltí míosúla ama a thabhairt isteach i gcomhair ábhair/téamaí/réimsí curaclaim seachas teangacha agus an mhatamaitic. Mar sin féin, ní raibh freagróirí chomh cinnte

céanna faoin scoilt 60:40 atá beartaithe idir am curaclaim an stáit agus am solúbtha, agus bhí 497 freagróir (44.89%) ann nár aontaigh leis an moladh sin, an líon ba mhó a d'esaontaigh le moladh ar bith. Léiríodh go raibh daoine go mór i bhfabhar treoir ama do théamaí, réimsí curaclaim agus ábhair agus léirigh anailís bhreise ar thuairimí ó fhreagraí na múinteoirí bunskoile tacaíocht shoiléir do choincheap an ama sholúbtha, a chuir ar a gcumas dóibh an teagasc agus an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí (féach Tábla 11).

Tábla 11: Leibhéal an chomhaontaithe le moltaí maidir leis an múnla nua um leithdháileadh ama

Léirigh cé chomh mór a aontaíonn nó a esaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:					
Roghanna Freagra	Aontaím go láidir	Aontaím	Esaontaím	Esaontaím go láidir	Níl a fhios agam
Tacóidh úsáid bloic ama níos faide le húsáid cleachtas oideolaíoch aoisoiriúnach (e.g. cur chuige bunaithe ar chluichí, foghlaim ghníomhach, foghlaim bunaithe ar thionscadail, etc.)	312 (28.18%)	576 (52.03%)	122 (11.02%)	28 (2.53%)	69 (6.23%)
Tá leithdháileadh ama seachtainiúil sonrath an-tábhachtach maidir le Matamaitic.	490 (44.26%)	459 (41.46%)	120 (10.84%)	16 (1.45%)	22 (1.99%)
Tá leithdháileadh ama seachtainiúil sonrath an-tábhachtach maidir le Béarla agus Gaeilge.	455 (41.10%)	458 (41.37%)	157 (14.18%)	18 (1.63%)	19 (1.72%)
Tá treoir ama maidir le téamaí, réimsí curaclaim agus ábhair rithábhachtach i gcomhair pleanáil teagaisc agus foghlama.	320 (28.91%)	575 (51.94%)	149 (13.46%)	27 (2.44%)	36 (3.25%)
Ní thabharfadh an cóimheas idir íosmhéid ama an churaclaim stáit (60%) agus am lánroghnach (40%) dóthain solúbthachta chun an teagasc agus an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais daltaí.	132 (11.92%)	280 (25.29%)	424 (38.30%)	73 (6.59%)	198 (17.89%)
Ach am lánroghnach a thabhairt isteach, chuirfí ar chumas múinteoirí an teagasc agus an fhoghlaim a chur in oiriúint do riachtanais daltaí.	257 (23.22%)	595 (53.75%)	127 (11.47%)	44 (3.97%)	84 (7.59%)
Tá tábhacht le húsáid a bhaint as leithdháileadh ama míosúil i gcomhair ábhar/téamaí/réimsí eile seachas Teangacha agus an Mhatamaitic.	277 (25.02%)	574 (51.85%)	123 (11.11%)	54 (4.88%)	79 (7.14%)

Mar atá léirithe i dTábla 12, bhí tuairimí éagsúla ag na freagróirí faoi am solúbtha a úsáid agus luaigh a lán acu go bhféadfaí an t-am sin a úsáid chun gnéithe den churaclam a mhúineadh (.i. am


lánroghnach a chur i bhfeidhm arís), chun imeachtaí ceiliúrtha scoile a chur ar bun, chun dul i mbun tionscadail ranga/scoile/phobail nó chun clár an phátrúin a mhúineadh. Ba lú an trácht a bhí ar ghlaoch rolla agus ar thionóil rolla sna freagraí ar an gceist sin.

Tábla 12: Bealaí éagsúla ar a n-úsáidtear am solúbtha sa scoil

Cén seans atá ann go n-úsáidfeá am lánroghnach i do scoil ar na bealaí seo a leanas?					
Roghanna Freagra	An-seans	Seans réasúnta	Níl mórán seans	Is beag an seans	Níl a fhios agam
Ar thionóil	304 (27.46%)	360 (32.52%)	238 (21.50%)	131 (11.83%)	74 (6.68%)
Ar ghnéithe den churaclam a mhúineadh	721 (65.13%)	279 (25.20%)	41 (3.70%)	16 (1.45%)	50 (4.52%)
Ar theagasc chlár an phátrúin (Oideachas Reiligiúnach nó Eiticiúil)	426 (38.48%)	371 (33.51%)	152 (13.73%)	100 (9.03%)	58 (5.24%)
Ar imeachtaí ceiliúrtha sa scoil uile	358 (32.34%)	462 (41.73%)	177 (15.99%)	48 (4.34%)	62 (5.60%)
Ar thionscadail ranga/scoile/phobail	525 (47.43%)	385 (34.78%)	98 (8.85%)	38 (3.43%)	61 (5.51%)
Ar ghlaoch rolla	314 (28.36%)	267 (24.12%)	259 (23.40%)	190 (17.16%)	77 (6.96%)

Nuair a fiafraíodh díobh an raibh gá le treoir nó tacaíocht maidir leis an am solúbtha a úsáid; dúirt 847 freagróir (76.51%) go bhfuil agus dúirt 260 freagróir (23.49%) nach bhfuil mar atá léirithe i bhFíor 8 thíos.

Fíor 8: Éileamh ar threoir nó ar thacaíocht maidir le conas is fearr am solúbtha a úsáid



Nuair a cuireadh ceist ar na freagróirí faoi dheiseanna maidir leis an am solúbtha a úsáid, d'admhaigh siad nach mbeadh sé ina thoradh ar thabhairt isteach an ama sholúbtha, ann féin, go réiteofaí an fhadhb maidir le curaclam na bunscoile a bheith róphlódaithe, ach luaigh siad go bhféadfadh sé cur le neamhspleáchas na múinteoirí agus lena rannpháirtíocht trí chur leis an bhforbairt curaclaim sna scoileanna. Leagadh béim freisin ar an deis a bheadh le tapú i dtaobh eispéireas oideachais leathan, cothrom do pháistí ach am solúbtha a úsáid. Mhothaigh go leor freagróirí go bhféadfaí am solúbtha a úsáid freisin chun comhthéacs áitiúil na scoileanna a léiriú agus iad ag freastal ar riachtanais agus leasanna na bpáistí. Cheap roinnt freagróirí go ndéanfaí an t-am lánroghnach (laistigh den am solúbtha) a leithdháileadh ar litearthacht, uimheartacht agus Corpoideachas breise. Chuir freagróirí an-chuid smaointe cruthaitheacha, nuálacha i láthair faoi conas a d'fhéadfaí am solúbtha a úsáid i scoil. Ina measc bhí tionóil scoile, cainteanna a bhaineann le hOideachas Reiligiúnach, aireachas, foghlaim bunaithe ar thionscadail, teagasc foirne, tionscadail chomhoibritheacha le scoileanna eile sa cheantar nó le pobal na háite agus sosanna gníomhacha. Agus an t-am lánroghnach á úsáid acu, d'fhéadfadh múinteoirí bloic ama a phleanáil freisin d'imeachtaí amhail Seachtain na hEolaíochta nó tionscnaimh a bhaineann leis an gceantar áitiúil. Leathnaíodh an méid sin chuig acmhainn níos mó le haghaidh úsáid a bhaint as cláir oideachais de chuid gníomhaireachtaí amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Luaigh freagróirí go mbíonn na deiseanna sin níos teoranta laistigh de shrianta an leithdháilte ama sheachtainiúil atá i bhfeidhm faoi

láthair. Sa chomhthéacs sin, measadh gur maith an rud é an áis do mhúinteoirí bloic ama a úsáid le haghaidh réimsí den churaclam. Léirigh roinnt freagróirí go bhféadfadh múinteoirí aonair a gcuid ábhair spéise nó láidreachtaí féin a úsáid san am solúbtha, sna hEalaíona, san Eolaíocht nó sa Chorpoidéachas mar shampla,, chun tairbhe na bpáistí. Luaigh siad go bhféadfadh sé sin tarlú ar bhealach níos comhtháite.

I do thuairim, cé na dúshláin a bheidh roimh scoileanna agus iad ag úsáid am solúbtha?

D'aithin freagróirí dúshláin éagsúla a bheadh roimh scoileanna maidir le ham solúbtha a úsáid, agus chuir cuid acu in iúl nár mhór an Plean Scoile a leasú mar fhreagra ar an athrú sin. D'fhéadfadh sé fadhbanna a chruthú do mhúinteoirí maidir le pleanáil chuí a dhéanamh ar dheiseanna foghlama míosúla ar fud an churaclaim. Braitheadh freisin go bhféadfadh neamhréireacht a bheith i scoil maidir leis an gcaoi a mbainfeadh múinteoirí aonair leas as an am solúbtha, agus iad ag laghdú nó ag méadú am teagasc ábhair nó ábhar áirithe dá mba mhian leo, rud a d'fhágfadh nach mbeadh fáil ag gach páiste ar an raon céanna eispéreas foghlama. Bhí mionlach beag daoine ann a mhol nach ndéanfaí an t-am solúbtha a leithdháileadh ach don Mhatamaitic agus don Bhéarla amháin. Bheadh gá le cláir ama nua a ullmhú ar fud na scoile, toisc go mbeadh deacracht le pleanáil na scoile uile mura ndéanfaí é sin. Mhol freagróirí gur chóir don phríomhoide monatóireacht a dhéanamh ar na hamanna a leithdháil múinteoirí ar ábhair ar leith, agus go gcoinneodh na scoileanna cuntas ar leithdháiltí ama d'ábhair éagsúla chomh maith.

Chreid roinnt freagróirí go bhféadfadh sé go dtabharfaí breis ama do chlár an phatrúin toisc go mbeadh sé san áireamh san am solúbtha. Bhreathnaigh daoine eile ar chuimsiú chlár an phatrúin san am solúbtha mar rud a léirigh gur lú an tábhacht a bhain le reiligiún i dtéarmaí an ama a thugtar dó. D'iarr go leor freagróirí treoir ar an leithdháileadh íosta/uasta ama do chlár an phatrúin.

Ar deireadh, nuair a cuireadh ceist orthu faoi na cineálacha tacaíochta a bheadh ag teastáil le haghaidh na n-athruithe atá molta, bhí meon an-dearfach ag na freagróirí i leith na moltaí a luadh sa cheistneoir (seimineáir forbartha gairmiúla ar líne agus duine le duine, agus ábhair ar líne). Díobh siúd, is iad na seimineáir forbartha gairmiúla ba mhinice a luadh. Rinneadh moltaí breise maidir le meascán de mhúnlaí tacaíochta éagsúla lena n-áirítear FGL don scoil uile (ar an láthair agus lasmuigh den láthair) trí mhéid nach beag ama ghairmiúil bhreise a leithdháileadh. I measc na moltaí bhí cúrsaí tráthnóna agus cúrsaí ar líne agus FGL bunaithe sna scoileanna a gcuirfeadh seirbhísí tacaíochta seachtracha ar fáil iad. Bhí an-trácht ar FGL éigeantach i gcineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí *Aistear* sna freagraí freisin. Léirigh freagróirí gurbh fhearr leo FGL do gach múinteoir seachas socrú faoinar bhain

múinteoir amháin leas as oiliúint sheachtrach agus ar fhill sé nó sí chun FGL inmheánach a éascú do chomhghleacaithe. Níor mhór an tacaíocht a chur in oiriúint do chásanna teagaisc agus comhthéacsanna scoile éagsúla. Iarradh tairseach ar líne ar a mbeadh treoirlínte, acmhainní agus ábhair thacaíochta chomh maith le maoiniú leordhóthanach chun tacú le dearadh *play-based classrooms* agus acmhainní ina leith.

Grúpaí fócais do mhúinteoirí

Seisiúin dhá uair an chloig a bhí sna grúpaí fócais ina raibh am leagtha amach chun gach sraith moltaí a phlé chomh maith le tuairimí agus barúlacha ginearálta a bhailiú maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar churaclam na bunscoile. Bhí leibhéil éagsúla eolais faoi na moltaí ag na múinteoirí agus na príomhoidí a fhreastail ar na seacht gcruinniú; i gcás roinnt daoine, is ag éisteacht leis na mionsonraí den chéad uair a bhí siad ag an gcruinniú. Go ginearálta, ba mhór ag na rannpháirtithe an deis a bheith acu a bheith páirteach sa chomhairliúchán. Seo thíos achoimre ar an anailís ar an bplé a rinneadh sna grúpaí fócais.

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Léirigh na rannpháirtithe gurbh é an múnla trí chéim an ceann ab fhearr leo, rud a bhí ag teacht leis na torthaí tosaigh i bhformáidí comhairliúcháin eile. Thug siad ar aird an chaoi a bhféadfadh téamaí, réimsí agus ábhair tacú le haistrithe réidhe i dtéarmaí fhoghlaim agus fhorbairt na bpáistí. Bhí siad den tuairim gur dócha go mbeadh na céimeanna sin ní ba chúí do pháistí ó thaobh na forbartha agus ó thaobh modhanna teagaisc. Dúirt roinnt rannpháirtithe freisin go bhféadfadh sé gur mhó an tairbhe a bhainfeadh páistí as an bhfoghlaim 'fhoirmiúil' a thabhairt isteach beagán níos déanaí i dtimthriall na bunscoile, *Bheadh páistí níos sine nuair a thosaíonn páistí foghlaim 'foirmiúil'. B'fhéidir go gcabhróidh sé seo.* Ag dul níos doimhne isteach i gCéim 1, léirigh roinnt rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le soiléireacht do chleachtóirí réamhscoile agus do mhúinteoirí bunscoile maidir le conas ba chóir tacú leis an dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí ar feadh na mblianta réamhscoile agus isteach sna ranganna naíonán. Cé gur léirigh siad gurbh é an múnla trí chéim an ceann ab fhearr leo, bhí na múinteoirí agus na príomhoidí araon den tuairim go mbeadh dúshlán le sárú maidir leis an múnla sin a chur i ngníomh, agus nár mhór na dúshlán sin a mheas go cúramach. Áiríodh leo sin go mbeadh gá le pleanáil agus ullmhú cúramach i gcomhair na hoibre ar bhonn téamaí i gCéim 1, agus gur chasta a bheadh sé ag cigirí í a mheasúnú. Mhol grúpa fócais amháin leagan amach difriúil ar an múnla—naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha, rang a haon go rang a trí, rang a ceathair go rang a sé.

Tugadh an-aird ar *Aistear* i roinnt de na pléití. Léirigh rannpháirtithe i gceithre ghrúpa fócais go raibh díomá orthu nár tacaíodh le *Aistear* trí chlár náisiúnta FGL do mhúinteoirí bunscoile. Dúirt cuid acu gur chuir sé sin le tuiscintí éagsúla a bheith ann ar an méid atá i gceist le *Aistear* a úsáid i gcomhthéacs bunscoile: *Aistear looks very different from school to school.* Bhí na rannpháirtithe go mór den tuairim go mbeadh FGL do gach múinteoir riachtanach dá mba rud é gur ar *Aistear* a bhunófaí struchtúr an churaclaim i gCéim 1. Ina theannta sin, chuir roinnt rannpháirtithe ceist ar ghá *Aistear* a athbhreithniú

agus a leathnú chun tacú le foghlaim na bpáistí go dtí deireadh rang a dó i gcás an mhúnla dhá chéim. Chuir grúpa fócais amháin an tuairim i láthair gur idéalachas (*idealistic*) é an curaclam a bheith bunaithe ar *Aistear* ar feadh ceithre bliana agus go bhféadfadh múinteoirí cur ina choinne (*meet with a lot of resistance*).

Go hachomair, cé gur mhó an bhá a bhí ag rannpháirtithe leis an múnla trí chéim tríd is tríd ná an múnla dhá chéim, thug siad ar aird an tábhacht a bhaineann le tuilleadh dlúthoibre a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas cinnteoireachta:

The whole question of subjects/content areas/thematic teaching/integration is a very complex business requiring a lot more exploration and study...Howsoever it is structured, we should remember that the curriculum is not a constraint, a straitjacket; teachers and schools need to assert their autonomy and the value of their professional judgements about planning and teaching. (Rannpháirtí i ngrúpa fócais)

Ní hionann agus sin, ba bheag aird a thug na rannpháirtithe ar an múnla dhá chéim ina gcuid pléití. Go ginearálta, dúradh go dtabharfadh an múnla dhá chéim *too rigid a break to go from Aistear to subject specific curriculum content* a mheas siad *wouldn't serve the needs of children*. Labhair siad freisin faoi fhad na gcéimeanna agus dúirt go bhféadfadh céim ina mbeadh cúig nó sé bliana a bheith *far too long* toisc páistí a bheith *at very different developmental stages* idir aoiseanna na céime, mar shampla, 8 mbliana agus 13 bliana. Mhol roinnt rannpháirtithe sa ghrúpa fócais go bhféadfadh múnla dhá chéim deacrachtaí a chruthú do scoileanna beaga ilghráid, mar shampla, scoil ina bhfuil triúr múinteoirí agus ina bhfuil múinteoir ag obair leis an dá chéim.

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Tríd is tríd, chuir na rannpháirtithe sna pléighrúpaí fáilte roimh choincheap na solúbthachta maidir le leithdháiltí ama ar fud an churaclaim. Bhí cuid de na rannpháirtithe den tuairim go dtugann curaclam 1999 neamhspleáchas áirithe do na scoileanna cheana féin maidir lena chinneadh conas a leithdháilfear an t-am. Cheap daoine eile gur céim dhearfach iad na moltaí maidir le muintín a léiriú as gairm na múinteoireachta, agus maidir le leibhéal neamhspleáchais a thabhairt ar ais do mhúinteoirí a b'fhéidir a cailleadh le curaclam 1999 agus sna blianta idir sin agus seo. Ag machnamh dóibh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, bhí mionlach beag ann a cheap gur dócha go léireodh breis solúbthachta maidir le leithdháileadh ama go rabhthas ag filleadh ar na bunphrionsabail, go háirithe i gcás scoileanna i limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, *deis díriú isteach ar céard atá tábhachtach: Gaeilge, Matamaitic agus Béarla, agus would deny children the cultural richness that is*

part of the curriculum. Luaigh líon beag daoine eile an baol go n-ídeofaí an t-am solúbtha de bharr tionscnaimh agus beartais nua oideachais, rud a bhainfeadh an bonn de choincheap na solúbthachta do scoileanna.

Maidir leis an dáileadh ama 60%: 40% ama thar an dá chatagóir, léirigh roinnt grúpaí go raibh siad sásta leis an gcion a moladh agus dúirt grúpa amháin *b'fhéidir go mbeadh 50% níos fearr.*

D'aontaigh na rannpháirtithe tríd is tríd gur chóir go bhfaigheadh an Mhatamaitic agus Teangacha leithdháiltí seachtainiúla go fóill agus bhí tuairimí éagsúla ann maidir le leithdháiltí míosúla do théamaí/réimsí/ábhair eile. Chonacthas do roinnt daoine gur *a really good idea* iad leithdháiltí míosúla agus mhol daoine eile iad a sheachaint. Agus a n-imní á gcur in iúl acu, luaigh siad an tábhacht a bhaineann leis an OSPS i saol páistí agus an seans go laghdófaí stádas limistéar curaclaim eile ar nós na nEalaíon. I gcás dhá ghrúpa as na seacht gcinn, pléadh pleanáil sa seomra ranga agus an cleachtas a bhíonn ag roinnt múinteoirí faoi láthair maidir le dhá chineál pleananna a chruthú—pleananna don chigire agus pleananna don mhúinteoir. D'aithin na rannpháirtithe an acmhainn atá ag leithdháiltí in aghaidh na míosa nó fiú in aghaidh an téarma: [they would] *lessen all the paperwork and provide for more time to plan for learning rather than plan for a possible inspection.*

Ag teacht leis an aiseolas sa chomhairliúchán níos leithne, cheistigh rannpháirtithe áirithe sna grúpaí fócais an méid solúbthachta a ghabhann leis an 'am solúbtha'. Díríodh aird ar leith sa phlé maidir leis sin ar dhá ghné—sosanna agus clár an phátrúin. I gcás na sosanna, mhol roinnt rannpháirtithe an tríú catagóir a chruthú go sonrath le haghaidh sosanna agus am áineasa. I gcás chlár an phátrúin, cheistigh roinnt rannpháirtithe an ceart atá ag na pátrúin an clár a bheith san áireamh sa lá scoile agus mhol daoine eile gur chóir go mbeadh am leagtha amach dó. Dúirt grúpa amháin gur *deacair Teagasc Chríostaí a mhúineadh nuair atá cúig reiligiún sa rang – seachas chuile duine a bheith ag foghlaim an rud céanna, ag foghlaim faoi reiligiúin éagsúla.*

Tuairimí agus barúlacha eile

Le linn na bpléití, is minic a luadh tosca seachtracha mar chúinsí lánacha beag beann ar an múnla a d'fhéadfaí a úsáid chun an curaclam a athstruchtúrú. Luaigh cuid de na rannpháirtithe gurb é nó í an múinteoir an phríomhghné in aon athrú curaclaim, agus gur bhain tábhacht ollmhór le cáilíocht an té sin. Cheistigh siad an bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar struchtúr nua amhail an múnla trí chéim, le himeacht ama, go mbeadh múinteoirí ag gabháil don speisialtóireacht, rud a laghdódh soghluaisteacht na múinteoirí ar fud na bunscoile: *it's nice to be able to switch easily between teaching infants one year and sixth class the next year.* I measc na dtosca eile a tháinig chun cinn bhí cóimheasa

arda idir daltaí agus múinteoirí, an áit lárnach atá ag FGL, agus acmhainní i gcomhair modhanna teagaisc ar leith, ar nós teagasc trí mheán cluichí. Uaireanta, bhreathnaigh rannpháirtithe siar ar churaclam na bliana 1999 agus rinne siad anailís ar na dúshláin a bhain leis an gcuraclam a chur i ngníomh mar a bhí beartaithe. I measc na n-ábhar machnaimh sin bhí tagairtí don churaclam féin agus an bhéim mhór a leagtar ar ábhair ann, rud a luaigh roinnt rannpháirtithe a d'fhág gur dúshlán mór é an comhtháthú ceart: *The 1999 curriculum was delivered in a segmented, packaged way. Think of the individual subject books. Even though the curriculum advocated integrated approaches, it was presented in a segmented way.* Bhain fadhb eile a luadh lena mhéid ar éirigh an curaclam *overshadowed by initiatives.*

Ag breathnú chun cinn dóibh, cheistigh rannpháirtithe in dhá phléghrúpa conas a bheadh an curaclam nua Teanga bunscoile atá foilsithe agus in úsáid sna scoileanna cheana ag teacht le struchtúr curaclaim nua agus chuir siad roinnt imní in iúl faoi athoiriúnú féideartha. D'iarr daoine eile fianaise ó scoileanna, ón taighde agus *learning from the mistakes of other countries* mar bhonn taca d'athruithe ar bith, lena chinntiú nach bhfágfadh athrú curaclaim go n-ísleofaí na caighdeáin sna bunscoileanna. Luadh éachtaí na hÉireann le déanaí i measúnuithe náisiúnta, TIMSS agus PIRLS mar fhianaise ar an rath atá ar an gcóras bunscoile. Leag roinnt rannpháirtithe béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le teachtaireachtaí soiléire do thuismitheoirí de réir mar a théann athruithe curaclaim ar aghaidh.

Aighneachtaí i scríbhinn

Fuarthas 107 aighneacht i scríbhinn san iomlán mar chuid den chomhairliúchán. Lorgaíodh cead ó na húdair ionas go bhféadfadh CNCM na haighneachtaí i scríbhinn a fhoilsiú. Sa chás inar tugadh an cead sin, beidh na haighneachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin CNCM nuair a fhoilseofar an tuarascáil chomhairliúcháin deiridh. Mar atá amhlaidh i gcás na bhformáidí comhairliúcháin eile, meastar sa chéad chuid den rannóg seo réimse na dtuairimí faoi na moltaí maidir leis an struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile. Déantar breithniú sa dara rannóg ar na moltaí maidir le leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Sa teimpléad i gcomhair aighneacht i scríbhinn, spreagadh freagróirí chun machnamh a dhéanamh ar na moltaí maidir le bogadh chun cinn ó mhúnla ina bhfuil ceithre chéim dhá bhliain chuig múnla incriminteach ina mbeadh trí chéim nó dhá chéim, agus smaoineamh ar na buntáistí agus na dúshláin a ghabhann le gach múnla atá molta. Agus réasúnaíocht, cuspóir agus tairbhe struchtúir nua curaclaim á mbreithniú, bhraith freagróirí go ginearálta go bhfuil prionsabail an churaclaim bunscoile reatha fós ábhartha i gcomhthéacs curaclam comhaimseartha. Ag croílár an churaclaim atá ann faoi láthair tá an tuiscint go bhfuil ról gníomhach ag na páistí ina gcuid foghlama féin, agus gur dual dóibh a bheith fiosrach. Ba mhaith leis na freagróirí an meon sin a choinneáil slán feasta. Dá bhrí sin, má dhéantar aon athrú ar an gcuraclam reatha nó má bhogtar ar aghaidh uaidh, níor mhór é a bheith ina thoradh air sin go gcuirfí curaclam agus modh teagaisc ar fáil do pháistí bunscoile ar chúil iad i dtaobh na forbartha. Cé go bhfuil an tuairim sin le sonrú ar fud na n-aighneachtaí i scríbhinn, aithnítear iontu freisin nach mór an curaclam a athbhreithniú mar fhreagra ar an ró-ualach curaclaim. Chuirfí fáilte roimh mhíniú breise ar conas a d'fhéadfadh athstruchtúir an churaclaim an ró-ualach curaclaim sin a laghdú.

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí do churaclam bunscoile *as the structure should follow a deep interrogation of vision, purpose, values and philosophy, not determine them* (Foireann an Oideachais Staire, Scoil Oideachais STEM, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Luadh freisin san aighneacht go bhfuil na príomhtheoiricí is bonn leis an tógachas sóisialta agus leis an bhfoghlaim ar bhonn fiosruithe sa churaclam reatha ábhartha go fóill i gcomhthéacs comhaimseartha. Fiafraíodh in aighneacht eile: *what is the coherent theoretical vision for the curriculum?* (An Grúpa

Oibre Curaclaim, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Tugadh ar aird freisin i roinnt aighneachtaí nach ndearnadh tagairt shainráite ar bith d'fhorbairt spioradálta, mhorálta ná reiligiúnach an pháiste sna moltaí comhairliúcháin maidir le struchtúr agus am sa churaclam bunscoile; i gcomparáid leis sin, aithníodh i gcuraclam na bliana 1999 *the need to nourish and nurture the spiritual dimension of the child* agus an luach a ghabhann leis sin (Deoise Chill Dara agus Leithghlinne).

Struchtúr curaclaim nua

Díríodh aird ar a chasta atá sé múnla i gcomhair curaclam incriminteach nua a thabhairt isteach leis an raon leathan tuairimí a cuireadh in iúl sna haighneachtaí. Ina lán aighneachtaí, aithníodh go mbaineann dúshlán le hathruithe a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim i scoileanna beaga agus nach mór breithniú ar leith a dhéanamh ina thaobh sin. Dá bhrí sin, ní mór do churaclam nua freastal ar scoileanna ina mbíonn ranganna ilghráid. Cuireadh i láthair sna moltaí múnla ar bhonn céimeanna incriminteacha ina mbaintear leas as struchtúr curaclaim dhifreáilte. I gcás mionlach an-bheag de na haighneachtaí i scríbhinn, léiríodh amhras faoin téarma 'céim' a úsáid i struchtúr curaclaim nua de bharr baint a bheith aige le teoiricí forbartha foghlama, lena leagtar teorainneacha saorga ar chumas na bpáistí chun smaoineamh go criticiúil, agus de bharr nach dtugtar aitheantas don fhreagracht atá ar na múinteoirí maidir le creat tacaíochta a sholáthar don smaointeoireacht úr. In aighneacht eile, moladh an téarma 'céimeanna' chun béim a chur ar chineál incriminteach an athraithe i gcumas na bpáistí seachas athruithe móra cáilíochta. Éilíodh go mbeadh dearccháí sóisialta agus cultúrtha le feiceáil sna tuairiscí ar an struchtúr a bheadh ar churaclam nua.

We think it is important to ensure that recent theoretical perspectives, for example social and cultural perspectives, are also visible in the descriptions of how the curriculum is structured. (Oideachas Luath-Óige, An Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

San iomlán, ba léir go raibh an dearcadh ann go bhféadfadh struchtúr curaclaim dhifreáilte a bheith ní ba sholúbtha ag tosú leis na ranganna sóisearacha agus ag dul ag aghaidh chuig na meánranganna agus na ranganna sinsearacha.

Cuireadh fáilte roimh an bhéim ar churaclam téamach, comhtháite, go háirithe maidir le freagairt don ró-ualach curaclaim; beag beann ar mhúnla dhá chéim nó trí chéim. Bhí an dearcadh ann go rachadh sé sin chun tairbhe eispéireas foghlama na bpáistí. Rinneadh éileamh arís agus arís eile ar churaclam leathan, comhtháite a bheadh níos sofaisticiúla ná nascadh curaclaim.

Léiríodh imní, áfach, go bhféadfaí ábhair níos 'imeallaithe' a chaolú nó a chur as áit trí chur chuige bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéim 2 den mhúnla trí chéim. Measadh gur tábhachtach an rud é an bhéim sin ar chomhtháthú ábhair curaclaim mar eispéireas foghlama seachas díreach mar ábhar nach mór cuimhneamh air. D'iarr freagróirí go dtabharfaí míniú níos soiléire ar choincheap an chomhtháthaithe, mar is léir ón sliocht seo a leanas.

Both models are dependent on a sophisticated understanding of integration on the teacher's part. We would distinguish between curriculum linkage and meaningful curriculum integration here. A sophisticated understanding of integration is also dependent on deep subject knowledge of all subjects on the teacher's part. (Cumann na Drámaíochta san Oideachas in Éirinn)

Níor mhór a shonrú go sainráite sa churaclam freisin conas agus cén áit ina bhféadfaí comhtháthú a dhéanamh ar fud téamaí, réimsí curaclaim agus ábhar. Leagadh béim sna haighneachtaí ar an ngá atá le léiriú soiléir ar conas a dhéanfaí comhtháthú ceart domhain.

Díríodh an-aird ar ionad, cuspóir agus luach na n-ábhar ar leithligh, agus éilíodh go soiléir go mbeadh ábhair fós ina gcuid de struchtúr curaclaim nua. Moladh gur chóir go gcinnfí sa tsonraíocht do churaclam nua cén pointe ag a dtabharfaí ábhair isteach agus go ndéanfaí é sin ar bhealach incriminteach, de réir a chéile.

I applaud the need to move to "subject specific learning, formal learning" in the latter stages of primary school. As a primary teacher, it would be great to if we knew exactly what the pupils should both know and have experience/learnt at the end of the academic year. This would be very beneficial. (Múinteoir)

Bhí beagán aighneachtaí ann ina ndearnadh tagairt don phointe ag ar cheart an curaclam a bheith bunaithe ar ábhair. Ina measc siúd a rinne trácht air sin bhí fonn orthu na hábhair a choinneáil ó rang a haon ar aghaidh. Moladh gur chóir go mbeadh Teangacha agus an Mhatamaitic ina ngnéithe 'lárnacha' den churaclam ó na naíonáin shóisearacha ar aghaidh. Léiríodh imní áirithe maidir le háit na hEolaíochta, na Tíreolaíochta, na Staire, na Drámaíochta, an Chorpoideachais, agus an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) sa churaclam amach anseo. Maidir leis an Eolaíocht, míníodh i gceann de na haighneachtaí i scríbhinn nach mór do pháistí forbairt shainráite a dhéanamh ar a gcuid eolais faoin eolaíocht agus a gcuid scileanna fiosrúcháin, agus míníodh i gceann eile gur chóir go gcuirfeadh an Eolaíocht ar chumas gach páiste tús a chur leis an domhan a iniúchadh, a fhiosrú agus a thuiscint. I gcás na Tíreolaíochta, bhí imní ann go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar na moltaí go dtabharfaí faoi obair leamh a bheadh bunaithe ar thopaicí, agus go ndíreofaí ar an inneachar seachas scileanna tíreolaíochta a fhorbairt. Cuireadh imní in iúl in aighneacht eile go bhféadfadh sé go laghdófaí tábhacht na Staire i gcuraclam athfhorbartha. Sna haighneachtaí i scríbhinn inar pléadh leis

an Drámaíocht, tugadh rabhadh i gcoinne an Drámaíocht a bheith thíos leis an am a chaithfí leis an bhfoghlaim i réimsí eile den churaclam, agus iarradh go mbeadh curaclam nua fós leathan agus go dtacófaí leis na healaíona ann. Dhírigh roinnt aighneachtaí i scríbhinn ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí ar thábhacht an Chorpoideachais agus ar a bhfuil i ndán dó. Iarradh iontu go mbeadh an Corpoideachas fós ina ábhar ar leithligh i gcás gach ranga agus go mbeadh sé ina 'réimse lárnach' den churaclam. Ina theannta sin, éilíodh sna haighneachtaí go mbeadh an litearthacht choirp, agus torthaí foghlama sainithe go soiléir, ina cuid lárnach d'fhoghlaim na bpáistí sna scoileanna. Léirítear sa fhreagra seo a leanas meon na n-aighneachtaí i scríbhinn a bhaineann leis an gCorpoideachas.

We believe that the importance of Physical Education (PE) for the development of the child must become a key priority in policy and in practice underpinned by a redeveloped primary curriculum. (Léachtóirí sa Chorpoideachas, Scoil an Oideachais Ealaíon agus Luaile, An Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

Luadh freisin go raibh an OSPS ina réimse lárnach den churaclam laistigh de choincheap níos leithne na folláine. Moladh gur chóir go mbeadh an fholláine ina réimse curaclaim ina bhféadfaí an OSPS agus an Corpoideachas a chuimsiú, agus a bheadh ar chomhthábhachtach le Teangacha agus an Mhatamaitic agus a bhféadfadh níos mó ama a bheith leagtha amach dóibh ná mar a leagtar amach do Theangacha agus don Mhatamaitic. De réir na n-aighneachtaí, d'fhágfadh sé sin go bhféadfaí leanúint ar aghaidh ag caitheamh le OSPS mar ábhar as féin laistigh de churaclam comhtháite agus, ag an am céanna, go leagfaí béim ar na deiseanna é a chomhtháthú le hábhair eile.

A time allocation that increased the status of Wellbeing (including SPHE and PE and potentially other modules that would be appropriate for primary schools) would be a significant policy change. It would mean that the State would officially consider that the social and emotional development of children to be of equal importance to their academic ability and achievement at Primary Level. (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

Tugadh le fios i roinnt de na haighneachtaí i scríbhinn gur chóir cloí leis an struchtúr curaclaim atá ann faoi láthair toisc nach bhfuil fonn ar dhaoine é a athrú agus toisc gur maith mar atá sé ag feidhmiú, agus go bhfuil gealladh faoi go fóill. Rinneadh moltaí inar dúradh gur leor é athruithe agus coigeartuithe nó mionathruithe a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim atá ann faoi láthair. Bhraith roinnt daoine go bhfuil an curaclam atá ann faoi láthair *doing its job* agus é fós oiriúnach dá chuspóir.

With regard to the two-stage or three-stage model it is felt that neither model is necessary. Introducing a new system of structuring the curriculum and time allocation could complicate a system that is working well presently. (Cathaoirleach, Bord Bainistíochta Scoile)

Léiríodh meon dearfach sna haighneachtaí i scríbhinn maidir le curaclam na bliana 1999 cé gur luadh ró-ualach curaclaim agus an páipéarachas mar príomhbhacainní i gcoinne cur chun feidhme éifeachtach.

In general, teachers hold positive views in relation to the 1999 Primary School Curriculum although curriculum overload and increased paperwork are cited as the key barrier to effective implementation. (Cumann Múinteoirí Éireann, INTO)

Múnla trí chéim

Léiríodh i bhformhór na n-aighneachtaí i scríbhinn gurbh fhearr le daoine an múnla trí chéim ná an múnla dhá chéim. Dearnadh suntasach a tháinig chun solais arbh ea go dtacaíonn an múnla sin go háirithe le dul chun cinn agus leanúnachas i bhfoghlaim agus i bhforbairt na bpáistí mar go bhfuil sé ag teacht le céimeanna na hóige. Moladh i roinnt aighneachtaí go mbeadh an múnla sin in ann freastal ar riachtanais agus leasanna raon leathan foghlaimoirí.

Overall, the three-stage model may be suitable as it provides a more developmentally appropriate structure and would appear to be better able to cater for the broad needs of children in the primary school. (Corpoideachas, Gníomhaíocht Choirp agus Spórt Óige [PEPAYS Ireland])

Agus é á chur in iúl gurb é an múnla sin an rogha tosaíochta, dúradh i roinnt aighneachtaí go mbainfeadh páistí tairbhe as cur chuige bunaithe ar ábhar maidir le teagasc agus foghlaim.

Our preferred model is the three-stage model as this gives recognition to pupils who need a topic based approach to teaching and learning...A topic based approach lays out all the subject areas and learning processes. It also allows for a collaborative approach among teachers and topic areas would be chosen as part of the yearly plan to encourage pupils to learn. (Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta)

Bhí líon beag aighneachtaí i scríbhinn ann inar léiríodh imní go mbeadh múinteoirí sáinnithe i gcéim ar leith mar gheall ar dhifríochtaí idir na modhanna teagaisc ar fud na gcéimeanna. Mar fhreagra ar an moladh go n-úsáidfí réimsí curaclaim i gCéim 2, éilíodh sna haighneachtaí i scríbhinn go ndéanfaí taighde agus léirmhíniú ní ba mhó ar na difríochtaí idir réimsí curaclaim agus ábhair.

It must be noted that there needs to be further information provided on the three-stage model, in particular the distinction between curriculum areas and subjects. (Líonra OSPS)

Ag teacht le pointí a rinneadh níos luaithe faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag struchtúr curaclaim nua ar ábhair aonair, léiríodh imní go bhféadfaí dochar a dhéanamh do cháilíocht an Chorroideachais laistigh de struchtúr a bheadh bunaithe ar réimsí curaclaim. Bhí imní ann freisin go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar struchtúr curaclaim dhifreáilte go mbeadh bearna eolais ann idir na ranganna sóisearacha agus na ranganna sinsearacha.

Múnla dhá chéim

Cé gur léir nárbh é an múnla dhá chéim an rogha tosaíochta, léiríodh an dearcadh sna haighneachtaí i scríbhinn gurb é an rogha é is mó a chothaíonn an comhleanúnachas idir na ranganna sóisearacha agus na ranganna sinsearacha. Tháinig sé chun solais freisin gur maith mar a d'oirfeadh an múnla sin go háirithe do scoileanna ina bhfuil dhá mhúinteoir agus do scoileanna sóisearacha/sinsearacha.

I would prefer 2-stage model as a 3-stage model would be hard to implement in a 4 class multi class situation from 3rd to 6th. (Príomhoide Scoile)

I believe that a two-stage model would be preferable to a three-stage model. I am teaching in a senior school (3rd – 6th class) which is run very distinctly and differently from the junior school. (Múinteoir)

Tá an dearcadh ann i leith an mhúnla sin gur mó a chothaíonn sé an comhleanúnachas ó na ranganna sóisearacha go dtí na ranganna sinsearacha. Luaitear freisin an tairbhe a bhainfeadh na páistí as a bheith ag gabháil do churaclam atá bunaithe ar *Aistear* go dtí deireadh rang a dó.

As a teacher of first and second classes, I strongly support the extension of an Aistear-style, thematic approach from junior infants through second class in place of our 12 subject curriculum. (Múinteoir)

Meastar go bhfuil sé oiriúnach do pháistí i dtaobh na forbartha.

Our preference is for a two-stage model with a transition at 6/7 years of age. The advantage of this model is that it is based on an understanding of child development and is echoed in other high performing education systems. (Lifeways Ireland CLG)

Ar an lámh eile, luadh teannas maidir le téamaí a bheith in úsáid i gCéim 1 agus ábhair i gCéim 2.

However, progressing directly from Aistear-based themes to subjects is a big jump and needs to be introduced incrementally in a manner that is beneficial to both teaching and learning. (PEPAYS Ireland)

Aistear agus foghlaim bunaithe ar chluichí

I bhformhór na n-aighneachtaí i scríbhinn, tacaíodh le comhtháthú phrionsabail, téamaí agus cineálacha cur chuige *Aistear* sa churaclam do ranganna naíonán. Measadh gur thráthúil agus gur chúí é sin chun ailíniú agus leanúnachas níos fearr a sholáthar idir oideachas réamhscoile agus ranganna na naíonán sna bunscoileanna. Moladh freisin go bhféadfadh *Aistear* cuidiú leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.

We welcome the possibility of further embedding the Aistear framework in primary schools because we believe it benefits children in terms of the transition to school and the learning experience. (Early Childhood Ireland)

Dearbhaíodh arís eile sna haighneachtaí i scríbhinn gur fearr le daoine cur chuige leathan de réir téamaí ina mbíonn gníomhaíochtaí faoi threoir na bpáistí agus faoi threoir an mhúinteora sna ranganna naíonán agus gur mór acu luach an chur chuige sin. Rinneadh formhuiniú arís ar luach an spraoi mar mhodh teagaisc agus éilíodh go dtabharfaí tús áite dó.

The principles of playful learning, which are features of education in other countries such as Finland should be embedded in the curriculum review and the role of play and a playful approach to learning embedded in a revised curriculum. (Coláiste Mhuire gan Smál)

Recent years have seen the benefits of play taking centre stage through the promotion of the Aistear Programme. The research that forms the basis for the development of this programme is clear on the central role of play. (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha)

Mar sin féin, tugadh foláireamh faoina phraiticiúla a bheadh sé curaclam a bhí bunaithe ar *Aistear* a chur chun feidhme i ranganna na naíonán (agus b'fhéidir sna ranganna sóisearacha) sa bhunscoil. Bhain sé sin leis an ngá go mbeadh tuiscint iomlán ag múinteoirí bunscoile ar chreat curaclaim *Aistear* ina chiall is leithne agus le héileamh ar a fháil amach, trí mheán taighde, céard iad láidreachtaí agus laigí an chreat curaclaim *Aistear* agus é á úsáid i gcomhthéacs bunscoile.

Aistear has not been sufficiently resourced and / or embedded in schools at this time such that we can determine if it is the best model to form such a large part of the curriculum here. (Príomhoide Scoile)

Iarradh go sainráite ar fud na n-aighneachtaí go gcuirfí clár cuimsitheach forbartha gairmiúla ar bun do mhúinteoirí agus go gcuirfí acmhainní agus spás ar fáil. Measadh freisin go raibh cóimheas

laghdaithe idir daltaí agus múinteoirí agus am pleanála do mhúinteoirí ina réamhriachtanais maidir le haon chur chuige curaclaim atá téamach, bunaithe ar spraoi agus faoi threoir na bpáistí.

While Aistear is praiseworthy and a great curriculum for young children up to six, I have concerns about extending it upward to older children.

Challenges

- *Inadequate resources*
- *Large class sizes and room size ...*
- *Aistear requires a lot of space*
- *.....Some special needs children cannot cope in a play environment and find it stressful*
- *Quality of teaching and learning is harder to assess and learning objectives could be hazy and vague*
- *A considerable amount of CPD for teachers would be required if the Aistear model were to be extended. When would this be done? During school time?*
- *Teachers currently teach using a thematic approach and link various curricular subjects. Significant time would be required to devise, plan, implement, assess, set up class, clean up, storage time if Aistear was extended. (Príomhoide Scoile)*

Céim 1 a chuimseodh an dá bhliain réamhscoile

Tríd is tríd, cuireadh fáilte roimh an moladh go mbeadh an t-eispéireas foghlama réamhscoile ina chuid den chéim chéanna leis na ranganna luath-bhunscoile.

Teachers were generally supportive of the need for more linkage between pre-schools and primary schools to ensure continuity of learning and experience. (Cumann Múinteoirí Éireann)

Mar sin féin, bhí inní agus amhras ar roinnt daoine maidir leis na difríochtaí idir réamhscoileanna agus bunskoileanna i dtéarmaí struchtúr, leibhéil foirne agus cáilíochtaí, cáilíocht an tsoláthair d'fhoghlaim na bpáistí, maoiniú agus acmhainní. Díríodh aird freisin ar an leibhéal íseal cumarsáide agus comhpháirtíochta atá ann faoi láthair idir go leor réamhscoileanna agus bunskoileanna. Sna haighneachtaí i scríbhinn ó roinnt eagraíochtaí luath-óige, cuireadh ceist cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na moltaí sin ar chúram agus oideachas luath-óige. Bhí moladh ann leathnú a dhéanamh ar bhlianta rannpháirtíochta páiste leis an earnáil luath-óige (réamhscoile) tríd an aistriú go dtí an bhunscoil a chur siar go dtí go mbeidh an páiste níos sine.

In the Nordic countries, much quoted as setting the gold standard in education, children are 6 and 7 years old starting school. (Early Childhood Ireland)

Ar an lámh eile, moladh i gceann de na haighneachtaí i scríbhinn go bhféadfaí sraith naíonán trí bliana a thabhairt isteach sa bhunscoil.

The INTO proposes that consideration should be given to the provision of the second year of the ECCE scheme in the primary school with fully qualified teachers to ensure that continuity be better facilitated. (Cumann Múinteoirí Éireann)

Cheistigh eagraíochtaí luath-óige cén fáth nach ndearnadh machnamh ar pháistí ó bhreith go trí bliana sna moltaí i bhfianaise *Aistear* a bheith ag tacú le foghlaim agus forbairt páistí ó bhreith go sé bliana d'aois. Bhí imní ann go bhféadfaí córas scoilte a chruthú maidir le cúram agus oideachas páistí sna luathbhlianta.

PLÉ is concerned that under the NCCA proposals, children under three years of age are not considered part of the education system. (Pedagogy, Learning, and Education [PLÉ])

A further concern would be the potential for this proposal to create a split-system in relation to the care and education of the child in the earliest years...Including children from 3 years of age in the primary curriculum would create an artificial divide and would infer a higher status on the early learning experiences of the 3 year old negating the immense learning experiences of the child under 3 years of age. (Cumann na nGairmithe Óige)

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Leis an teimpléad i gcomhair aighneacht i scríbhinn, spreagadh freagróirí chun machnamh a dhéanamh ar na moltaí maidir le híos-am curaclaim stáit, am solúbtha, leithdháileadh ama le haghaidh téamaí, réimsí curaclaim agus ábhair, agus rinneadh tuairimí a lorg maidir le cé acu ba chóir am a leithdháileadh ar bhonn seachtainiúil, míosúil nó bliantúil.

Ag dul chun cinn ón leithdháileadh ama atá ann faoi láthair

Ba é an dearcadh a bhí i réim, cé go raibh daoine ann nár aontaigh leis, ná go bhfuil an múnla leithdháilte ama seachtainiúil atá i bhfeidhm ag na scoileanna 'ró-dhocht'. Ba mhó an meas a bhí ag freagróirí ar na moltaí maidir le leithdháileadh ama sa chomhairliúchán seo: measadh go bhfuil siad solúbtha agus go bhfreastalaíonn siad ar leasanna, riachtanais agus cumas na bpáistí.

The weekly counting of hours restricts school autonomy and prevents schools from making an informed response to contextual issues. (Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Scoil an Oideachais, Ollscoil Mhá Nuad)

Léiríodh gurbh fhearr le freagróirí breis solúbthachta agus neamhspleáchais a bheith ag múinteoirí agus scoileanna ná mar atá faoi láthair sá chlársceidealú agus sa phleanáil scoile. Mar sin féin, dúirt na freagróirí go soiléir freisin go bhfuil gá le sásraí cuntasachta chun féachaint chuige go bhfaigheadh páistí a dteidlíocht iomlán don churaclam bunscoile le linn gach céime dá gcuid foghlama i ngach seomra ranga bunscoile. Os a choinne sin, luadh i líon i bhfad níos lú aighneachtaí nach bhfuil aon ghá le hathrú a dhéanamh ar an múnla leithdháilte ama atá sna bunscoileanna. Tháinig an dearcadh chun cinn freisin go mbeadh sé ag teacht leis an gcleachtas reatha ina lán scoileanna dá rachfaí chuig leithdháileadh 60% don Íos-am curaclaim stáit agus 40% don Am Solúbtha. Moladh go bhféadfadh múinteoirí pleanáil de réir mhodheolaíocht teagaisc seachas am sainiúil faoi réir ábhair, mar shampla, foghlaim ghníomhach, plé, obair thionscadail, scríbhneoireacht. D'fhéadfadh an cur chuige sin cur i gcoinne na faidhbe a bhaineann le ró-ualach curaclaim agus béim a leagan ar mhodheolaíochtaí dea-theagaisc.

Íos-am curaclaim stáit

Tugadh ar aird go gceadódh íos-am curaclaim stáit caighdeánú maidir le téamaí lárnacha, réimsí curaclaim agus ábhair sa churaclam. Leagadh béim air go bhféadfadh sé go n-oirfeadh sé do phleanáil traschuraclaim thar ghrúpaí ábhar, go neartódh sé an cur chuige sin, agus go dtacódh sé le foghlaim níos doimhne trí obair thionscadail agus trí chur leis na deiseanna le haghaidh foghlaim dhifreáilte. D'fhéadfadh sé deiseanna comhtheagaisc a chur ar fáil freisin agus a chur ar a gcumas do mhúinteoirí leas a bhaint as a gcuid saineolais agus buanna i dtimpeallachtaí foghlama éagsúla ar fud na scoile.

Agus miondealú ar na leithdháiltí ama á mbreithniú acu, léirigh freagróirí tacaíocht láidir do leithdháileadh ama seachtainiúil a bheith leagtha amach go sainiúil do Theangacha agus don Mhatamaitic.

Ó thaobh leithdháileadh ama aontaíonn COGG gur chóir am sainiúil seachtaine a leagan amach don mhatamaitic agus do theanga (Béarla agus Gaeilge), rud a léireodh tábhacht na scileanna sin. (COGG)

Bhí tacaíocht ann chomh maith do leithdháileadh ama seachtainiúil don Chorpoideachas agus don Fholláine. Bhraith freagróirí go raibh sé cuí ó thaobh na forbartha go ndéanadh páistí Corpoideachas ar bhonn seachtainiúil agus gur thug sé seans dóibh gníomhaíocht choirp a dhéanamh go rialta. Léiríodh imní sna haighneachtaí go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar leithdháiltí míosúla nach mbeadh ach bloic Chorpoideachais á soláthar do na páistí.

A weekly time allocation for PE makes it apparent to pupils and parents alike that regular physical activity is important. (Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann [IPPEA])

Physical Education is proven to benefit children both physically and academically and enables children to build important motor skills that will benefit them throughout their adult life. (PEPAYS Ireland)

Tacaíodh go mór le leithdháiltí míosúla i ngach téama, réimse curaclaim agus ábhar curaclaim eile agus éilíodh go nglacfaí an cur chuige sin. Díríodh aird sna haighneachtaí ar shochair fhéideartha ar nós comhtháthú níos fearr a éascú ar fud na n-ábhar; an fhoghlaím a threisiú trí obair thionscadail agus cur leis na deiseanna chun dúshlán na bpáistí an-chumasach a chur. Bhraith a lán freagróirí go mba shriantach an beart é achar ama ní ba lú ná mí a leagan síos. Mar sin féin, dúradh in aighneacht amháin, *a weekly time allocation is preferred to preserve the opportunities for students to engage in curricular areas on a frequent basis* (Coláiste Mhuire gan Smál). Moladh in aighneacht eile go leagfaí síos amanna íosta míosúla i gcomhair gach disciplín ábhair laistigh de gach réimse curaclaim ionas nach mbeadh an baol ann go ndéanfaí creimeadh ar ábhair. Mura dtabharfaí treoir shoiléir faoi chúrsaí ama, ba léir go raibh imní ar roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí roinnt ábhar a ligean ar lár de bharr roghanna, eolas agus scileanna na múinteoirí aonair. D'fhéadfadh múinteoirí áirithe leithdháileadh breise ama a thabhairt do réimsí curaclaim nó d'ábhair eile. Bhíothas buartha freisin go bhféadfadh sé nach bhféadfadh leithdháileadh 60% dóthain ama chun curaclam leathan, cothrom a chlúdach. Níor léiríodh aon spéis in úsáid a bhaint as leithdháiltí ama in aghaidh an téarma ná in aghaidh na bliana.

Am solúbtha

Agus na moltaí ar am solúbtha á mbreithniú acu, rinne na freagróirí machnamh agus trácht ar na héilimh éagsúla ama a bhíonn a gcur ar scoileanna agus múinteoirí, agus a bhíonn seasta ag dul i méid. Tríd an lionsa sin, breathnaíodh ar an am solúbtha mar rud a d'fhéadfadh cuidiú leis an teannas a bhíonn sna scoileanna cheana féin a mhaolú, agus d'fháiltigh formhór na bhfreagróirí roimhe. Bhí ceist ann, áfach, faoi úsáid an téarma 'am solúbtha'. D'eascair an freagra seo ó bhreithniú ar ghnéithe aonair an ama sholúbtha, ar measadh a raibh cuid acu neamh-sholúbtha: *Cé chomh solúbtha is atá an t-am solúbtha seo?* (COGG). Dá bhrí sin, dhearbhaigh go leor freagróirí go bhféadfadh an téarma mearbhall agus débhríocht a chruthú trí gan léiriú cruinn a dhéanamh ar úsáid an ama sin. Mar sin, cé go raibh meon dearfach ann i leith choincheap an ama sholúbtha, ní mór tuilleadh breithniú a dhéanamh ar ainm agus ar chomhpháirteanna an ama sin.

Breathnaíodh ar an am solúbtha mar rud a léirigh meas ar bhreithiúnas agus saineolas gairmiúil na múinteoirí agus a chur ar a gcumas dóibh freagairt go cruthaitheach nuálach do riachtanais, leasanna

agus cumais na bpáistí. Braitheadh go raibh solúbthacht agus rogha ag teastáil ó mhúinteoirí, mar dhaoine gairmiúla, ar leibhéal na scoile agus an tseomra ranga. Luadh an focal 'neamhspleáchas' go minic sna haighneachtaí agus cur síos á dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an t-am solúbtha tacú le múinteoirí chun foghlaim ó thaithí a chothú. Measadh go bhféadfadh am solúbtha cur leis na roghanna agus maolú a dhéanamh ar an mbrú a ghabhann le srian na n-amchlár seachtainiúil. Éilíonn sé sin gur mó roghanna agus saoirse a bheadh ag scoileanna agus am á leithdháileadh acu le haghaidh téamaí, réimsí curaclaim agus ábhar sonracha. Léiríodh go soiléir an luach a bheadh ag treoirlínte a d'fhéadfadh scoileanna a úsáid chun cuidiú leo an t-am solúbtha a chur chun feidhme.

Gnéithe sonracha den am solúbtha

Bhí gné amháin den am solúbtha ar ar díródh aird ar leith sna haighneachtaí i scríbhinn—clár an phátrúin. Rinneadh an-chuid tráchtairachta faoin moladh go mbeadh clár an phátrúin ina chuid den am solúbtha. Léiríodh imní go bhféadfadh an moladh sin an bonn a bhaint de chlár an phátrúin agus íslíú céime a thabhairt dó sna bunscoileanna. Léiríonn an sliocht seo a leanas an cineál barúla a cuireadh in iúl sna haighneachtaí a fuarthas:

With regard to moving religion to flexible time, it would have an adverse effect on schools' ethos and also it would damage children's religious and spiritual development. Putting religion into flexible time diminishes the subject entirely.
(Comhairleoir Deoise, Deoise Ail Finn)

Bhraith freagróirí freisin gurb amhlaidh, dá gcuimseofaí clár an phátrúin san am solúbtha, go mbeadh tionchar aige sin ar chearta na dtuismitheoirí ar fhoirmiú reiligiúnach agus mhorálta a gcuid páistí agus ar fhreagracht an bhoird bainistíochta cloí leis an dualgas atá air faoin dlí a bheith freagrach don phátrún.

Parents have the right to ensure that their children's education is in conformity with their religious and philosophical convictions. (Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha)

Bhí sé sin ag teacht go dlúth le buairt bhunúsach maidir le sláine spiorad saineiúil na scoileanna atá bunaithe ar chreideamh a chosaint san am atá le teacht.

If Religious Education becomes part of the non-core and therefore discretionary curriculum, will it eventually become, as the Forum recommended, a discrete subject? If so, it would be seriously damaging to the characteristic spirit of faith based schools. (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha)

Mhol roinnt freagróirí go n-áireofaí an tríú catagóir ama, ina bhféadfaí clár an phatrúin agus am áineasa a chuimsiú.

Bhí dhá fho-théama shoiléire le sonrú sa mhéid a dúradh faoi chlár an phatrúin sna freagraí i scríbhinn. Baineann an chéad cheann leis an Oideachas Reiligiúnach a bheith á athainmniú, dar leis na freagróirí, mar 'clár an phátrúin'⁴. Mheas roinnt daoine gurb ionann úsáid an téarma sin agus iarracht laghdú a dhéanamh ar an áit lárnach atá ag an Oideachas Reiligiúnach i scoileanna atá bunaithe ar chreideamh. Baineann an dara fo-théama le spriocanna fadtéarmacha an churaclaim agus cuimsiú féideartha curaclaim san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic, in ionad an Oideachais Reiligiúnaigh.

It is difficult not to have suspicions that the State wishes to remove the Patron's programme as part of a core curricular subject area so that it can manoeuvre itself into a situation whereby it can introduce ERBE as an integrated part of the state curriculum. (Comhairleoir Deoise ar an Oideachas, Deoise Chluana)

I gcomparáid leis sin, léiríodh dearcadh eile in aighneacht i scríbhinn nuair a dúirt an freagróir nár chóir áit a bheith ag an Oideachas Reiligiúnach, lena gcuimsítear foirmiú creidimh, i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.

Catholic / religious 'education' (indoctrination?!) should be left out of school curriculum altogether and replaced by philosophy / informing in a neutral manner about ALL world religions.... (Tuismitheoir)

Léiríodh díomá freisin nár áiríodh sa doiciméad comhairliúcháin tagairt don fhéidearthacht atá ann curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic a bheith ina chuid den churaclam bunscoile. Tugtar sampla den dearcadh sin thíos:

I am in favour of the new ERB programme that is being developed at the moment. I believe it is important for children to learn about religions and ethics and this will encourage and support respect and celebration of diversity. However, I do not feel that faith formation (Religious Education of the patron body) has a place in publicly funded, state schools. (Múinteoir)

EQUATE is disappointed that there is not a specific mention of an Education about Religions and Beliefs and Ethics as part of the core curriculum time. There is an opportunity as part of this curriculum redevelopment to create and make a subject

⁴ Tagann úsáid an téarma 'clár an phatrúin' ón Acht Oideachais, alt 32(d), lena bhféachtar chuige go gcinnteoidh an tAire, 'maidir leis an méid ama teagaisc a thabharfar d'ábhair ar an gcuraclam de réir mar a chinnfidh an tAire i ngach lá scoile, gur méid é a fhágfaidh gur féidir cibé am réasúnach teagaisc a chinnfidh an bord le toiliú an phátrúin a thabhairt d'ábhair a bhaineann le spiorad saineiúil na scoile nó a éiríonn as an spiorad sin.' Cé gurbh iondúil gur bhain gné reiligiúnach leis na hábhair sin san am atá caite, le blianta beaga anuas tá cláir oideachais eitice, fealsúnachta, ilchreidmheacha agus luachanna forbartha ag patrúin. Cuimsítear sa téarma 'clár an phátrúin' na cláir uile arna bhforbairt ag patrúin, cibé an clár reiligiúnach, fhealsúnach, eiticiúla nó thuata iad.

which celebrates the growing diversity in Ireland while also sowing the seeds of cultural respect within our classrooms. (EQUATE Ireland)

Pointí eile ó na haighneachtaí i scríbhinn

Cé gur phléigh na haighneachtaí i scríbhinn leis an dá mholadh, agus gur tugadh freagra orthu, cuireadh ábhar machnaimh eile i láthair iontu freisin. Ar an gcéad dul síos, bhí snáithe suntasach ann maidir leis na himpleachtaí níos leithne a bhaineann le forbairt, cur i ngníomh agus inbhuanaitheacht struchtúir curaclaim nua agus múnla nua maidir le leithdháileadh ama. Cuireadh ceist an soláthrófaí acmhainní breise ó thaobh ábhair, airgid, bonneagair, ama agus daoine do na scoileanna, lena chinntiú go raibh gach rud acu a theastaigh uathu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le curaclam nua a thabhairt isteach i gcomhthéacs áitiúil.

Bhí baint aige sin le tuairim an-láidir faoi na hoiriúnuithe a bheadh ag teastáil i gcás cúrsaí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí agus ar riachtanais foghlama gairmiúla na múinteoirí atá sa chóras cheana féin. D'aithin na freagróirí muinín, tiomantas agus cumas an mhúinteora mar nithe an-tábhachtach. As an méid sin, d'eascair ceisteanna maidir le cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh múinteoirí a bheith ag súil leis go réasúnach go gcuirfí oiliúint ghairmiúil ardchaighdeán orthu chun cabhrú leo déileáil le hathruithe curaclaim ar an scála seo. Trí na haighneachtaí i scríbhinn, d'iarr freagróirí go ndéanfaí machnamh ar conas is fearr a d'fhéadfadh múnla cáilíochta d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun cur lena gcuid saineolais ghairmiúil ionas go n-éireodh go geal leo agus iad ag obair le curaclam athfhorbartha. Éilíodh go soiléir go gcuirfí struchtúir, acmhainní agus próisis mhionsonraithe i bhfeidhm chun an méid sin a bhaint amach. Léiríonn an sliocht thíos na smaointe a bhí ag a lán freagróirí sna haighneachtaí i scríbhinn:

A comprehensive programme of Continuous Professional Development (CPD) for all current teachers as well as changes to the teacher training programmes currently on offer for trainee teachers would also need to be considered and developed. These programmes and changes should be developed in conjunction with the overall reform of the curriculum so that there are no gaps between teachers training and the roll out of the revised curriculum to all schools that could lead to confusion or delayed implementation. (EQUATE Ireland)

Luadh ina lán aighneachtaí ullmhacht agus cumas chóras na scoileanna i leith athrú suntasach ar an gcuraclam. Thapaigh freagróirí an deis lena lua go bhfuil athruithe curaclaim suntasacha ag tarlú sna bunscoileanna faoi láthair agus Curaclam nua Teanga na Bunscoile (2015) á thabhairt isteach; agus go bhfuil curaclam matamaitice nua á fhorbairt. Breathnaíodh ar fhorbairt na gcuraclam nua sa Teanga

agus sa Mhatamaitic mar chúram ar tugadh faoi ró-luath i gcomhthéacs an athbhreithnithe agus na hathfhorbartha ar churaclam na bunscoile ina iomláine. Cuireadh imní in iúl faoi chumas na scoileanna leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le hathruithe leanúnacha ar an gcuraclam, i gcomhthráth le hathruithe eile ar an gcóras ar nós thabhairt isteach an Mhúnla Leithdháilte maidir le Riachtanais Oideachais Speisialta agus feidhmiú *Droichead: An creat comhtháite um ionduchtúchán gairmiúil*. Rinneadh tagairtí do scoileanna a bheith fós ag obair faoi shrianta téacsleabhar agus tástálacha caighdeánaithe.

Mhol roinnt freagróirí go mba mhaith an rud é staidéar píolótach a chur i bhfeidhm le roinnt scoileanna éagsúla ar fud na tíre. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do lucht déanta beartas féachaint ar an ról a bheadh ag an gcuraclam nua i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus i gcás réimsí éagsúla den churaclam. Ba chuid thábhachtach den staidéar píolótach é meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar rannpháirtíocht na scoileanna. Bhí na rannpháirtithe den tuairim gur chóir go ndéanfaí é sin sula gcuirfí athrú i bhfeidhm ar fud an chórais.

Achoimre ar na príomhthéamaí ón gcomhairliúchán

An struchtúr a bheadh ar churaclam athfhorbartha bunscoile

Ar fud na bhformáidí comhairliúcháin uile, tháinig cúig phríomhthéama chun cinn mar fhreagra ar na moltaí i dtaca le struchtúr an churaclaim. Tugtar achoimre orthu thíos.

1. **Bhí meon dearfach agus tacaíocht ann i leith céim amháin curaclaim ina gcuimseofaí an dá bhliain réamhscoile agus ranganna na naíonán.** Ba léir an méid sin beag beann ar thosaíocht a bheith á tabhairt do struchtúr curaclaim dhá chéim nó trí chéim. Measadh gur bhain tábhacht leis sin chun tacú leis an leanúnachas in eispéiris foghlama na bpáistí ó thimpeallacht amháin oideachais go dtí an chéad cheann eile. Thug na freagróirí ar aird an deis atá ann baint níos mó a bheith idir an réamhscolaíocht agus an bunoidreachas. I dtaobh cúinsí praiticiúla, rinneadh tagairt do dhifríochtaí idir réamhscoileanna agus bunscoileanna maidir leis an gcóimheas daltaí/múinteoirí agus leibhéil íosta na gcáilíochtaí a theastaíonn ó chleachtóirí agus múinteoirí. Tugadh ar aird freisin difríochtaí idir coinníollacha agus tuarastail do chleachtóirí sa dá earnáil.
2. Aontaíodh go forleathan gur mhaith an rud é **struchtúr curaclaim níos comhtháite a úsáid do ranganna naíonán.** Measadh go mba chúí i dtaobh na forbartha do pháistí é múnla curaclaim ní ba shaibhre agus ní b'iomláine a bheith ann ag an gcéim seo foghlama agus forbartha; gurbh fhéarr a thacódh a leithéid le forbairt teanga ó bhéal i measc na bpáistí, go gcuideodh sí le spraoi faoi threoir páistí agus go gcothódh sí aistriú dearfach, éifeachtach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Measadh freisin go mbeadh struchtúr curaclaim ní ba chomhtháite agus ina raibh béim ní ba mhó ar théamaí ina chúnamh i dtaobh pleanála do mhúinteoirí na naíonán sóisearach agus sinsearach. Aithníodh an dúshlán atá ann faoi láthair maidir le cur chuige teagaisc ar bhonn spraoi a úsáid i gcuraclam bunaithe ar ábhair sna ranganna naíonán, agus na dúshláin a bhaineann le hacmhainní agus rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
3. Bhí an meon ann gur chóir **go mbainfeadh tábhacht le hábhair go fóill i gcuraclam na bunscoile.** D'aontaigh tromlach mór gur féidir le cur chuige bunaithe ar ábhair i mblianta sinsearacha na bunscoile cabhrú le páistí aistriú isteach san iar-bhunscoil trí chuidiú leis an ailíniú ar na curaclaim. Ní rabhtas ar aon fhocal, áfach, maidir le cén uair ar cheart go mbeadh na hábhair le feiceáil sa churaclam. Bhí imní ar dhaoine áirithe go bhféadfadh sé a bheith ró-dhéanach dá dtabharfaí isteach i rang a cúig iad, agus mheas roinnt daoine gur chóir iad a thabhairt isteach chomh luath le rang a haon. Cuireadh in iúl go soiléir nár chóir caolú a dhéanamh ar an

Oideachas Ealaíon, an Corpoideachas, an Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, ná an Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), ná easpa áite a bheith acu i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.

4. **Ba mhó an tacaíocht a tugadh don mhúnla trí chéim;** bhí an dearcadh ann ina leith gur contaman nádúrtha, forásach oideachais é. Mheas a lán daoine go mba chúig an múnla trí chéim i dtaobh na forbartha agus an teagaisc. Bhraith freagróirí freisin gur nádúrtha an rud é an dul chun cinn ó théamaí go réimsí curaclaim go hábhair. Rinne freagróirí tagairt do na buntáistí a bhaineann le cur chuige téamacha, comhtháite, dul chun cinn nádúrtha idir na céimeanna, agus leanúnachas i bhfoghlaim na bpáistí. Agus an múnla dhá chéim á bhreithniú, bhí roinnt imní ann maidir le fad ama gach céime agus measadh go bhféadfadh sé a bheith deacair ag páistí aistriú ó chur chuige ar bhonn curaclaim téamach i gCéim 1 chuig curaclaim bunaithe ar ábhair i gCéim 2.
5. Aithníodh na **dúshláin phraiticiúla** maidir le múnla dhá nó trí chéim a chur i bhfeidhm i **mbunscoileanna beaga ina bhfuil seomraí ranga ilghráid**. Bhí an-chuid le rá ag na freagróirí agus iad ag aontú leis an mbarúil sin. Bhí bá ag cuid acu leis an múnla dhá chéim maidir le teagasc agus foghlaim i scoil bheag agus bhí daoine eile i bhfabhar an mhúnla trí chéim. Bhraith daoine eile fós nach bhfuil ceachtar múnla praiticiúil ná inbhuanaithe mar gheall ar shaincheisteanna teagaisc agus eagrúcháin sa chás ina múintear ranganna éagsúla in aon seomra ranga amháin.

Leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile

Ar fud na bhformáidí comhairliúcháin uile, tháinig ceithre phríomhthéama chun cinn mar fhreagra ar na moltaí i dtaca le ham. Tugtar achoimre orthu thíos.

1. Thacaigh daoine **le hathrú a dhéanamh ar an gcaoi a leithdháiltear am ar fud an churaclaim**. Cé gur leagadh béim air go mbeadh gá le treoir agus tacaíocht faoin gcaoi is fearr leis na hathruithe sin a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile, aithníodh gur gá athchumrú a dhéanamh ar na leithdháiltí ama mar atá faoi láthair. Faoin múnla ama atá i bhfeidhm sna scoileanna cheana maidir le leithdháileadh ama, d'fhéadfadh easpa leanúnachais a bheith le sonrú in eispéireas na bpáistí leis an gcuraclam. Aithníodh, áfach, nach mbeadh tabhairt isteach múnla maidir le leithdháileadh ama, gan tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an gcuraclam, ina réiteach ar an bhfadhb go bhfuil curaclam na bunscoile róphlódaithe.

2. **Thacaigh daoine go láidir le solúbthacht níos mó a bheith ag na scoileanna maidir leis an gcaoi a leithdháiltear am sa churaclam.** Chuir freagróirí in iúl gur fearr a léireadh na cinntí seo, ach iad a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil, comhthéacs gach scoile aonair. Cheap múinteoirí go raibh siad féin i riocht maith chun am a leithdháileadh sna ranganna agus sna scoileanna. D'fhéadfadh breis solúbthachta tacú le múineadh níos cruthaithí, pleanáil théamach agus foghlaim bunaithe ar thionscadail, arbh fhearr a léireadh riachtanais, leasanna agus cumas na bpáistí. Measadh gurb ionann solúbthacht mhór a bheith ag na scoileanna maidir lena chinneadh conas a dhéantar am a leithdháileadh agus muinín as gairm na múinteoireachta a léiriú.
3. Aontaíodh go ginearálta leis an moladh maidir le dhá chatagóir a bheith ann ó thaobh leithdháileadh ama. Cuireadh fáilte roimh **an gcóimheas ama 60:40** a moladh maidir le híos-am curaclaim stáit agus am solúbtha. Laistigh den Íos-Am Curaclaim Stáit, measadh gur cuí na leithdháiltí ama seachtainiúla atá molta i gcomhair Teanga agus na Matamaitice agus measadh go gcuideodh na leithdháiltí míosúla don chuid eile den churaclam le húsáid a bhaint as modhanna teagaisc is fearr a oireann d'aois sa seomra ranga. Ceistíodh an téarma 'Am Solúbtha' féin ar fud na bhformáidí comhairliúcháin. Bhraith roinnt freagróirí go bhféadfadh sé nach mbeadh sé chomh solúbtha is a thabharfadh an figiúr 40% le fios, agus mar sin go mb'fhéidir go mbeadh téarma eile ag teastáil. Ceistíodh cuimsiú na sosanna agus am áineasa san Am Solúbtha, agus, níos suntasaí fós, ceistíodh clár an phátrúin a bheith cuimsithe ann. Meastar go n-aithnítear leis an Am Solúbtha neamhspleáchas gairmiúil na scoileanna agus na múinteoirí agus go bhféadfadh sé cabhrú leis an mbrú ama atá ar na scoileanna cheana a laghdú.
4. Ós rud é go gcuirtear am in áirithe go gach ábhar faoi churaclam 1999, **bhí imní ar dhaoine go bhféadfadh roinnt ábhar a bheith thíos leis an athbhreithniú ar leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile.** Cuireadh ceist cén chaoi is fearr chun am solúbtha a phleanáil go comhsheasmhach agus cothromaíocht a choinneáil lena gcomhlíonfar riachtanais na bpáistí, gan neamhaird a dhéanamh d'ábhair ná aird as cuimse a dhíriú orthu. Mheas freagróirí go bhfuil gá le cineál éigin treorach chun tacú le leithdháileadh ama faoi churaclam nua.

Smaointe eile ón gcomhairliúchán

Thug an comhairliúchán deis do dhaoine tuairimí a chur in iúl, mar aon le freagraí ar shaincheisteanna níos leithne oideachais. Luaitear thíos cuid de na smaointe agus an léargas eile a fuarthas ón anailís sonraí.

1. Cé go raibh fáilte roimh na tograí le haghaidh comhairliúcháin tríd is tríd, mheas roinnt daoine go raibh siad ag imeacht ón gcuraclam bunscoile soiléir, struchtúrtha atá ann cheana féin. Chuirfí fáilte roimh athbhreithniú níos doimhne ar **na cúiseanna** a bhfuil an curaclam atá ann faoi láthair á athbhreithniú. Bheadh tairbhe le baint as léargas soiléir ar **na haidhmeanna, na prionsabail agus na teoiricí tábhachtacha foghlama** is bonn le curaclam athfhorbartha.

2. Thug freagróirí ar aird go mbeadh leasú ar bith ar struchtúr an churaclaim agus ar na leithdháiltí ama ina gcúis le hathrú cultúrtha do phobal na scoile, rud a d'éileodh **athrú ar mheon na múinteoirí** agus ar an gcur chuige a ghlacann siad i leith an teagaisc. Beidh am de dhíth ar gach duine a bhfuil baint acu leis an gcóras bunscoile (páistí, tuismitheoirí, múinteoirí, lucht bainistíochta, seirbhísí tacaíochta) chun dul i dtiaithí ar na hathruithe sin. Dúirt freagróirí nár mhór **an t-athrú** a thabhairt isteach ar bhealach spriocdhírthe, forásach, agus nár mhór d'fhorbróir an churaclaim (CNCM) dlúthbhaint a bheith aige i gcónaí le tabhairt isteach agus cur i ngníomh an churaclaim nua sna scoileanna.

3. Measadh gur den riachtanas é **beartas agus cleachtas maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach** a ullmhú agus a sholáthar chun tacú leis an athrú sin. Léiríodh san anailís go raibh gá le cineálacha éagsúla cur chuige agus tacaíochtaí a chur san áireamh le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach ó sholáthraithe éagsúla. Éilíodh go mbeadh fáil ag gach múinteoir ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach dá leithéid ar feadh a ngairme. Ba iad seo a leanas na réimsí foghlama ba mhinice a luadh i gcás múinteoirí:
 - tuiscint agus léirthuisicint a fháil ar **aidhmeanna agus prionsabail** an churaclaim nua
 - foghlaim conas **cineálacha cur chuige nua agus nuálacha teagasc** (lena n-áirítear foghlaim bunaithe ar chluichí agus foghlaim faoi threoir páistí) a chuimsiú sa teagasc
 - **curaclam comhtháite** a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i ngníomh trí mheán téamaí/réimsí curaclaim/ábhar
 - **leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla ama** agus **am solúbtha** a leabú sna próisis phleanála.

4. Thug na freagróirí ar aird an mhór-acmhainn atá sna tograí chun **athstruchtúrú iomlán a dhéanamh ar eispéireas bunscoile páiste** lena bhféadfaí ceangal a dhéanamh idir scileanna lárnacha sa tsraith shóisearach agus *Aistear*. Luaigh cuid acu freisin an deis atá ann smaoineamh ar ghnéithe cosúil le foirgneamh na scoile, leagan amach na seomraí ranga, agus fad an lae scoile do pháistí. Níl sa churaclam ach *aon phíosa amháin de na míreanna mearaí!* Tá an méid sin ceangailte leis an éileamh ar **athrú córais** chomh maith le hathrú curaclaim. Mar sin féin, bhí **maoiniú an athraithe agus acmhainní a sholáthar dó** ina ábhar imní ag a lán daoine. Bhraith

freagróirí go mbeadh tionchar ag costas na n-acmhainní, na mball foirne, an bhonneagair agus na n-athruithe ar fhoirgnimh scoile ar an toradh a bheadh ar mhúnla nua curaclaim. Cheistigh siad an mbeadh fáil ar dhóthain acmhainní chun na moltaí curaclaim a chur i ngníomh ina n-iomláine.

5. Measadh go ndeachaigh sé **chun tairbhe an chomhairliúcháin go raibh páistí páirteach ann**, agus luaigh grúpaí agus daoine aonair an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí maidir le curaclam bunscoile na todhchaí agus maidir lena fhorbairt. Bhí na freagróirí den tuairim go bhféadfaí faisnéis úsáideach a fháil ach cluas éisteachta a thabhairt do pháistí agus ceist a chur orthu faoina saol scoile.
6. Leagadh béim ar **ról lárnach na dtuismitheoirí** i mbunoidéachas páistí agus ar an dúshlán atá ar na scoileanna cuidiú le tuismitheoirí tuiscint a bheith acu ar an tairbhe a bhaineann le cineálacha cur chuige éagsúla teagaisc agus foghlama.

An chéad chéim eile den obair

Mar a luadh, thug an comhairliúchán an chéad deis le beagnach fiche bliain dóibh siúd atá ag obair i réimse an bhunoideachais chun machnamh a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim agus ar an gcaoi ar chóir am a leithdháileadh taobh istigh de. Cé gur díriodh den chuid is mó sna tograí comhairliúcháin ar ghnéithe struchtúracha agus eagrúcháin an churaclaim, spreag siad plé ar réimse níos leithne téamaí. In ainneoin nach bhfuil baint dhíreach ag na téamaí sin le hobair na Comhairle maidir leis an gcuraclam bunscoile a athfhorbairt, baineann an-tábhacht go deo leo maidir le machnamh ar an gcuraclam sin, pleanáil lena aghaidh agus tacú lena chur i ngníomh. Sa chuid deiridh seo, tugtar achoimre ar an chéad chéim eile d'obair na Comhairle maidir le hathbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar churaclam na bunscoile.

Caitheann páistí ocht mbliana ag an mbunscoil in Éirinn—níos mó blianta ná mar a chaitear in aon chéim oideachais ná in aon earnáil oideachais eile. Tá sé ina aidhm leis an gcuraclam bunscoile tacú le páistí le linn a n-óige aisti féin agus sna blianta atá rompu, ina mbeidh deiseanna agus dúshláin rompu nach fios dúinn go fóill céard iad agus nach mbeidh inchurtha, is dócha, san iomaí bealach le saol an lae inniu. Chun léargas níos fearr a thabhairt ar an ráiteas sin, i gcás páistí a tháinig nó a thiocfaidh ar an saol in 2018 agus a thosóidh ar an mbunscoil i mí Mheán Fómhair 2022/2023, cuirfear tús lena saol oibre i ndaichidí an chéid seo agus rachaidh siad ar scor amach sna 2080í. Is tábhachtach agus is ríthábhachtach í an cheist faoin gcineál curaclaim bunscoile a bheartóimid a fhorbairt do pháistí anois agus i gcomhair na mblianta atá amach romhainn; is maith an léargas a thugann an cheist sin ar an dearcadh atá againn i leith múinteoirí bunscoile agus páistí in Éirinn inniu agus ar na tuiscintí agus na boinn tuisceana atá againn faoin saol atá i ndán do na páistí. Cabhróidh na príomhthorthaí ón gcomhairliúchán a rinneadh le déanaí maidir le struchtúr an churaclaim agus am, mar aon le hobair atá déanta roimhe seo ag CNCM, ar nós na tosaíochtaí a aithint do churaclam bunscoile (2012), agus corpas fairsing taighde, chun cruth a chur ar an gcéad chéim eile den obair ar an gcuraclam bunscoile. Beidh an chéim sin dírithe den chuid is mó ar fhorléargas a fháil ar churaclam athfhorbartha, a ndéanfar mórchomhairliúchán poiblí ina leith in 2019.

Forléargas ar churaclam athfhorbartha

Ag tarraingt ar an taithí a bhaineann le forbairt *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* (2009) agus, le déanaí, *Creat don tSraith Shóisearach* (2015), tabharfar aghaidh sa dréacht-fhorléargas ar roinnt

ceisteanna lárnacha faoi churaclam, ar tháinig cuid acu chun cinn le linn an chomhairliúcháin ar struchtúr agus am. Ina measc siúd tá na gnéithe seo a leanas.

- **Cuspóir**—cé gur léirigh na pléití a rinneadh mar chuid den chomhairliúchán go mbaineann ábharthacht go fóill le trí aidhm leathana churaclam na bunscoile⁵, éilíodh soiléiriú a dhéanamh ar an méid is ceart do churaclam athfhorbartha a dhéanamh ar mhaithe le haistear oideachais an pháiste, ag cur san áireamh forbairtí beartais i mblianta na luath-óige agus sa tsraith shóisearach.
- **Luachanna agus prionsabail**—léiríodh an éagsúlacht atá ag dul i dtreise i measc phobal na ndaltaí sna bunscoileanna ina lán de na seisiúin phlé le linn an chomhairliúcháin. Fágann an saibhreas éagsúlachta sin nach mór cur síos soiléir a dhéanamh ar luachanna i gcuraclam athfhorbartha, agus ar na prionsabail lena dtacaítear leis, chun féachaint chuige gur do *gach* páiste an curaclam agus go bhfreastalaíonn sé ar shuibhreas iomlán na héagsúlachta agus ar réimse iomlán na riachtanas breise.
- **Tosaíochtaí uileghabhálacha**—ó foilsíodh an curaclam bunscoile in 1999, tá dul chun cinn tábhachtach déanta maidir leis an gcuraclam i mblianta na luath-óige, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Cé gur sna hearnálacha sonracha a tharla an dul chun cinn sin, bhí roinnt scileanna/inniúlachtaí leathana, uileghabhálacha i gcoiteann acu go léir—forbairt a dhéanamh ar fholláine na bpáistí, ar a gcumarsáid agus a smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, ar a gcumas a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile, agus ar a gcuid scileanna litearthachta agus uimhearthachta—chomh maith le tosaíochtaí a bhaineann le forbairt méine, forbairt eolais agus forbairt tuisceana, luachanna agus meonta. Le hathfhorbairt an churaclaim bunscoile, tá an deis againn a aithint cad é is aidhm don churaclam, ina iomláine, a bhaint amach do pháistí.
- **Cineálacha cur chuige teagaisc**—díríodh aird sna tograí comhairliúcháin ar an mborradh atá tagtha le blianta beaga anuas ar an taighde maidir le foghlaim agus forbairt páistí agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis sin chun tuiscint níos iomláine a fháil ar *conas* is féidir tacú le gach páiste agus é nó i mbun foghlama. Le curaclam athfhorbartha bunscoile, tá an deis ann

